Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2008

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Is í an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) comhlachta reachtúil a chosnaíonn an comhshaol do mhuintir na tíre go léir. Rialaímid agus déanaimid maoirsiú ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh truailliú a chruthú murach sin. Cinntímid go bhfuil eolas cruinn ann ar threochtaí comhshaoil ionas go nglactar aon chéim is gá. Is iad na príomh-nithe a bhfuilimid gníomhach leo ná comhshaol na hÉireann a chosaint agus cinntiú go bhfuil forbairt inbhuanaithe.

Is comhlacht poiblí neamhspleách í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) a bunaíodh i mí Iúil 1993 faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. Ó thaobh an Rialtais, is í an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil a dhéanann urraíocht uirthi.

ÁR BHFREAGRACHTAÍ

CEADÚNÚ

Bíonn ceadúnais á n-eisiúint againn i gcomhair na nithe seo a leanas chun a chinntiú nach mbíonn astuithe uathu ag cur sláinte an phobail ná an comhshaol i mbaol:

- áiseanna dramhaíola (m.sh., líonadh talún, loisceoirí, stáisiúin aistrithe dramhaíola);
- gníomhaíochtaí tionsclaíocha ar scála mór (m.sh., déantúsaíocht cógaisíochta, déantúsaíocht stroighne, stáisiúin chumhachta);
- diantalmhaíocht;
- úsáid faoi shrian agus scaoileadh smachtaithe Orgánach Géinathraithe (GMO);
- mór-áiseanna stórais peitreail.

FEIDHMIÚ COMHSHAOIL NÁISIÚNTA

- Stiúradh os cionn 2,000 iniúchadh agus cigireacht de áiseanna a fuair ceadúnas ón nGníomhaireacht gach bliain.
- Maoirsiú freagrachtaí cosanta comhshaoil údarás áitiúla thar sé earnáil - aer, fuaim, dramhaíl, dramhuisce agus caighdeán uisce.
- Obair le húdaráis áitiúla agus leis na Gardaí chun stop a chur le gníomhaíocht mhídhleathach dramhaíola trí comhordú a dhéanamh ar líonra forfheidhmithe náisiúnta, díriú isteach ar chiontóirí, stiúradh fiosrúcháin agus maoirsiú leigheas na bhfadhbanna.
- An dlí a chur orthu siúd a bhriseann dlí comhshaoil agus a dhéanann dochar don chomhshaol mar thoradh ar a ngníomhaíochtaí.

MONATÓIREACHT, ANAILÍS AGUS TUAIRISCIÚ AR AN GCOMHSHAOL

- Monatóireacht ar chaighdeán aeir agus caighdeáin aibhneacha, locha, uiscí taoide agus uiscí talaimh; leibhéil agus sruth aibhneacha a thomhas.
- Tuairisciú neamhspleách chun cabhrú le rialtais náisiúnta agus áitiúla cinntí a dhéanamh.

RIALÚ ASTUITHE GÁIS CEAPTHA TEASA NA HÉIREANN

- Cainníochtú astuithe gáis ceaptha teasa na hÉireann i gcomhthéacs ár dtiomantas Kyoto.
- Cur i bhfeidhm na Treorach um Thrádáil Astuithe, a bhfuil baint aige le hos cionn 100 cuideachta atá ina mór-ghineadóirí dé-ocsaíd charbóin in Éirinn.

TAIGHDE AGUS FORBAIRT COMHSHAOIL

- Taighde ar shaincheisteanna comhshaoil a chomhordú (cosúil le caighdéan aeir agus uisce, athrú aeráide, bithéagsúlacht, teicneolaíochtaí comhshaoil).

MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL

- Ag déanamh measúnú ar thionchar phleananna agus chláracha ar chomhshaol na hÉireann (cosúil le pleananna bainistíochta dramhaíola agus forbartha).

PLEANÁIL, OIDEACHAS AGUS TREOIR CHOMHSHAOIL

- Treoir a thabhairt don phobal agus do thionscal ar cheisteanna comhshaoil éagsúla (m.sh., iarratais ar cheadúnais, seachaint dramhaíola agus rialacháin chomhshaoil).
- Eolas níos fearr ar an gcomhshaol a scaipeadh (trí cláracha teilifíse comhshaoil agus pacáistí acmhainne do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna).

BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA FHORGHNÍOMHACH

- Cur chun cinn seachaint agus laghdú dramhaíola trí chomhordú An Chláir Náisiúnta um Chosc Dramhaíola, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na dTionscnamh Freagrachta Táirgeoirí.
- Cur i bhfeidhm Rialachán ar nós na treoracha maidir le Trealamh Leictreach agus Leictreonach Caite agus le Srianadh Substaintí Guaiseacha agus substaintí a dhéanann ídiú ar an gcrios ózóin.
- Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dramhaíl Ghuaiseach a fhorbairt chun dramhaíl ghuaiseach a sheachaint agus a bhainistiú.

STRUCHTÚR NA GNÍOMHAIREACHTA

Bunaíodh an Ghníomhaireacht i 1993 chun comhshaol na hÉireann a chosaint. Tá an eagraíocht á bhainistiú ag Bord lánaimseartha, ar a bhfuil Príomhstiúrthóir agus ceithre Stiúrthóir. Tá obair na Gníomhaireachta ar siúl trí ceithre Oifig:

- An Oifig Aeráide, Ceadúnaithe agus Úsáide Acmhainní
- An Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil
- An Oifig um Measúnacht Comhshaoil
- An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáide

Tá Coiste Comhairleach ag an nGníomhaireacht le cabhrú léi. Tá dáréag ball air agus tagann siad le chéile cúpla uair in aghaidh na bliana le plé a dhéanamh ar cheisteanna ar ábhar imní iad agus le comhairle a thabhairt don Bhord.

EPA TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS 2008

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Cé go ndearnadh gach iarracht chun cruinneas an ábhair san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a ráthú. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná an t-údar/na húdair le haon fhreagracht ar bith as cailliúint nó damáiste a tharlódh, nó a d'éileofaí gur tharla, mar iarmhairt, i bpáirt nó go hiomlán, ar ghníomhú aon duine nó mainneachtain chun gníomhú aon duine, mar thoradh ar ábhar a fhaightear san fhoilseachán seo. Is féidir an foilseachán iomlán seo nó cuid de a atáirgeadh gan a thuilleadh ceada, ar choinníoll go n-aithnítear an fhoinse.

CONTENTS

Ráiteas an Ard-Stiúrthórat 4

Misin, Fís, Luacha, Cuspóirí 12

Struchtúr Eagraíochta an EPA 14

Bord Stiúrthóirí an EPA 15

Coiste Comhairleach an EPA 16

CUID 1

Athbhreithniú ar Oibríochtaí 17

An Oifig um Aeráid, Cheadúnú agus Úsáid Acmhainní 18

An Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil 26

An Oifig um Measúnacht Comhshaoil 32

CUID 2

Eagraíocht Ardfheidhmíochta a Fhorbairt 44

An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha 45

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 52

AGUISÍN 1

Foilseacháin an EPA 2008 54

CUID 3

Ráitis Airgeadais 56

RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA

RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA

Fáilte chuig Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) do 2008. Cuireann an tuarascáil seo sonraí ar fáil faoi fheidhmeanna atá comhlíonta i rith na bliana, chomh maith le ráitis airgeadais.

Bhí bliain an-ghnóthach agus dhúshlánach ag an EPA in 2008. Ag tús na bliana, ba bheag comhartha a bhí ann go raibh géarchéim eacnamaíochta amach romhainn ar an scála a chonacthas le roinnt míonna anuas. Tá dúshláin chomhshaoil, i dteannta leis na dúshláin airgeadais sin, fós le sárú in Éirinn agus ar fud an domhain mar sin féin. Caithfear aghaidh a thabhairt fós ar cheist an athraithe aeráide; caithfear athchóiriú a dhéanamh ar ár n-uiscí agus gnáthóga áit a bhfuil damáiste déanta; agus iad a chosaint nuair atá bail mhaith orthu; caithfidh gach earnáil den gheilleagar a tionchar ar an gcomhshaol a laghdú agus caithfear cloí leis na dlíthe agus na comhaontuithe comhshaoil atá ag méadú i gcónaí. Seo iad na dúshláin ar fad a gcaithfear déileáil leo ar bhonn leanúnach cé go bhfuil cúrsaí eacnamaíochta ag éirí níos measa.

Táim dóchasach, mar sin féin, go n-éireoidh linn na dúshláin sin a shárú agus go bhfuil deiseanna eacnamaíochta suntasacha ann d'Éirinn le bheith ina geilleagar ísealcharbóin agus níos glaise. Is acmhainn straitéiseach atá tábhachtach don tír é comhshaol na hÉireann a chaithfear a chosaint, a bhainistiú agus infheistiú a dhéanamh ann chun sochaí shláintiúil agus geilleagar láidir a shlánú sa todhchaí. Tá ról tábhachtach ag an EPA deimhin a dhéanamh de go bhfuil cosaint agus feabhsú comhshaoil na hÉireann lárnach i gcónaí agus táim ag tnúth le ceannaireacht a dhéanamh ar an EPA sna laethanta dúshlánacha amach romhainn.

Tá fís fhadtéarmach leagtha amach ag an EPA do chomhshaol na hÉireann ina straitéis chorparáideach *2020Vision*. Shocraigh an fhís spriocanna do chomhshaol na hÉireann faoi na ceannteidil seo a leanas: athrú aeráide a shrianadh agus oiriúnú dó, aer glan, acmhainní uisce cosanta, ithir chosanta agus bithéagsúlacht, úsáid inbhuanaithe acmhainní agus comhtháthú agus forfheidhmiú.

Tá obair na Gníomhaireachta ag teacht leis an bhfís seo. Is spriocanna dúshlánacha iad seo agus tá an EPA anois ag dul i dteagmháil le heagraíochtaí agus daoine aonair eile chun bealaí a fháil le gluaiseacht sa treo ceart. I rith 2009 agus sna blianta amach romhainn, beidh sé níos tábhachtaí comhaontais agus líonraí a bhunú le grúpaí agus eagraíochtaí eile toisc raon leathan na ngníomhaithe atá bainteach le cosaint an chomhshaoil, agus beidh ról ag an EPA maidir le forbairt agus feidhmiú na gcomhghuaillíochtaí seo a éascú.

Cuireann an staid eacnamaíochta nua dualgas ar eagraíochtaí na hearnála poiblí a bheith níos éifeachtaí ag úsáid acmhainní ganna. Go simplí, caithfimid a bheith ábalta níos mó a dhéanamh le níos lú acmhainní agus táim tiomanta do dheimhin a dhéanamh de go leanfaidh an EPA le bheith ina eagraíocht a thugann luach maith ar airgead. Táim tiomanta freisin do dheimhin a dhéanamh de go leanfaidh an EPA le bheith ina eagraíocht a chuireann béim láidir ar sheirbhís phoiblí agus atá bródúil as seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dá bpáirtithe leasmhara uile.

COMHSHAOL NA HÉIREANN 2008

I mí Dheireadh Fómhair 2008, d'fhoilsigh an EPA a tuarascáil ar 'staid an chomhshaoil', *Comhshaol na hÉireann 2008*. Is tuarascáil cheannródaíoch í seo ón EPA a thugann measúnú cuimsitheach fadréimseach, atá bunaithe ar fhianaise, ar chomhshaol nádúrtha na hÉireann. Rinne an tuarascáil seo scála na ndúshlán in Éirinn a aibhsiú agus léiríonn sí go bhfuil an comhshaol ina acmhainn faoi bhagairt. Rinne an tuarascáil ceithre phríomhdhúshlán a aithint a gcaithfear déileáil leo in Éirinn sna blianta amach romhainn. Ar na dúshláin seo tá:

1. Athrú aeráide a shrianadh agus a oiriúnú;
2. Díghrádú an chomhshaoil a aisiompú – go háirithe maidir le truailliú uisce agus stádas caomhnaithe na ngnáthóg;
3. Breithnithe comhshaoil a phríomhshruthú in earnálacha uile an gheilleagair, agus;
4. Cloí leis an reachtaíocht agus leis na comhaontuithe comhshaoil.

Seo an ceathrú Tuarascáil ar 'staid an chomhshaoil' atá foilsithe ag an nGníomhaireacht óna céad thuarascáil in 1996. Is é an tairbhe a bhaintear as tuairisciú den chineál seo ná go gcuireann sé ar ár gcumas na treochtaí i gcáilíocht an chomhshaoil a thaifeadadh le himeacht ama agus féachaint ar na dúshláin atá amach romhainn maidir le comhshaol dea-cháilíochta a chothabháil. Chlúdaigh na tuarascálacha seo tréimhse foráis eacnamaíoch gan fasach in Éirinn agus is deas a thuairisciú, cé go bhfuil mórán fadhbanna againn agus mórán brú ar an gcomhshaol, go bhfuil cáilíocht mhaith go ginearálta ar chomhshaol na hÉireann den chuid is mó. Mar sin féin, níor chóir a bheith bogásach agus caithfear leanúint ag obair go crua lenár gcomhshaol a chosaint nuair atá bail mhaith air agus díghrádú comhshaoil a aisiompú nuair atá a leithéid tar éis tarlú, go háirithe maidir le truailliú uisce agus gnáthóga. Tá gá le hinfheistíocht leanúnach sa bhonneagar comhshaoil lena n-áirítear cóireáil dramhuisce, cóireáil uisce óil, bainistíocht abhantrach agus bainistíocht dramhaíola mar caithfidh Éire teacht suas leis na caighdeáin atá i bhfeidhm sna réimsí seo. Bíonn sé níos tábhachtaí a chinntiú go ndéantar infheistiú sna réimsí atá riachtanach i gcúinsí eacnamaíochta níos deacra; don chóireáil dramhuisce, mar shampla, ciallaíonn sé tús áite a thabhairt d'infheistíocht sna réimsí ina bhfuil an riosca truaillithe is airde. Cabhraíonn tuairisciú ar 'Staid an chomhshaoil' leis an Stát chun cinntí infheistíochta a dhéanamh bunaithe ar fhianaise eolaíochta iontaofa.

TAIGHDE & NUÁLAÍOCHT CHOMHSHAOIL

Bíonn ról luachmhar ag forbairtí in eolaíocht, taighde agus nuálaíocht i gcosaint an chomhshaoil. Is féidir le taighde ardchaighdeáin an bonn a sholáthar trína ndéanfar cinntí fónta, cé gur féidir le teicneolaíocht agus nuálaíocht réitigh cheannródaíocha atá luachmhar a sholáthar ar fhadhbanna comhshaoil. Ciallaíonn castacht na gceisteanna reatha agus cinn atá ag teacht chun cinn, agus an raon tosca cúisíocha, go gcaithfidh an cineál eolais is féidir a sheachadadh trí chlár córasach de thaighde comhshaoil, taca a chur faoi bheartais chomhshaoil nua-aimseartha. Tá straitéis taighde (STRIVE) an EPA dírithe ar eolas eolaíochta den scoth a sholáthar chun an comhshaol nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú.

Foilsíodh raon tuarascálacha ardphróifíle i rith 2008, a sholáthraíonn ionchur ar fhorbairt beartas agus a thacaíonn le forfheidhmiú na reachtaíochta AE in Éirinn. Thionóil an EPA mórchomhdháil náisiúnta chomh maith, a léirigh réimse agus scóip an taighde agus na nuálaíochta comhshaoil atá maoinithe ag an EPA le roinnt blianta anuas. Lena chois sin, bhronn an clár STRIVE dámhachtainí ar thionscadail taighde nua chun déileáil le mórthosaíochtaí comhshaoil maidir le bainistíocht dramhaíola agus acmhainní, an comhshaol agus sláinte, forbairt inbhuanaithe agus teicneolaíochtaí comhshaoil. Lean sé lena chlár freisin chun cumas taighde comhshaoil a bhunú in Éirinn trí dheontais a sholáthar i gcomhair PhD'anna, Máistreachtaí agus ánrachtaí iardhochtúireachta nua. Le linn 2008 chonacthas líon tionscadal taighde ar theicneolaíochtaí comhshaoil ag teacht chun críche, atá ina réimse tosaíochta do chlár taighde an EPA le blianta beaga anuas. Cuirfidh na tionscadail seo eolas díreach ar fáil do phlean náisiúnta na dteicneolaíochtaí comhshaoil agus tabharfaidh siad tacaíocht don 'Gheilleagar Glas Stuama'. Chomh maith leis sin d'fhoilsigh an EPA torthaí óna Chlár Táirgthe Níos Glaine Níos Glaise, atá dírithe ar thionscal, a chuireann éicéifeachtacht níos fearr chun cinn i ngnólachtaí in Éirinn. Léirigh na torthaí buntáistí dearfacha don chomhshaol le laghduithe ar dhramhaíl agus dhramhuisce agus in úsáid fuinnimh, chomh maith le coigilt airgid shuntasach d'eagraíochtaí rannpháirteacha, a léiríonn conas is féidir le cosaint an chomhshaoil agus forbairt eacnamaíoch feidhmiú lámh le lámh.

Mar chuid den chlár taighde, tá an EPA ag obair freisin leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) agus Teagasc chun bealach nua a fhorbairt le réamh-mheas a dhéanamh ar an mbealach ina mbeidh tionchar ag forbairtí eacnamaíocha agus sóisialta ar an gcomhshaol. Cuireadh na chéad torthaí den tionscadal seo, ar a tugtar tionscadal ISus (Samhail Forbartha Inbhuanaithe na hÉireann), i láthair in *Ireland's Environment 2008* agus in Athbhreithniú Meántréimhse 2008-2015 an ESRI. Cuireann an múnla ar ár gcumas réamh-mheas a dhéanamh ar thionchar na bhforbairtí eacnamaíochta agus sóisialta amach

anseo ar tháirgeadh dramhaíola agus ar ghiniúint na substaintí a d'fhéadfadh a bheith truaillithe amhail gáis aigéadaithe agus gáis cheaptha teasa. Ligeann sé dúinn múnlú a dhéanamh ar shaincheisteanna amhail an tionchar féideartha a bheadh ag méadú cánach do líonadh talún ar an gcomhshaol. Cé nach féidir nithe sa todhchaí a thuar go cinnte riamh, cabhróidh an uirlis nua seo linn chun cinntí a dhéanamh bunaithe ar fhaisnéis faoin mbealach is fearr chun déileáil le comhshaol na hÉireann amach anseo. Tá sé beartaithe againn leanúint leis an obair cheannródaíoch seo leis an ESRI. Feicimid gur bealach nithiúil é seo le breithnithe comhshaoil a phríomhshruthú in earnálacha uile an gheilleagair.

ATHRÚ AERÁIDE

Tá athrú aeráide ar an dúshlán aonair is mó ar fud an domhain agus tá dúshláin dheacra le sárú in Éirinn sna blianta atá romhainn. Tá dúshlán ann ar dhá bhealach: astuithe gáis cheaptha teasa a ghearradh agus muid féin a chosaint ó iarmhairtí dosheachanta an athraithe aeráide. Chun astuithe gáis cheaptha teasa a ghearradh, caithfear laghdú radacach a dhéanamh ar spleáchas na mbreoslaí iontaise agus éifeachtacht agus caomhnú fuinnimh a fheabhsú go radacach. Toisc go bhfuil spleáchas neamhghnách againn ar bhreoslaí iontaise mar fhoinse fuinnimh, teasa agus iompair, agus an droch-chlú atá orainn maidir le héifeachtacht agus caomhnú fuinnimh san earnáil teaghlaigh, ní tasc éasca atá anseo agus tógfaidh sé roinnt ama é a bhaint amach. Caithfidh gach earnáil den eacnamaíocht in Éirinn na hoiriúnuithe cuí a dhéanamh a thabharfaidh laghduithe breisíochtúla ar astuithe carbóin agus a thabharfaidh Éire i dtreo todhchaí ísealcharbóin.

Lena chois sin, caithfimid tosú ag pleanáil d'athruithe aeráide is dóigh a tharlóidh fiú amháin má éiríonn linn laghduithe ollscála a dhéanamh ar astuithe carbóin. Trí thaighde arna mhaoiniú ag an EPA, táimid ábalta a fheiceáil conas mar a bhreathnódh Éire de bharr méadaithe teochta cruthaithe ag athrú aeráide. Is cosúil go bhfuilimid ag druidim le staid ina mbeidh na héagsúlachtaí réigiúnacha idir iarthar agus oirthear na tíre níos aiceanta le breis báistí san iarthar agus níos lú báistí san oirthear. Le méadú féideartha ar leibhéal na farraige agus cúinsí aimsire níos géire ag tarlú níos minice, beidh bainistíocht uiscí agus cósta ina mórcheisteanna don todhchaí. Ciallaíonn sé seo go mbeidh ar na húdaráis phleanála tús áite a thabhairt d'athrú aeráide nuair atá pleananna forbartha á n-ullmhú ionas gur féidir laghdú carbóin agus straitéisí oiriúnaithe aeráide a chur san áireamh go hiomlán. Beidh faisnéis iontaofa agus taighde ardchaighdeáin riachtanach nuair atá na pleananna seo á ndréachtú.

Beidh ról leanúnach ag an EPA i ndéileáil le hathrú aeráide trí fhaisnéis iontaofa a sholáthar ar astuithe gáis cheaptha teasa, i láthair na huaire agus sa todhchaí, agus i leanúint le forfheidhmiú na scéime trádála astuithe. Lena chois sin, leanfaidh an EPA ag comhordú agus ag maoiniú taighde ar athrú aeráide, chun tacaíocht a thabhairt do rialtas na hÉireann ag an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus chun feasacht a mhúscailt ar cheisteanna atá le sárú in Éirinn. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh faisnéis agus taighde ardchaighdeáin mar bhunús leis na cinntí a dhéantar chun todhchaí ísealcharbóin a bhaint amach agus i dtreo is go mbeidh páirt níos mó ag an bpobal sa phróiseas seo.

BAINISTÍOCHT & COSAINT UISCE

Ba bhliain shuntasach í 2008 don EPA maidir le bainistíocht agus cosaint uisce. Lean an EPA ag seachadadh a gcuid tiomantas faoin gCreat-Treoir Uisce, atá ina phríomhghníomhaí a spreagann bainistíocht agus cosaint uisce go meántéarmach. Bhí 2008 ar an gcéad bhliain go raibh cumhachtaí maoirseachta againn ar tháirgeadh an uisce óil ag údaráis phoiblí, agus an chéad bhliain a tosaíodh ag ceadúnú doirte camrais. Seo dhá bheart fíorshuntasach, a chabhróidh tar éis tamaill le bainistíocht agus cosaint uisce a fheabhsú in Éirinn, cáilíocht uisce a fheabhsú agus soláthar comhsheasmhach agus dea-chosanta uisce óil dea-cháilíochta. Cuirtear fáilte go háirithe roimh cheadúnú doirte cóireála dramhuisce, toisc gurb iad seo na pointí doirte neamhrialaithe is mó a bhí fágtha sa chomhshaol uisceach.

Tá leibhéal do-ghlactha neamhghéilliúntais ann maidir le caighdeáin uisce óil agus caighdeáin na cóireála dramhuisce. Tá impleachtaí móra aige seo ar shaol na ndaoine nuair nach mbíonn uisce óil dea-cháilíochta ar fáil agus ar cháilíocht ár n-aibhneacha, locha, inbhir agus screamhuiscí nuair atá siad éillithe le camras nach bhfuil cóireáilte i gceart. Beartaíonn an EPA a gcumhachtaí nua faoin reachtaíocht seo a úsáid go hiomlán chun feabhsuithe a bhrú ar aghaidh maidir le cóireáil agus soláthar an uisce óil agus le cóireáil camrais. Mar sin féin, caithfear a thabhairt faoi deara nach dtarlóidh na feabhsuithe seo thar oíche agus tá mórán cásanna ag brath ar infheistíocht i saoráidí nua agus reatha, atá ag tarlú trí chlár infheistíochta seirbhísí uisce na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

CEADÚNÚ AGUS FORFHEIDHMIÚ

Ba bhliain ghnóthach í 2008 ó thaobh an cheadúnaithe agus an fhorfheidhmithe de. I réimse an cheadúnaithe, rinneadh 52 cinneadh deiridh maidir le hiarratais ar cheadúnais, lena n-áirítear ceadúnas dramhaíola a thabhairt do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le haghaidh loisceora tar éis Éisteacht ó Bhéal. Tharla Éisteacht ó Bhéal freisin maidir le líonadh talún nua a bhí molta i bhFine Gall, a léiríonn go bhfuil soláthar bonneagair saoráidí mórdhramhaíola ina chnámh spairne sa phobal i gcónaí. Táthar ag súil le cinneadh deiridh in 2009. Thosaigh an EPA ar cheadúnú doirte dramhuisce uirbigh i rith 2008 agus eisíodh 10 gceadúnas. Le linn 2008, lean Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil an EPA ar aghaidh ag úsáid a cuid cumhachtaí forfheidhmiúcháin chun ceadúnais EPA a fhorfheidhmiú agus chun forfheidhmiú feabhsaithe agus níos comhleanúnaí a spreagadh i measc údarás áitiúil. Thóg an EPA 20 ionchúiseamh chuig leibhéal na Cúirte Dúiche i rith 2008 agus ullmhaíodh trí chomhad do Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí.

Chuir imeachtaí domhanda le déanaí béim ar thábhacht na rialála cuí. Is minic a fheictear do dhaoine gurb ualach rialála gan rath iad an ceadúnú agus an forfheidhmiú comhshaoil agus an iarracht a dhéantar chun dea-stádas comhshaoil a bhaint amach. Mar sin féin, tá rialáil mar seo ag teastáil más mian linn comhshaol ardchaighdeáin a bheith againn. Tiomnaíonn rath na gcóras ceadúnaithe EPA don mhéid seo, le tromlach na gceadúnaithe ag comhlíonadh a gceadúnas den chuid is mó agus gan a bheith ina bhfoinse gearáin nó núise do dhaoine atá ag obair nó ina gcónaí béal dorais. Tá na deacrachtaí a bheidh ag ceadúnaithe áirithe in 2009 ar eolas ag an EPA agus oibreofar leo agus lena n-eagraíochtaí ionadaíochta lena chinntiú go leanfar le cosaint an chomhshaoil ar bhealach costéifeachtach. Leanfaimid orainn freisin ag úsáid cur chuige atá bunaithe ar riosca i leith an fhorfheidhmithe, a chiallaíonn go ndíreoidh an EPA a n-iarrachtaí forghníomhaithe nuair atá an riosca is mó don chomhshaol agus leanfaimid ag cinntiú go dtógfar na ciontóirí seasta os comhair na gCúirteanna lena ngníomhaíochtaí a mhíniú.

BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA AGUS ÚSÁID INBHUANAITHE ACMHAINNÍ

I rith 2008, d'fhoilsigh an EPA an dara *Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach*. Déanann an Plean 29 moladh a dhéanfaidh na nithe seo a leanas nuair a dhéantar iad a fhorfheidhmiú: giniúint na dramhaíola guaisí a laghdú, cinntiú go mbíonn dramhaíl ghuaiseach bailithe agus bainistithe mar is cuí, féindóthain na hÉireann i mbainistíocht na dramhaíola guaisí a mhéadú, agus déileáil le leagáid agus éilliú na gcleachtas roimhe seo a bhain le hábhair ghuaiseacha. Beidh an EPA chun tosaigh maidir le cuid mhór de mholtaí an Phlean a chur i bhfeidhm chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm iomlán an phlean.

Tharraing an EPA aird freisin ar na deacrachtaí a bheidh i gceist d'Éirinn le spriocanna a bhaint amach maidir le hatreorú na dramhaíola cathrach in-bhithmhillte ón líonadh talún agus leagadh amach roinnt roghanna chun déileáil leis an tsaincheist sin. Is mórcheist a bheidh inti seo d'Éirinn sna blianta amach romhainn. Caithfear ár spleáchas ar líonadh talún mar phríomhbhealach diúscartha do dhramhaíl chathrach a laghdú. Tá a mhalairt de bhonneagair chun déileáil le dramhaíl in-bhithmhillte ag teastáil go géar.

Mar a bhaineann le cosc ar dhramhaíl, tá dul chun cinn láidir déanta ar fhorfheidhmiú an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl. Lean Clár Taispeántais na nÚdarás Áitiúil maidir leis an gCosc, atá ag feidhmiú i gceithre limistéar déag de chuid na n-údarás áitiúil anois, le comhdháil náisiúnta a tionóladh i mí Feabhra chun aird a tharraingt ar na torthaí coiscthe a baineadh amach. Tá aschuir phraiticiúla agus úsáideacha á ghiniúint tríd an gclár seo anois cosúil leis an leabhrán faoi chosc ar dhramhaíl ar fheirmeacha arna fhoilsiú ag Comhairle Contae Mhuineacháin.

Seoladh Tionscnamh Gnólachtaí Glasa dar teideal Greenbusiness.ie in 2008 freisin cuireadh uirlisí iniúchta gréasán-bhunaithe agus iniúchtaí rúnda saor in aisce ar an láthair ar fáil do gach gnólacht. Is cur chuige nuálaíoch um chosc ar dhramhaíl agus éifeachtacht acmhainne in Éirinn í an tseirbhís chomhairleach saor in aisce do ghnólachtaí. Tá Greenbusiness.ie díthe den mhórchuid ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide, comhlachtaí poiblí agus eagraíochtaí eile. Lean Clár na dTithe Glasa le An Taisce ag fás go láidir i rith 2008 le 9,000 teaghlach nua mar spriocanna aige. Is cuspóirí tábhachtacha iad cosc ar dhramhaíl agus éifeachtacht acmhainne do gach earnáil sa tsochaí mar tá buntáistí eacnamaíocha ann chomh maith le tairbhí don chomhshaol.

CEISTEANNA CORPARÁIDE

Chonacthas athrú suntasach ar líon na mball foirne san EPA in 2008 agus caoga post breise chun cumasú dóibh feidhmeanna agus freagrachtaí nua a chur i bhfeidhm. Chuir Aonad Acmhainní Daonna an EPA 35 feachtas earcaíochta i bhfeidhm in 2008. Bhí 340 ball foirne ann ag deireadh na bliana.

Tá an EPA tiomanta don fhorbairt agus oiliúint foirne, agus leanadar ag forfheidhmiú a gClár Forbartha Foirne in 2008, a chuireann ar chumas rannpháirtithe na príomh-mhodhanna oibre agus gníomhaíochta sin a aithint agus a fhorbairt atá riachtanach chun lánchumas a bhaint amach sna róil atá acu faoi láthair agus sna róil a bheidh acu amach anseo. Cuireadh tús le Clár Feasachta um Éagsúlacht agus Míchumas do bhaill foirne in 2008 agus lean an EPA ag tacú le baill foirne chun breisoideachas a leanúint ina n-am féin.

Arís in 2008, lean an EPA le hiniúchtaí inmheánacha faoi stiúir an Choiste Iniúchta Inmheánaigh. Bunaíodh an Coiste faoin gCód Cleachtais ó thaobh Rialachas na gComhlachtaí Stáit, a tionóladh ceithre chruinniú in 2008. Cuireadh ceithre iniúchadh inmheánacha i bhfeidhm i rith na bliana lena n-áirítear na réimsí: Córais Faisnéise, Bainistiú Teagmhas, Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe, agus Sócmhainní Seasta, Caiteachas Caipitiúil & Mionairgead. D'fhorbair an Coiste Iniúchta Inmheánaigh agus Bord an EPA Plean Iniúchta Inmheánaigh chun an tréimhse 2019 2010 a chlúdach, agus glacadh leis. Áirítear sna hiniúchtaí atá sceidealta do 2009 athbhreithniú ar iniúchadh inmheánach, luach ar airgead, taisteal agus cothabháil, agus athbhreithniú ar úsáid sainchomhairleoirí san EPA.

Ar deireadh, ba mhaith liom ómós speisialta a thabhairt don Dr. Padraic Larkin a d'imigh ar scor mar Stiúrthóir an EPA in Aibreán 2008, tar éis dó fónamh leis an EPA ó bhunú na gníomhaireachta in 1993 agus a d'oibrigh go cruógach i gcónaí ar shaincheisteanna caomhnaithe an chomhshaoil. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh an Uasal Micheál Ó Cinnéide a thosaigh mar chomhalta ar Bhord an EPA i Lúnasa 2008.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le foireann uile an EPA, leis na Stiúrthóirí, le Coiste Comhairleach an EPA, leis an gCoiste Iniúchta Inmheánaigh, leis an gCoiste Comhairleach um GMO, leis an nGrúpa Comhairleach um Leithdháileadh Náisiúnta, leis an gCoiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl agus le Coiste Stiúrtha an Líonra Forfheidhmiúcháin agus grúpaí éagsúla eile a thug comhairle dúinn agus a chabhraigh linn, as a dtacaíocht agus a dtiomantas le linn na bliana agus as a gcuid díograise ó thaobh an comhshaol a chaomhnú. Caithfear buíochas ar leith a ghabháil leis an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil as a thacaíocht don EPA in 2008 agus don iomaí oifigeach óna Roinn a oibríonn go dlúth linn.

Mary Kelly

Mary Kelly
Ard-Stiúrthóir, EPA

MISEAN, FÍS, LUACHANNA AGUS CUSPÓIRÍ

IS É ÁR MISEAN NÁ:

An comhshaol nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú don ghlúin seo agus do ghlúine na todhchaí, agus prionsabail chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha na forbartha inbhuanaithe á gcur san áireamh.

IS Í ÁR BHFÍS NÁ A BHEITH:

- Mar ghníomhaí cumhachtach i gcomhair athraithe, idir dhearcadh i leith an chomhshaoil agus ghníomhartha um chaomhnú comhshaoil;
- Mar eagraíocht a oibríonn le saincheisteanna comhshaoil a chur i gcroílár na bpróiseas cinnteoireachta idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúil;
- Mar eagraíocht inchreidte agus urramaithe a labhraíonn go misniúil ar son chaomhnú an chomhshaoil;
- Mar eagraíocht de scoth an domhain a mbíonn daoine bródúil as a bheith ag obair inti.

IS IAD ÁR LUACHANNA NÁ:

- Ionracas, neamhspleáchas agus gairmiúlacht;
- Seirbhís dár bpáirtithe leasmhara;
- Luach ar Airgead;
- Urraim agus tacaíocht do chomhghleacaithe;
- Toilteanas foghlama.

IS IAD ÁR SPRIOCANNA NÁ:

Socraíodh spriocanna comhshaoil in 2020 Vision faoi na ceannteidil seo a leanas: athrú aeráide a shrianadh agus oiriúnú dó, aer glan, acmhainní uisce caomhnaithe, ithir agus bithéagsúlacht chaomhnaithe, úsáid inbhuanaithe acmhainní agus comhtháthú agus forfheidhmiú. Is í an sprioc uileghabhálach na heagraíochta ná a bheith inár n-eagraíocht ardfheidhmíochta le daoine inniúla tiomanta, atá dírithe ar an gcustaiméir agus atá éifeachtach ó thaobh eagraíochta de agus a fheidhmíonn mar churadh comhshaoil.

Athrú Aeráide a Shrianadh agus Oiriúnú Dó – Bainfidh Éire amach laghduithe móra in astuithe gáis cheaptha teasa agus beidh sí ullamh le haghaidh tionchar dosheachanta an athraithe aeráide.

Aer Glan – Beidh aer na hÉireann sláintiúil glan. Bainfidh Éire amach na spriocanna idirnáisiúnta agus náisiúnta uile maidir le hastuithe san atmaisféar.

Acmhainní Uisce Caomhnaithe – Ní ídeofar ár n-uisce dromchla ná ár screamhuisce agus beidh sé de cháilíocht ard, ag comhlíonadh na gcaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta uile.

Ithir agus Bithéagsúlacht Chaomhnaithe – Cosnófar ithir na hÉireann ó éilliú agus ó chailliúint agus tacóidh sé le plandaí agus ainmhithe spleácha. Cosnófar agus bainisteofar ár mbithéagsúlacht le go mbainfidh na glúine amach romhainn taitneamh aisti.

Úsáid Inbhuanaithe Acmhainní – Is í an sprioc fhoriomlán atá againn ná úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní (uisce, fuinneamh agus ábhair). Cuirfear cosc ar dhramhaíl agus íoslaghdófar í, agus baileofar, athchúrsálfar nó aisghabhfar an chuid eile di. Déanfar an diúscairt deiridh ar bhealach nach ndéanfaidh dochar don chomhshaol.

Comhtháthú agus Forfheidhmiú – Beidh gnéithe comhshaoil ag croílár an cheaptha beartas agus na cinnteoireachta. Beidh iompraíocht chomhshaoil fhreagrach ina gnáthiompraíocht thar gach earnáil den tsochaí agus gearrfar pionóis ar aon duine nach gcomhlíonann na dlíthe comhshaoil.

Eagraíocht Ardfheidhmíochta a Fhorbairt – Is riachtanas leanúnach é na daoine agus na hacmhainní eagrúcháin a fhorbairt chun tacú lenár straitéis agus chun é sin a dhéanamh ní mór díriú ar cheithre phríomhréimse: Daoine Inniúla/Tiomanta; Laoch Comhshaoil; Dírithe ar Chustaiméirí agus Eagraíocht Éifeachtúil.

STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTA AN EPA



AN BORD STIÚRTHÓIRÍ

left to right

An Dr. Mary Kelly	*Ard-Stiúrthóir*
An Dr. Padraic Larkin	*Leas-Ard-Stiúrthóir agus Stiúrthóir ag Oifig an EPA um Aeráid, Cheadúnú agus Úsáid Acmhainní (go hAibreán 2008)*
An tUasal Larry Stapleton	*Leas-Ard-Stiúrthóir (ó Aibreán 2008), Stiúrthóir, na hOifige um Measúnacht Comhshaoil*
An tUasal Laura Burke	*An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha (go Lúnasa 2008, An Oifig um Aeráid, Ceadúnú agus Úsáid Acmhainní (ó Lúnasa 2008)*
An tUasal Dara Lynott	*Stiúrthóir, an Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil*
An tUasal Micheál Ó Cinnéide	*Stiúrthóir, An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha (ó Lúnasa 2008)*

COISTE COMHAIRLEACH

Tá Coiste Comhairleach ag an nGníomhaireacht le cabhrú léi. Tá dáréag ball air agus tagann siad le chéile le plé a dhéanamh ar cheisteanna ar ábhar imní iad agus le comhairle a thabhairt don Bhord. Bhí na daoine seo a leanas ar an gCoiste Comhairleach in 2008:

Cathaoirleach: An Dr. Mary Kelly	*(de bhrí oifige)*
An tUasal Katherine Walshe	*Comhairle Contae Chorcaí (ainmnithe ag IEI)*
An tUasal Jeanne Meldon	*Comhairleoir pleanála (ainmnithe ag Fáilte Ireland)*
An tUasal Marion Byron	*Pharmachemical Ireland (ainmnithe ag IBEC)*
An tUasal Donal Harte	*Feirmeoir (ainmnithe ag Cumann Soláthraithe Bainne Uachtarlainne)*
An tUasal Carmel Dawson	*Cathaoirleach, An Grianán (ainmnithe ag Bantracht na Tuaithe)*
An tUasal Willie Callaghan	*Comhairleoir i gComhairle Contae Chill Dara (ainmnithe ag AMAI)*
An Dr. John Sweeney	*OÉ Má Nuad (ainmnithe ag Acadamh Ríoga na hÉireann)*
An tUasal Irene Sweeney	*Ionadaí pobail, An tInbhear Mór*
An tUasal John Buckley	*Ionadaí pobail, Cill Áirne*
An tUasal John Dillon	*Uachtarán a bheidh ag dul as oifig, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann*
An tUasal Seán Byrne	*Comhairle Thailte Arda Chill Mhantáin*

CUID 1 ATHBHREITHNIÚ AR OIBRÍOCHTAÍ

Leagtar réimse fairsing feidhmeanna agus dualgas ar an EPA maidir leis an gcomhshaol a chosaint. Tá sé freagrach as ceadúnú agus rialú áiseanna tionsclaíocha mórscála, áiseanna dramhaíola agus gléasraí cóireála dramhuisce uirbigh, maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar uisce óil ag soláthraithe uisce poiblí, maoirseacht, iniúchadh agus forfheidhmiú comhshaoil maidir leis na húdaráis áitiúla, monatóireacht, anailís agus tuairisciú comhshaoil, taighde comhshaoil náisiúnta a chomhordú, Treoir um Thrádáil Astuithe ón AE a chur i bhfeidhm, forfheidhmiú na reachtaíochta um Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach, an Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl a chomhordú agus Rialacháin an AE um Ídiú Ózóin a chur i bhfeidhm in Éirinn.

Chomh maith leis sin, tá ról tábhachtach ag an EPA i bhforfheidhmiú roinnt Treoracha AE, lena n-áirítear an Chreat-treoir Aeir, an Treoir um Measúnú Straitéiseach Comhshaoil agus an Chreat-treoir Uisce. Déanann an EPA comhordú ar ghníomhaíochtaí faoi ithreacha agus bhithéagsúlacht agus tá baint aige le réimse leathan gníomhaíochtaí ar leibhéal an AE agus idirnáisiúnta.

Is idir an Oifig um Aeráid, Cheadúnú agus Úsáid Acmhainní, an Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil agus an Oifig um Measúnacht Comhshaoil déantar na feidhmeanna sin a liostáiltear thuas ionas gur féidir leis an EPA a shainordú a chomhlíonadh. Tá cur síos breise ar fhreagrachtaí agus fheidhmeanna sonracha gach ceann de na hoifigí sin agus ar a gcuid gníomhaíochtaí in 2008 sa chuid seo.

Tacaíonn Oifig na Seirbhísí Cumarsáide agus Corparáide le hobair na nOifigí sin. Tugtar breis sonraí faoi obair na hOifige sin i Roinn 2 den tuarascáil seo.

AN OIFIG UM AERÁID, CHEADÚNÚ AGUS ÚSÁID ACMHAINNÍ

Tá sainchúram leathan ag an Oifig um Aeráid, Cheadúnú agus Úsáid Acmhainní, lena n-áirítear ceadúnú áiseanna móra tionsclaíocha agus scaoileadh amach dramhuisce a dhéanann an tAonad Ceadúnaithe. Tá an tAonad um Athrú Aeráide freagrach as astuithe gáis cheaptha teasa na hÉireann a rialú agus tuairisciú fúthu, an Scéim um Thrádáil astúchán a riaradh agus as comhordú a dhéanamh ar thaighde ar athrú aeráide. Tá an tAonad Acmhainní freagrach as úsáid inbhuanaithe acmhainní a chur chun cinn tríd an Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl a chur i bhfeidhm, an Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola a fhoilsiú agus an Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach a chur chun cinn agus trí raon leathan rialachán um Fhreagracht an Táirgeora a fhorghníomhú. Tá an Oifig freagrach freisin as áiseanna móra stórála peitril a cheadú agus cead a thabhairt maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe.

AN TAONAD CEADÚNAITHE

Ceadúnú um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú (CRCT)

Leagann an córas ceadúnaithe CRCT béim ar chosc a chur ar dhramhaíl chun astuithe chuig an aer, uisce agus talamh a laghdú, dramhaíl a laghdú tríd is tríd agus úsáid éifeachtúil a bhaint as fuinneamh. Bíonn gá le ceadúnas CRCT i gcás próisis thionsclaíocha mhórscála nó choimpléascacha a bhfuil seans ann go bhféadfaidís truailliú suntasach a dhéanamh. In 2008:

- Eisíodh 40 ceadúnas CRCT agus diúltaíodh do 11 iarratas ceadúnais (muclaigh). Diúltaíodh do na hiarratais sin toisc nár thug na hiarratasóirí sonraí faoi na tailte a bheadh i gceist maidir le haisghabháil sciodair, in ainneoin gur iarr an Ghníomhaireacht na sonraí sin uathu go mion minic. Ar an ábhar sin mheas an Ghníomhaireacht nár ghéill na hiarratais do riachtanais na Rialachán Ceadúnaithe. Chomh maith leis sin eisíodh 44 Cinneadh Beartaithe. Rinneadh leasuithe teicniúla ar 33 ceadúnas de réir na rialachán ceadúnúcháin. Tá foráil i leasuithe teicniúla chun coinníollacha a leasú i gceadúnas ionas go gcomhlíonfaidh sé ceanglais na Treorach CRCT nó chun feidhmiú an cheadúnais a éascú.
- Scrios an Ard-Chúirt amach Iarratas ar Athbhreithniú Breithiúnach ar cheadúnas CRCT a d'eisigh an Ghníomhaireacht chuig Shell E & P Ireland Limited, (Uimh. Chlárúcháin P00738-1) i mBealtaine 2008.

- Sa chás Ard-Chúirte AHP Manufacturing t/a Wyeth Ireland V an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, EPA agus an tArd-Aighne dhiúltaigh an Ard-Chúirt cead a thabhairt do na hiarratasóirí agóid a dhéanamh i gcoinne coinníollacha a gceadúnais.
- Tá 18 Nóta treorach faoi na Teicníochtaí is Fearr atá ar Fáil (BAT) in Earnáil CRCT foilsithe anois.

Ceadúnú Dramhaíola

Faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 is é an EPA atá freagrach as ceadúnú gach áise suntasaí aisghabhála agus diúscartha dramhaíola, arna bainistiú ag na húdaráis áitiúla nó ag oibreoirí príobháideacha. Leagann an próiseas ceadúnúcháin dramhaíola coinníollacha géara ar fheidhmiú na n-áiseanna lena chinntiú go ndéantar rialú docht maidir le haon tionchar a bheadh acu ar an gcomhshaol. Cheadaigh an EPA ceadúnais nua nó athbhreithnithe in 2008 do thrí láithreán líonta talún, dhá ionad aistrithe dramhaíola, dhá áis aisghabhála ábhar, trí háis chomhtháite um bainistiú dramhaíola agus dhá áis um dhramhaíl ghuaiseach Eisíodh 14 Chinneadh Beartaithe agus 11 Leasú Theicniúil. I bhFeabhra 2008, thionóil an EPA Éisteacht ó Bhéal ar iarratas Chomhairle Contae Fhine Gall ar láithreán líonta talún beartaithe i Neimhead, Lusca, Contae Bhaile Átha Cliath. Lena chois sin thionóil an EPA Éisteacht ó Bhéal ar iarratas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar loisceoir ar Leithinis an Phoill Bhig i mBaile Átha Cliath in Aibreán 2008. Tar éis machnamh a dhéanamh ar an iarratas agus ar thuarascáil faoin Éisteacht ó Bhéal, d'eisigh an EPA a chinneadh ceadúnas a thabhairt an 1 Nollaig 2008. Forbraíodh nóta treorach faoi réamhchóireáil ar dhramhaíl chathrach do cheadúnaithe chun cabhrú leo an Treoir i leith Líonta Talún a chomhlíonadh go hiomlán. Foilsíodh an treoir ar mhaithe le comhairliúchán poiblí agus tá an doiciméad deiridh le foilsiú i mí Mheithimh 2009.

Ceadúnú do Scaoileadh Dramhuisce

Fuarthas 147 iarratas ar cheadúnas dramhuisce in 2008, agus is 207 líon iomlán na n-iarratas a fuarthas go dtí seo. Eisíodh Deich gCinneadh Deiridh in 2008.

Cuireadh an bailiúchán iarratas deireanach faoi bhráid an EPA an 2 Meitheamh 2009. Baineann an próiseas ceadúnúcháin le ceirtleáin atá coibhéiseach le níos mó ná 500 duine agus baineann próiseas deimhniúcháin a thosófar ar an 22ú Meitheamh 2009 leis na ceirtleáin uile faoi bhun na tairsí sin. Is é an 22ú Nollaig 2009 an spriocdháta chun doiciméadacht deimhniúcháin a sholáthar i gcás ceirtleáin atá coibhéiseach le níos lú ná 500 duine.

Teastais Chláraithe

Úsáideann an EPA Teastais Chláraithe chun áiseanna aisghabhála dramhaíola de chuid údaráis áitiúla a mbaineann riosca íseal leo a rialú. In 2008, d'eisigh an EPA 149 Teastas Cláraithe.

Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe (GMOanna)

Is é an EPA an t-údarás inniúil in Éirinn do chur i bhfeidhm na Rialachán GMO maidir le húsáid shrianta, scaoileadh d'aon turas sa chomhshaol agus gluaiseacht trasteorann GMOanna.

Faoi dheireadh 2008 bhí 307 taifead déanta ar chlár na n-úsáideoirí GMOanna in Éirinn. Baineann breis agus 98 faoin gcéad díobh sin le húsáid shrianta. Is le saotharlanna taighde tríú-leibhéil, arna n-aicmiú de réir baoil íseal, a mbaineann an chuid is mó acu. Bronnadh ceithre thoiliú is tríocha maidir le húsáid shrianta GMOanna in 2008, agus rinneadh scrúdú láithreach ar 18 áitreabh cláraithe, áit a ndearnadh imscrúdú ar 106 úsáideoir cláraithe ar fud na n-áitreabh sin.

Tábla 1:
Gníomhaíochtaí Ceadúnúcháin in 2008

	Ceadúnais CRCT	Ceadúnais Dramhaíola	Ceadúnais Dramhuisce	Toilithe GMO	Ceadúnais um Chomhdhúile Orgánacha Luaineacha (COL)	Teastais Chláraithe Iarratais a Fuarthas
Iarratais a breithníodh	52	20	147	32	1	152
Cinntí Beartaithe	44	14	N/A	N/A	1	N/A
Agóidí a fuarthas	37	12	21	N/A	0	N/A
Cinntí Deiridh	40	12	10	34	1	149

Comhdhúile Orgánacha Luaineacha (COLanna)

Is é cuspóir Rialacháin 1997 an Achta fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992 (Rialú Astuithe Comhdhúl Orgánach Luaineach de dheasca Stóráil agus Scaipeadh Peitril) ná rialú a dhéanamh ar astuithe comhdhúl orgánach luaineach de dheasca ionaid stórála agus scaipthe peitril. Úsáideann an EPA próiseas ceada chun na gníomhaíochtaí seo a rialú. D'eisigh an EPA Cead COL amháin in 2008.

Treoir Theicniúil

Cuireann an EPA treoir theicniúil ar fáil maidir le réimse ábhar d'fhonn tacú le sárchleachtas comhshaoil chomh maith le bearta ceadúnaithe agus forfheidhmiúcháin. In 2008, foilsíodh 18 gcáipéis treorach Na Teicníochtaí is Fearr atá ar Fáil de chuid an CRCT i bhformáid chruachóipe agus tá siad ar fáil ar láithreán gréasáin an EPA www.epa.ie.

Rochtain ar Cháipéisí Ceadúnúcháin

Tugann an láithreán gréasáin rochtain anois ar iarratais ar cheadanna um Chomhdhúile Orgánacha Luaineacha (COLanna) agus ar iarratais ar cheadúnais um Scaoileadh Dramhuisce chomh maith leis na hiarratais ar cheadúnais Dramhaíola agus CRCT. Tugann infhaighteacht na cáipéisíochta ceadúnaithe uile ar an ngréasán, lena n-áirítear foirmeacha iarratais, léarscáileanna agus comhfhreagras, rochtain phoiblí shimplí ar chomhaid cheadúnaithe agus comhlíonann sé príomhriachtanais na Treorach AE ar Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol (Treoir Aarhus). Lena chois sin féadfaidh duine ar bith aighneacht nó agóid a dhéanamh ar líne maidir le haon iarratas ar CRCT nó Cheadúnas Dramhaíola.

AN TAONAD UM ATHRÚ AERÁIDE

Trádáil Astuithe

Tá an EPA freagrach as an scéim um thrádáil astuithe gás ceaptha teasa (GHG) a chur i bhfeidhm in Éirinn. Baineann an scéim le táirgeoirí móra GHGanna – mar shampla, na tionscail stroighne agus ghinte cumhachta, chomh maith leis na húsáideoirí móra eile breoslaí iontaise.

Ag deireadh 2008, bhí ceadanna bailí ag 106 suiteáil arna gclúdach ag an scéim trádála astuithe in Éirinn a d'éiligh orthu monatóireacht a dhéanamh ar astuithe agus tuairisc a thabhairt orthu agus liúntais a ghéilleadh de réir na Rialachán.

Tá rochtain ar Chlár Trádála Astuithe Náisiúnta, a chinntíonn go dtugtar cuntas cruinn ar eisiúint, aistriú, chealú agus ghéilleadh liúntas astuithe laistigh den Scéim Trádála Astuithe ar fáil ag páirtithe leasmhara ag www.etr.ie.

Arís in 2008, ghéill na hoibreoirí uile an líon éilithe liúntais, a bhí comhionann lena n-astuithe fíoraithe, faoi 30 Aibreán, rud a chinntigh gur chloígh Éire 100% leis an scéim. Inár gcáil mar Oibreoir an Chláir, scoir an EPA liúntais 2007 na hÉireann ar 30 Meitheamh 2008, de réir mar a éilíonn an Treoir.

Rinne an EPA an Cinneadh Leithdháilte Deiridh ar dara Plean Leithdháilte Náisiúnta na hÉireann a fhaomhadh an 4 Márta. Cuireann an cinneadh seo bailchríoch ar liúntais astuithe na ngás ceaptha teasa (GHG) a dhéanfar faoin Treoir um Thrádáil Astuithe do phríomhastaírí GHG na hÉireann do thréimhse Phrótacal Kiótó 2008 2012. Chuir Bord an EPA é seo i gcrích, tar éis comhairliúcháin chuimsithigh a dhéanamh agus tar éis faomhadh a fháil ó Choimisiún an AE. I nDeireadh Fómhair 2008, nasc Éire agus 26 Ballstát eile AE eile iad féin le córas Clárlainne ITL[1] na Náisiún Aontaithe, agus chomhlánaigh siad an t-athrú go Córas Trádála Astuithe sa chaoi sin.

Fardail Astuithe Náisiúnta

In 2008, chuir an EPA sonraí faoi astuithe gás ceaptha teasa na hÉireann faoi bhráid an AE agus Chreat-Chomhdháil na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide. Cuireadh bailchríoch ar an bhfardal náisiúnta do 2006, agus foilsíodh an fardal tosaigh do 2007 i mí Dheireadh Fómhair do dhara buiséad carbóin. Foilsíodh é ina dhiaidh sin.

1 Is í Creat-Chomhdháil na Náisiún Aontaithe faoi Athrú Aeráide a reáchtálann an Log Idirbhearta idirnáisiúnta (ITL). Is trí nasc leis an ITL a fheidhmíonn Clárlann Trádála Astuithe gach tír. Deimhníonn an ITL idirbhearta na gclárlanna de réir mar a dhéantar iad lena chinntiú go bhfuil siad ar aon dul leis na rialacha a socraíodh faoi Phrótacal Kiótó. Éilíonn an ITL go gcuirfidh na clárlanna deireadh le hidirbhearta atá ar intinn acu má fheictear go sáraíonn siad rialacha Kiótó.

Lena chois sin dhearbhaigh an EPA in 2008 'méid shannta' na hÉireann faoi Phrótacal Kiótó, rud is ionann agus iomlán na n-astuithe incheadaithe don tréimhse 2008 2012. Is í méid shannta na hÉireann ná 314.18 milliún tona de choibhéis CO_2 (mt CO_2eq) atá ríofa ó astuithe 55.6 mt na bunbhliana agus 13% de mhéadú incheadaithe. Is ionann é sin agus 62.8 mt mar mheánteorainn bhliantúil Kiótó don chúig bliana. Nuair a chuirtear na linnte foraoise incheadaithe san áireamh, bhí glanastuithe GHG na hÉireann in 2007 cothrom le 67.9 mt CO_2eq (féach Figiúr 1).

'Meicníochtaí' eile de chuid Phrótacal Kiótó

Tá trí mheicníocht sholúbtha bunaithe ag Prótacal Kiótó chun cabhrú le páirtithe na costais iomlána a laghdú a bhaineann lena gceangaltais i leith astuithe GHG a bhaint amach. Déanann Trádáil Astuithe Idirnáisiúnta foráil do thíortha forbartha le haonaid Phrótacal Kiótó a fháil (tonaí de choibhéis CO_2) ó thíortha eile agus iad a úsáid lena spriocanna a bhaint amach.

Figiúr 1:
An Fad atáimid ó Spriocanna Kiótó na hÉireann



Ceadaíonn Prótacal Kiótó go gcomhlíonfar na laghduithe astuithe i dtionscadail a chuirtear i bhfeidhm thar lear tríd an Meicníocht um Ghlanfhorbairt agus Chomhfheidhmiú. Is í an EPA an comhlacht reachtúil atá freagrach as litreacha faofa a eisiúint do rannpháirtithe Éireannacha sna tionscadail seo. Ceadaíonn na meicníochtaí tionscadail-bhunaithe seo do pháirtithe i bProtacal Kiótó tionscadail laghdaithe astuithe a chur i bhfeidhm i dtíortha eile mar iomlaoidí ar chreidmheasanna ar féidir iad a úsáid chun spriocanna Kiótó a bhaint amach. Aithníodh sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide (2007) go mbeidh ról ag na meicníochtaí idirnáisiúnta seo le cur ar chumas na hÉireann a sprioc a bhaint amach maidir le Prótacal Kiótó.

Réamh-mheastacháin Astuithe

Déanann na réamh-mheastacháin na hastuithe amach anseo a thuar, agus is uirlis anailíseach luachmhar iad le taispeáint an bealach a chloífidh Éire lena dualgas Kiótó agus cuireann siad treoir ar fail d'Éirinn agus í i mbun idirbheartaíochtaí iar-Kiótó. Sa *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide* (NCCS) (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2007), tugadh freagracht don EPA as réamh-mheastacháin náisiúnta bhliantúla a fhorbairt i leith Gás Ceaptha Teasa (GHGanna) sna príomhearnálacha den gheilleagar, i gcomhar le comhlachtaí ábhartha Stáit agus eile.

Is trí réamh-mheastacháin astuithe GHGanna a tháirgeadh go bliantúil a bheifear in ann na forbairtí beartais agus comhshaoil is déanaí a chur san áireamh, chomh maith le nuashonruithe ar thoimhdí tábhachtacha (cosúil le hathbhreithniú ar an bhforás eacnamaíochta a shamhlaítear). Foilsíodh an chéad cheann de na réamh-mheastacháin astuithe seo i Meán Fómhair 2008.

Léiríonn na réamh-mheastacháin sin cumas na hÉireann na spriocanna idirnáisiúnta a bhaint amach maidir le hastuithe gás ceaptha teasa, agus tarraingíonn siad aird ar an dúshlán leanúnach atá le sárú ag Éirinn maidir lena dualgas a chomhlíonadh faoi spriocanna Phrótacal Kiótó agus spriocanna beartaithe 2020 an AE. Tá tionchar ag an gcor chun donais atá tagtha ar an ngeilleagar le déanaí ar na figiúirí sin agus tá an EPA ag athbhreithniú na meastachán sin i bhfianaise na n-athruithe sin.

Eolaíocht Aeir & Aeráide

Tá an eolaíocht ar cheann de na príomhrudaí a spreagann bearta idirnáisiúnta ag leibhéil domhanda agus réigiúnacha maidir le saincheisteanna mar athrú aeráide agus truailliú aeir trasteorann. Is í an aidhm iomlán ná tacaíocht a sholáthar d'fhorbairt beartas in Éirinn i gcomhthéacs na bhforbairtí ag leibhéil an AE agus na NA.

I rith 2008, rinne an EPA na nithe seo a leanas:

- Bhí ionadaíocht láidir againn i gcónaí sna gníomhaíochtaí idirnáisiúnta maidir le heolaíocht aeir agus aeráide;
- Bhí baint againn i gcónaí leis an obair agus an bhforbairt a dhéanfaidh an Painéil Idirnáisiúnta ar Athrú Aeráide (IPCC), agus ba ionadaithe na hÉireann muid ar Bhiúró an IPCC agus ar ghrúpaí eile agus nuair a bhí ceannairí nua Grúpaí Oibre IPCC á roghnú;
- Bhíomar rannpháirteach in obair Shainghrúpa Eolaíochta an AE um athrú aeráide maidir le hanailís nuashonraithe a thabhairt chun críche faoin sprioc cosanta aeráide i bhfianaise thorthaí an 4ú Tuarascáil Mheasúnaithe IPCC;
- Bhíomar gníomhach mar bhall de thoscaireacht na hÉireann ag cruinnithe UNFCCC agus bhíomar rannpháirteach i bpróisis UNFCCC;
- Rinneamar ionadaíocht ar son na Éireann ag cruinnithe na Comhairle Comhairleach um Monatóireacht Dhomhanda don Chomhshaol agus don tSlándáil (GMES).
- Ghlacamar le cuireadh le bheith inár mball den Bhiúró EMEP, a chuir obair chun cinn le tacú le forfheidhmiú an Choinbhinsiúin ar Iompar Fadréime Thruailliú Aeir.

Tionscnaimh a bhaineann le Cumarsáid & Seirbhís do Chustaiméirí

Cuireadh sraith léachtaí poiblí ar Athrú Aeráide i gcrích in 2008, a bhí ríthábhachtach chun feasacht a spreagadh agus chun tuiscint ar fhíricí agus ar shaincheisteanna a bhaineann le hathrú aeráide a chur chun cinn. Ar an meán, bhí os cionn 500 duine i láthair ag gach ceann den seacht léacht atá le feiceáil anois ar láithreán gréasáin an EPA. Tugadh an chéad cheann de shraith léachtaí ócáideacha faoi athrú aeráide i mí na Samhna 2008, agus tabharfar léachtaí eile in 2009.

Dáileadh faisnéis oiriúnaithe faoi athrú aeráide do nuachtáin áitiúla agus réigiúnacha nuair a bhí sraith léachtaí an EPA faoi athrú aeráide le craoladh ar an láithreán gréasáin.

Tháinig an Coiste um Chomhordú Taighde ar Athrú Aeráide le chéile cúpla uair in 2008. Bunaíodh an coiste seo chun na gníomhaireachtaí maoinithe agus na ranna uile a bhfuil spéis acu i dtaighde faoi athrú aeráide a thabhairt le chéile. Is í príomhaidhm an choiste ná comhoibriú a spreagadh maidir le creatlach náisiúnta do thaighde ar athrú aeráide agus maidir le tréimhse ama a cheapadh chun príomhthosaíochtaí a sholáthar faoin gclár sin.

AN TAONAD UM ÚSÁID ACMHAINNÍ

An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl (CNCD)

Is é aidhm an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl ná breathnú ar bhealaí praiticiúla chun dramhaíl a chosc agus a íoslaghdú. Déanann sé iarracht comhtháthú a dhéanamh ar réimse tionscnamh a bhaineann le feasacht a spreagadh, le cúnamh teicniúil agus airgeadais, agus le meicníochtaí oiliúna agus dreasachta. Tá an clár á chur i bhfeidhm trí thionscadail mar Greenbusiness.ie; Clár Taispeántais na nÚdarás Áitiúil um Chosc Dramhaíola (LAPD); Cosc ar phacáistiú (a bhfuil Repak i gceannas air agus a thacaíonn an EPA leis); Tithe Glasa (a bhfuil An Taisce i gceannas air) agus trí Threoracha i leith géilliúntas táirgí a chur i bhfeidhm lena n-áirítear srian ar shubstaintí guaiseacha i dtrealamh leictreach, i bpacáistiú, i gceallraí agus i bhfeithiclí.

Foilsíodh an ceathrú tuarascáil bhliantúil faoin gclár in 2008. Lean an Coiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl, a cheap an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar aghaidh ag cur comhairle straitéisí luachmhaire ar fáil do thionscadail uile an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl. Tá ionadaithe ag grúpaí rialtais, grúpaí neamhrialtais, grúpaí gnó, grúpaí feirmeoireachta agus ag grúpaí leasa earnála ar an gcoiste. Féach ar láithreán gréasáin CNCD ag www.nwpp.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Cuireann Clár Taispeántais na nÚdarás Áitiúil um Chosc Dramhaíola (LAPD), cosc ar dhramhaíl chun cinn trí cheithre cinn déag d'údaráis áitiúla, agus léiríonn sé conas is féidir cosc a chur ar dhramhaíl i raon leathan de ghnóthaí, eagraíochtaí agus earnálacha rannpháirteacha. Tá torthaí an chláir á n-úsáid chun teimpléid a chur ar fáil do thionscadail cosúil leo chun cosc a chur ar dhramhaíl ar fud na tíre.

Sampla amháin den obair sin is ea an chaoi ar foilsíodh treoir chun dramhaíl a chosc ar an bhfeirm. Reáchtáladh comhdháil náisiúnta LAPD i bhFeabhra 2008 chun béim a leagan ar na deiseanna a forbraíodh chun dramhaíl a chosc agus seoladh clár oiliúna faoi chosc dramhaíola.

Cuireadh tús le Tionscnamh Gnólachtaí Glasa (greenbusiness.ie) le hacmhainní ar líne agus gléasanna iniúchta uisce, mar aon le líne chabhrach agus tacaíocht shaor in aisce agus faoi rún ó shainchomhairleoirí.

Seoladh scéim Dámhachtainí um Fháilteachas Glas le tógáil ar thionscadal Clár Táirgthe Níos Glaine Níos Glaise an EPA, agus bhí 190 óstán cláraithe sa chlár coiscthe dramhaíola faoi dheireadh na bliana.

Leanadh ar aghaidh leis an gClár um Chosc ar Phacáistiú i gcomhar le Repak (an comhlacht um ghéilliúntas dramhaíola pacáistíochta) a bhfuil réimse leathan de thionscadal coiscthe á gcur i bhfeidhm aige. Cuireadh staidéar ar shlabhra soláthair i gcrích, cuireadh tús le clár oiliúna deimhnithe um chosc ar phacáistiú agus forbraíodh cás-staidéir nua ar chosc ar phacáistiú don láithreán gréasáin www.preventandsave.ie.

Eagraíodh dámhachtainí Clár na dTithe Glasa i mí na Bealtaine, agus ghlac 2,500 teaghlach páirt iontu. Le haghaidh na chéad chéime eile den chlár, tá an EPA agus An Taisce ag iarraidh 9,000 teaghlach breise a earcú chun páirt a ghlacadh le cosc a chur ar dhramhaíl, fuinneamh agus uisce a spáráil, chomh maith le múiríniú agus athchúrsáil a dhéanamh.

Tá socrú déanta ag an EPA go mbeidh bainistíocht inbhuanaithe ar thomhaltas teaghlach nó tionsclaíoch nó tráchtála uisce agus fuinnimh, chomh maith le bainistiú ábhar guaiseach/neamhghuaiseach agus acmhainní in-bhithmhillte ina ndlúthchuid feasta de gach tionscadal de chuid an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl.

Tionscnaimh Freagrachta Táirgeoirí

Na Rialacháin maidir le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE) agus Ceallraí

Leanann an EPA uirthi ag obair i gcomhpháirt le heagraíochtaí a bhfuil oibleagáid orthu san earnáil chun géilliúntas a fheabhsú. Cuireadh breis is 174 imscrúdú i gcrích ag leibhéal miondíola agus cuireadh 13 iniúchadh i gcrích ar tháirgeoirí a bhfuil oibleagáid orthu. I bhformhór na gcásanna, baineadh amach géilliúntas mar thoradh ar an ngníomh agus níor ghá dul i mbun tuilleadh gníomhartha um fhorfheidhmiú. D'éirigh le dhá chás a tógadh sa Chúirt Dúiche i gcoinne gnóthaí táirgeora neamhghéilliúla, áfach. Is mór an dúshlán é ná oibleagáidí intíre a chur i bhfeidhm ar chiandíoltóirí atá bunaithe thar lear. Sa chás sin, cuireadh tús le caingne Ard-Chúirte i gcoinne dhá ghnó i ndlínsí eachtracha (sa RA agus sa Ghearmáin) chun iallach a chur orthu géilleadh le hoibleagáidí maidir le ciandíol.

Cuireadh tús le cur chuige cosúil leis maidir le forfheidhmiú na Rialachán nua faoi Cheallraí, ar tugadh feidhm dóibh i Meán Fómhair 2008. Tá tús curtha le hobair i gcomhpháirt le gníomhairí earnála agus tá treoir forbartha. Bunaíodh leathanach gréasáin ag www.batteries-enforcement.ie chun go mbeidh sé níos éasca treoir a thabhairt do na páirtithe leasmhara sin.

Rialacháin Phacáistíochta

Cuireadh tionscadal i gcrích chun táirgeoirí a aithint a d'fhéadfadh go mbeadh oibleagáid orthu faoi na rialacháin nua agus a iarraidh orthu dul le Repak nó na rialacháin a chomhlíonadh iad féin. Scaipeadh na torthaí ar pháirtithe leasmhara bainteacha ar údaráis áitiúla iad ag ceardlann le húsáid ina gcuid oibre forfheidhmithe. Tá prótacail tástála á bhforbairt le déileáil leis na bunriachtanais i leith substaintí guaiseacha srianta i bpacáistíocht.

Comhábhair Ghuaiseacha a Laghdú

I measc na rialachán eile a bhaineann le comhábhair ghuaiseacha i dtáirgí tá Srianadh ar Shubstaintí Guaiseacha (RoHS) agus na Rialacháin maidir le Péinteanna Maisiúla. Mar thoradh ar na Rialacháin sin a fhorfheidhmiú ceannaíodh táirgí ag leibhéal miondíola le tástáil i saotharlanna creidiúnaithe. Áit a mbraitheadh go raibh neamhghéilliúntas i gceist, rinne an EPA teagmháil le táirgeoirí le dearbhú cathain a cuireadh an táirge ar an margadh. Áit a bhfuarthas gur cuireadh táirgí neamhghéilliúla ar an margadh tar éis an dáta dlite, bhain na dáileoirí ón stoc iad dá dtoil féin. Tá cumarsáid ar siúl chun na gníomhairí sa slabhra soláthair agus Ballstáit eile a chur ar a n-eolas faoi na táirgí seo. Cuireadh tús le hobair ar Rialacháin nua i leith Ceallraí agus Feithiclí ag Deireadh Ré sa chomhthéacs sin freisin.

Na Rialacháin maidir le Tuaslagóirí agus Péinteanna Maisiúla (ath-bhailchríochneoirí feithiclí)

D'oibrigh an EPA leis an earnáil um ath-bhailchríochnú feithiclí chun forfheidhmiú éifeachtúil na rialachán nua ar tugadh feidhm dóibh i mí Márta 2008 a chinntiú. Éilíonn na rialacháin go ndéanfadh Conraitheoir Imscrúdaithe Creidiúnaithe (CIC) gach gnó um ath-bhailchríochnú feithiclí a iniúchadh agus go gclárófaí iad lena n-údarás áitiúil. Foilsíodh treoir cheangailteach náisiúnta nua tar éis don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faomhadh a thabhairt de réir na rialachán. Tá tús curtha ag Conraitheoirí Imscrúdaithe Creidiúnaithe ar a gcuid oibre. Rinne an EPA feachtas fógraíochta ar fud na tíre ar an raidió agus in irisleabhair trádála chun feasacht a spreagadh faoi na ceanglais a bhaineann leis na rialacháin sin.

Nuair atá róil shuntasacha ag údaráis áitiúla i bhforfheidhmiú Tionscnamh maidir le Freagracht an Táirgeora, mar shampla i gcás tuaslagóirí, ath-bhailchríochnú feithiclí, pacáistíocht, WEEE nó Ceallraí, rinneadh forbairt dhíreach ar a gcumas i ndáil leo trí mheán Líonra Forfheidhmiúcháin Comhshaoil an EPA.

An Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach

Tar éis comhairliúcháin iomláin leis an bpobal, foilsíodh leagan athbhreithnithe den *Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach agus Ráiteas ar an Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA)* in 2008. Leagann an plean na fíricí amach maidir le heascairtí dramhaíola guaisí agus na cleachtais reatha chun iad a bhainistiú.

Déantar moltaí i ndáil le feabhsuithe a dhéanamh maidir le cosc a chur ar dhramhaíl ghuaiseach; rátaí bailiúcháin a fheabhsú chomh maith le breis neamhthuilleamaíochta maidir le dramhaíl ghuaiseach a chóireáil agus a dhiúscairt ar bhealach atá slán ó thaobh an chomhshaoil de. Beidh an EPA chun tosaigh maidir le cuid mhór de mholtaí an Phlean a chur i bhfeidhm, nó cur ina luí ar dhaoine eile iad a chur i bhfeidhm, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm iomlán an phlean i gcomhairle leis an gCoiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl.

Tuairisciú Náisiúnta Dramhaíola

Go luath in 2008, foilsíodh an *Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola* maidir le heascairtí in 2006, agus tugadh faoi deara méadú suntasach maidir le dramhaíl curtha chuig láithreáin líonta talún. Beidh dúshláin mhóra i gceist fós chun go gcomhlíonfadh Éire riachtanais na Treorach i leith Líonadh Talún chun an méid dramhaíola in-bhithmhillte a dhéantar a dhiúscairt a shrianadh. Tháinig méadú mór ar athchúrsáil, áfach. Cuireadh críoch den chuid is mó in 2008 le faisnéis a thiomsú ar eascairtí dramhaíola 2007 agus bhí sé ullamh lena fhoilsiú go luath in 2009.

Substaintí Ídithe Ózóin, Défheinil Polaiclóirínithe agus Truailleáin Orgánacha Sheasmhacha

Tá an EPA ag treorú cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú na Rialachán maidir le Substaintí Ídithe Ózóin (SÍÓ), Défheinilí Polaclóirínithe (DP) agus Truailleáin Orgánacha Sheasmhacha (TOS). Tá sé tábhachtach srian a chur le húsáid na substaintí seo agus ar ghiniúint dramhaíola uathu, chun an t-aer, na huiscí agus an talamh a chaomhnú. Forbraíodh agus scaipeadh faisnéis agus treoracha ar bhonn leanúnach ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear seimineáir agus leathanaigh ghréasáin an EPA. Tugadh faoi imscrúduithe a dhéanamh, agus i gcásanna áirithe rinneadh gníomhartha forfheidhmiúcháin breise. Cuireadh suirbhé agus plean bainistíochta náisiúnta i gcrích do DP in 2008 agus tá fardal TOS beagnach críochnaithe. Ag leanúint ón obair fardail seo, cuireadh tús le *Dréachtphlean Forfheidhmithe Náisiúnta* POP a fhorbairt.

Imscrúduithe

Tugann Tábla 2 forléargas ar an obair imscrúdaithe a rinne an Oifig um Aeráid, Cheadúnú agus Úsáid Acmhainní in 2008.

Tábla 2:
Imscrúduithe OCLR 2008

Cineál Imscrúdaithe	2008
Imscrúduithe maidir le hiarratas ar cheadúnas	200
Imscrúduithe ar áiseanna GMO	18
Imscrúduithe Trádála Astuithe	13
Imscrúduithe ar Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach	187
Imscrúduithe Péinteanna Maisiúla	109
Imscrúduithe um Shrian ar Shubstaintí Guaiseacha	39
Imscrúduithe DP agus TOS	28
Imscrúduithe maidir le Substaintí Ídithe Ózóin	17

OIFIG UM FHORFHEIDH-MIÚCHÁN COMHSHAOIL

Tá an Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil freagrach as forfheidhmiú ceadúnas a d'eisigh an EPA maidir le gníomhaíochtaí dramhaíola, tionsclaíocha agus eile. Comhlíonann sí ról maoirseachta freisin maidir le gníomhaíochtaí caomhnaithe comhshaoil na n-údarás áitiúil. Cuimsíonn sé sin comhairle agus treoir a thabhairt, iniúchadh a dhéanamh ar fheidhmíocht agus, nuair is gá, Treoracha atá ina gceangal dlí a eisiúint.

FORFHEIDHMIÚ CEADÚNAS

In aon cháipéis amháin, déanann na ceadúnais a bhronnann an EPA foráil do rialú agus fhorfheidhmiú gníomhaíochtaí sonraithe agus do chosaint na meán comhshaoil uile. Áirítear ar obair fhorfheidhmiúcháin na hOifige um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil (OEE) iniúchadh agus imscrúdú láithreán ceadúnaithe chun comhlíonadh agus feidhmíocht comhshaoil a mheasúnú, astuithe a shampláil agus a mheasúnú agus treoir agus faisnéis a sholáthar faoin dea-chleachtas.

Baineann cuid mhór den fhorfheidhmiú a dhéantar ar láithreáin cheadúnaithe le himscrúdú gearán agus teagmhas agus treorú agus maoirsiú gníomhartha ceartúcháin. Déantar caingean dlí a dhíriú ar áiseanna a léiríonn neamhghéilliúntas suntasach i ndáil leis an reachtaíocht ar bhonn leanúnach nó a mbaineann riosca tromchúiseach don chomhshaol leo.

Is féidir sonraí faoi gach ceadúnas Dramhaíola agus CRCT a fheiceáil ar láithreán gréasáin an EPA.

In 2008:

- Rinne cigirí an EPA 124 iniúchadh agus 652 imscrúdú ar áiseanna ceadúnaithe CRCT agus Dramhaíola;
- Bhí 114 cruinniú maidir le géilliúntas le lucht bainistíochta sinsearach áiseanna ceadúnaithe.
- Rinneadh monatóireacht 971 uair in 2008 ar astuithe aer, uisce agus astuithe torainn ó áiseanna ceadúnaithe;
- Seirbheáladh 616 fógra neamhghéilliúntais in 2008;

- Bhain na príomh-shaincheisteanna neamhghéilliúntais a tháinig chun cinn le tionchar bolaithe, bainistíocht dramhaíola, srianadh agus sárú teorainneacha astuithe ag áiseanna;
- Rinneadh 424 gearán leis an EPA maidir le háiseanna CRCT agus 1,462 gearán maidir le háiseanna Dramhaíola;
- Ba faoi 10 gcinn de na háiseanna CRCT a rinneadh 70% de na gearáin uile faoi thionscail cheadúnaithe. Ba le bolaithe a bhain formhór na ngearán; agus
- Bhain 88 faoin gcéad de na gearáin uile a rinneadh faoi dhramhaíl le 10 n-áis. Boladh bréan an chúis ba mhinice le gearán.

I rith 2008 bhí measúnuithe forleathna ar bholadh, bainistíocht gáis líonta talún agus cleachtas oibriúcháin ag láithreáin líonta talún ina dtosaíochtaí ag an EPA agus í ag plé le gearáin shuntasacha faoi bholadh as láithreáin líonta talún atá ceadúnaithe ag an EPA. Cé go ndearnadh feabhsúcháin ag roinnt láithreán, d'eisigh an EPA fógraí dlí chuig oibreoirí láithreáin líonta talún agus thug sí faoi thuilleadh forfheidhmithe trí hionchúiseamh.

Tugadh faoi imscrúdú mór ar ghlac na Gardaí agus oifigí forfheidhmiúcháin ón EPA páirt ann ar fheidhmiú roinnt áiseanna dramhaíola i mBaile Átha Cliath agus i gCill Dara. Cuireadh tús leis an bhfiosrúchán go deireanach in 2008 agus leanfar ar aghaidh leis in 2009.

Tar éis measúnú fairsing a dhéanamh ar na hearnálacha cóireála adhmaid in 2007 cuireadh na ceadúnaithe sin ar an eolas faoi ghníomh ceartúcháin de réir moltaí dea-chleachtais. Rinneadh imscrúduithe spriocdhírithe in 2008 le forfheidhmiú agus géilliúntas a mheasúnú agus glacfar gníomh forfheidhmithe nuair is gá lena chinntiú go gcosnófar uisce dromchla agus screamhuisce.

Imscrúduithe

Léiríonn Tábla 3 achoimre ar an obair imscrúdaithe a rinne an EPA nó a rinneadh ar a son le linn 2008, arna mionsonrú de réir chatagóir an imscrúdaithe.

Tábla 3:
Iniúchtaí agus Imscrúduithe an EPA 2008

Cineál Imscrúdaithe	2008
Imscrúduithe forfheidhmiúcháin CRCT	432
Iniúchtaí forfheidhmiúcháin CRCT	65
Imscrúduithe forfheidhmiúcháin dramhaíola	220
Iniúchtaí forfheidhmiúcháin dramhaíola	59
Cuairteanna monatóireachta CRCT	656
Cuairteanna monatóireachta dramhaíola	187
Monatóireacht Gáis Líonta Talún	47
Cruinnithe comhlíonta CRCT	78
Cruinnithe comhlíonta dramhaíola	36
Iniúchtaí Údaráis Áitiúil	88
Cigireachtaí a bhain le himscrúdaithe Alt 63	26

FORFHEIDHMIÚ DLÍ

I measc na ngléasanna forfheidhmithe atá ag an EPA tá imscrúduithe láithreán, fógraí neamhghéilliúntais, fógraí ailt agus ionchúisimh. I measc na gcaingne dlí ar thug an EPA fúthu in 2008 bhí siad seo a leanas:

- Tugadh 20 cás os comhair na gCúirteanna Dúiche, a raibh 17 acu i gcoinne ceadúnaithe, bhain dhá cheann le Rialacháin WEEE agus bhain ceann amháin leis na Rialacháin i leith uisce óil. Ciontaíodh ceadúnaithe i 14 cinn de na cásanna sin agus cuireadh an tAcht Promhaidh i bhfeidhm sna sé chás eile. Bronnadh fíneálacha agus costais €150,953 ar an EPA.
- Rinneadh ceadúnaithe a chúiseamh i go leor earnálacha. Ba iad ceadúnaithe san earnáil mhuclach ba mhinice a ionchúisíodh, áfach. Tógadh an chéad ionchúiseamh faoi na Rialacháin Uisce Óil in Aibreán 2008. Bhain cúisimh eile le sárú rialachán WEEE, sáruithe teorainneacha astuithe, mainneachtain bonneagar a

chur isteach, mainneachtain taifid a choimeád ar an an láthair, sárú teorainneacha bliantúla maidir le tonnáiste dramhaíola (ionaid aistrithe) agus mainneachtain faisnéis nó fógra faoi theagmhais a chur ar fáil don EPA mar a éilítear de réir choinníollacha na gceadúnas.

- Diúltaíodh dlínse os comhair na gCúirteanna Dúiche do thrí chás. Rinneadh imscrúduithe mionsonraithe ar na cásanna sin agus ar chásanna eile agus cuireadh trí chomhad faoi bhráid Oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí dá bharr sin.

Cuireadh bailchríoch i rith na bliana, ar Staidéar ar Úsáid Smachtbhannaí Riaracháin do Chionta Comhshaoil i dTíortha Inchomparáide eile agus measúnú ar a n-úsáid féideartha in Éirinn. Ba é a bhí i gceist leis an staidéar ná athbhreithniú ar smachtbhannaí den sórt sin i SAM, san RA, sa Ghearmáin agus san Astráil. Foilseofar an staidéar in 2009.

Mar thoradh ar chaingean dlí a thionscain an EPA, gheall ceadúnaithe faoi leith go n-íocfaidís suas le €850,000 chun bearta feabhais a dhéanamh, amhail feabhas a chur ar ionaid chóireála dramhuisce agus réimse oibreacha feabhsúcháin comhshaoil a dhéanamh ar an láithreán.

FORFHEIDHMIÚCHÁN MAIDIR LE HÚDARÁIS PHOIBLÍ

Maoirsiú na nÚdarás Poiblí

Tá ról maoirseachta ag an EPA maidir le gníomhaíochtaí caomhnaithe comhshaoil na n-údarás áitiúil.

Rinneadh údaráis áitiúla a iniúchadh i rith 2008 maidir le roinnt réimsí lenar áiríodh 79 iniúchadh ar uisce óil; cúig iniúchadh comhtháite um réiteach gearán, dhá iniúchadh ar uisce snámha agus dhá iniúchadh ar láithreáin abhann a bhí truaillithe go trom. Rinneadh 253 imscrúdú de bharr gearán a rinneadh don EPA nó ar bhunús teagmhas a d'aithin an EPA, maidir le bearta a raibh na húdaráis áitiúla freagrach astu. Bhain formhór na ngearán sin le ceisteanna bainistíochta dramhaíola nó bainistíochta uisce, agus bhain an chuid eile acu le ceisteanna mar bholadh, thorann agus phleanáil. De thoradh ar na n-imscrúduithe sin, eisíodh 28 Fógra Comhairle agus Molta d'údaráis áitiúla.

Tugann Tábla 4 coimriú ar Ghníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin maidir le hÚdaráis Phoiblí in 2008.

Tábla 4:
Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin maidir le hÚdaráis Phoiblí in 2008

Gníomhaíocht	Uimhir
Iniúchtaí	88
Imscrúduithe a rinneadh	253
Fógraí Comhairle agus Molta	28
Treoracha Beartaithe a seirbheáladh	1
Treoracha a seirbheáladh	45

An Líonra Forfheidhmiúcháin Comhshaoil

Déanann an EPA comhordú ar Líonra Forfheidhmiúcháin Comhshaoil Náisiúnta. Úsáideann an Líonra na hacmhainní comhiomlána, an saineolas agus an cumas imscrúdaithe atá ar fáil go náisiúnta chun dul i ngleic le coiriúlacht chomhshaoil.

Bíonn cur chuige de chineálacha éagsúla ag an Líonra lena n-áirítear:

- Comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí imscrúdaithe agus forfheidhmithe;
- Saineolas a fhorbairt maidir le himscrúdú coireanna comhshaoil;
- An cleachtas is fearr a chur chun cinn trí threoracha a thabhairt agus oiliúint a chur ar fáil; agus
- Bealach a chruthú chun aiseolas a thabhairt do lucht ceaptha beartas.

Tá an Líonra bunaithe go maith anois agus tugann sé os cionn 1,000 ball foirne le chéile ó bhreis agus 50 gníomhaireacht. Cuireann an EPA rúnaíocht ar fáil don Líonra agus déanann sí comhordú ar na grúpaí oibre éagsúla. Tá liosta de chuid de ghníomhaíochtaí an Líonra i Tábla 5.

Is é *modh oibre* an Líonra ná go dtéann an EPA i gcomhairle le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach agus leis an

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun tosaíochtaí a shocrú agus ansin tagann siad le chéile le déileáil le saincheisteanna faoi leith mar chripteaspóiridiam nó leathadh sloda ó ghléasra cóireála dramhuisce os cionn na talún. Braitheann an rud a dhéanfar ar an bhfadhb féin ach d'fhéadfaí bearta díreacha forfheidhmithe a chur i gcrích agus baint ag a lán gníomhaireachtaí leo, nó d'fhéadfaí cumas a mhéadú trí threoir a thabhairt agus oiliúint a chur ar fáil sa Líonra níos leithne. Bíonn baill ag plé le réimsí uisce, dramhaíola agus aeir.

Tábla 5: Coimriú ar Imeachtaí an Líonra Forfheidhmiúcháin Chomhshaoil in 2008

Imeachtaí a bhain leis an Líonra	
An Líonra Bainistíochta Forfheidhmiúcháin (RMCEI & Gearáin)	2
Cruinnithe an Choiste Stiúrtha	3
Comhdhálacha (Uisce, Forfheidhmiú)	2
Cruinnithe an Ghrúpa Comhordaithe um Dhramhaíl Neamhúdaraithe	2
Cruinnithe Líonraí Uisce	4
Cruinnithe An Líonra Aeir	2
Imeachtaí IMPEL	6

RMCEI = Na Bunchritéir mholta don Chigireacht Chomhshaoil

IMPEL = Líonra an Aontais Eorpaigh um Chur i nGníomh agus um Fhorfheidhmiú Dhlí na Timpeallachta

Gníomhaíochtaí Dramhaíola Neamhúdaraithe

Tá sé mar phríomhthosaíocht i gcónaí ag Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil an EPA dul i ngleic le gníomhaíocht neamhúdaraithe dramhaíola. Chuige sin bhí comhoibriú dian ar siúl in 2008 le baill an Líonra Forfheidhmiúchán Comhshaoil. Leanann an Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil uirthi ag comhoibriú lena gcomhghleacaithe i dTuaisceart Éireann chun dul i ngleic le saincheisteanna trasteorann a bhaineann le dramhaíl mhídhleathach. Díríodh ar chuidiú leis na húdaráis inniúla ábhartha i rith 2008 chun déileáil le hiarratais ar Lastaí Trasteorann a chur ar ais arís.

Leanadh ar aghaidh leis an líne 24 uair an chloig um dumpáil mhídhleathach, 1850 365 121, i rith 2008. Tá an EPA údaráis áitiúla agus An Garda Síochána páirteach sa togra. Fuarthas 1,100 glao san iomlán in 2008 agus cuireadh ar aghaidh iad chun na húdaráis áitiúla lena n-imscrúdú.

Nuair a foilsíodh an *Cód Cleachtais: Measúnú Riosca Comhshaoil i gcás Láithreáin Diúscartha Dramhaíola Neamhrialaithe* agus nuair a cuireadh oiliúint bhainteach ar fáil, lean an EPA uirthi in 2008 agus d'fhorbair uirlis leictreonach le cabhrú le húdaráis áitiúla na measúnuithe sin a dhéanamh. Rinneadh é sin a thástáil le húdaráis áitiúla agus cuirfear ar fáil é nuair a bhunófar an Bord um Sheirbhísí Ríomhaire do Rialtais Áitiúil in 2009.

Cuireadh an t-imscrúdú ar fheidhmíocht reachtúil na n-údarás áitiúil i dtaobh dramhaíola i bhfeidhm ar bhonn réigiúnach i rith 2008. Is iad na foirne forfheidhmiúcháin atá bunaithe i gcúig chigireacht réigiúnach an EPA i Loch Garman, Baile Átha Cliath, Corcaigh, Cill Chainnigh agus Caisleán an Bharraigh a phléann leis na gearáin go léir ar bhonn áitiúil anois. Is bealach níos éifeachtúla é seo le plé leis an ábhar agus soláthraíonn sé seirbhís níos fearr do chustaiméirí.

Cuireadh treoir maidir leis na Rialacháin nua um Cheadanna Bailiúcháin Dramhaíola agus Cheadanna Saoráide Dramhaíola agus um Chlárú ar fáil agus cuireadh oiliúint ar fáil d'fhoirne na n-údarás áitiúil atá freagrach as na rialacháin a chur i bhfeidhm. Bunaíodh bunachar sonraí leictreonach lárnach, freisin, maidir le stóráil gach údarú dramhaíola a d'eisigh na húdaráis áitiúla faoi na Rialacháin. Is féidir leis an bpobal an bunachar a rochtain ar láithreán gréasáin an EPA.

Chuir an Oifig Forfheidhmithe i leith Cúrsaí Comhshaoil tús le hathbhreithniú ar phleananna um riochtú láithreán líonta talún in 2008. Is í aidhm na hoibre seo ná socrú an soláthraíonn ceadúnais EPA do chomhlíonadh leis an Treoir maidir le Líonadh Talún. Rinneadh measúnú ar gach láithreán líonta talún gníomhach agus rinneadh moltaí sonracha do láithreáin chun ceadúnais a leasú.

Cuireadh páipéir sheasaimh ar fáil faoi ghipseam dramhaíola agus bhoinn bhurláilte, agus mar thoradh orthu eisíodh treoir faoi na sruthanna dramhaíola sin a bhainistiú tríd an Líonra Forfheidhmiúcháin.

Cáilíocht an Uisce Óil

Is í an EPA an t-údarás maoirseachta i dtaobh soláthairtí uisce poiblí ó Mhárta 2007 i leith. Ceanglaítear ar sholáthraithe uisce poiblí (údaráis áitiúla) an EPA a chur ar an eolas faoi sháruithe ar chaighdeáin uisce óil agus aon treoracha a thugann an EPA a chomhlíonadh. Tá cumhachtaí comhchosúla ag údaráis áitiúla i ndáil le soláthairtí uisce príobháideacha (.i. grúpscéimeanna uisce). Tugadh ról reachtúil d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte freisin maidir le cosaint sláinte an duine agus ní mór don údarás áitiúil agus don EPA dul i gcomhairle léi nuair atá riosca féideartha ann do shláinte an duine mar thoradh ar fhadhb maidir le soláthar uisce óil.

Sheirbheáil an EPA 45 treoir faoi shaincheisteanna uisce óil ar údaráis áitiúla le linn 2008, lena n-áirítear treoir do 34 údarás áitiúil maidir le cláir ghníomhaíochta a ullmhú, trealamh monatóireachta a shuiteáil agus córais chóireála a fheabhsú. I rith 2008 bhí iarrachtaí an EPA dírithe ar na réimsí a aithint a mbaineann an riosca is mó leo ó thaobh shlándáil agus shábháilteacht an tsoláthair uisce in Éirinn de, agus ar na bearta ar gá iad a chur i gcrích chun na rioscaí sin a íoslaghdú.

Meastar go bhfuil breis agus 300 soláthar uisce poiblí ann nach bhfuil slán go leor le huisce óil glan folláin a sholáthar ar bhonn leanúnach agus thug an EPA tús áite do dhul i ngleic leis an bhfadhb sin. D'fhoilsigh an EPA liosta bearta leasaithe agus ainmneacha na soláthairtí sin leis agus tá sé go gníomhach ag iarraidh na soláthairtí sin a fheabhsú i gcomhair leis na húdaráis áitiúla agus An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Fuair an EPA 281 fógra faoi theipeanna na gcaighdeán uisce óil a shásamh in 2008 agus rinne sí 79 iniúchadh ar ghléasraí cóireála uisce. Ina theannta sin, chas an EPA le gach údarás áitiúil chun ceanglais na rialachán uisce óil a leagadh amach agus d'fheidhmigh an obair seo mar chatalaíoch do mhaoiniú atá le dáileadh ar sholáthairtí tosaíochta uisce óil chun sábháilteacht agus sláine na soláthairtí aitheanta uisce óil a fheabhsú.

Thóg an EPA an chéad chás ionchúisimh faoi na Rialacháin Uisce Óil i rith 2008 chomh maith. Bhain an cás le teip Comhairle Contae na Gaillimhe cloí le Treoir.

Nuair a fuarthas sáruithe luaidhe sna soláthairtí uisce óil rinne an EPA imscrúdú ar an scéal, d'eisigh sí treoracha, chas sí leis na húdaráis áitiúla, agus tá sí i ndáil comhairle le páirtithe leasmhara eile i láthair na huaire chun beartais agus treoir náisiúnta a fhorbairt chun déileáil le ceist na seanphíopaí luaidhe atá fós in úsáid do dháileadh an uisce óil. Chuir an EPA in iúl do na húdaráis áitiúla uile gur gá dóibh suirbhéanna a dhéanamh ar chórais dáilte uisce le fáil amach an méid píobán luaidhe atá in úsáid.

Dramhuisce Uirbeach

Ceanglaíonn na Rialacháin um Scaoileadh Dramhuisce (Údarú), 2007 ar an EPA sceitheadh dramhuisce ó shráidbhailte, bhailte agus chathracha a rialáil. Beidh údarú nó deimhniú scaoilte dramhuisce ón EPA ag teastáil le haghaidh na gcóras séarachais uile faoi úinéireacht, faoi bhainistíocht agus faoi fheidhmiú na n-údarás áitiúil, agus tá an EPA chun é sin a chur i bhfeidhm. Eisíodh deich gceadúnas le linn 2008.

I rith 2008, lean an EPA ar aghaidh ag úsáid a cumhachtaí maoirseachta i leith údarás áitiúil lena spreagadh chun feabhas a chur ar fheidhmiú agus ar bhainistiú na n-ionad cóireála dramhuisce. D'eisigh an EPA 13 fógra reachtach d'údaráis áitiúla i rith 2008, i ndáil le saincheisteanna dramhuisce. Eisíodh na fógraí sin faoi Alt 63 de na hAchtanna fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992 agus 2003 tar éis don EPA iniúchtaí a dhéanamh nó de thoradh iniúchtaí a rinneadh maidir le gearáin chomhshaoil. San áireamh ar na gníomhartha seo bhí imscrúduithe ar ghearáin faoi bholaithe ó ionaid chóireála, imscrúduithe ar scaoileadh ábhair isteach in uiscí agus iar-obair ar uiscí snámha nár chomhlíon na caighdeáin éigeantacha. Eisíodh Treoir Bheartaithe amháin do Chomhairle Contae na Gaillimhe i ndáil le cóireáil dramhuisce neamhleor.

Saincheisteanna Oidhreachta a bhaineann leis an gComhshaol

Mar aon le formhór na dtíortha forbartha, tá Éire ag déileáil le saincheisteanna oidhreachta a bhaineann leis an gcomhshaol cosúil le seanlíonta talún, láithreáin mhianaigh tréigthe agus talamh éillithe.

Mar sin féin, tá scála agus géire na saincheisteanna seo in Éirinn i bhfad níos lú ná tíortha tionsclaithe eile mar go raibh Éire níos déanaí ag dul i ngleic leis an ré tionsclaíoch. Níl fardal náisiúnta de láithreáin truaillithe ann in Éirinn i láthair na huaire, cé go bhfuil roinnt tionscnamh ar bun chun déileáil le cineálacha éagsúla truaillithe agus tá an scéal is déanaí faoi na tionscnaimh sna hailt seo a leanas.

Iar-láithreáin dramhaíola

In 2007, d'fhoilsigh an EPA Cód Cleachtais a sholáthair creatlach d'údaráis áitiúla le hiar-láithreáin dramhaíola a aithint agus a mheasúnú. I rith 2008, thosaigh na hÚdaráis Áitiúla ag cur an Chóid Chleachtais seo i bhfeidhm ina limistéir feidhmíochta agus thosaigh siad ag iarraidh iar-láithreáin dramhaíola a aithint. Déanfar measúnú riosca agus rangú riosca ar na láithreáin sin. Tá uirlis mheasúnaithe ar líne forbartha ag an EPA chun cabhrú leis na húdaráis áitiúla na measúnuithe sin a chomhlíonadh. Tá an EPA i ndáil chomhairle leis an mBord um Sheirbhísí Ríomhaire do Rialtais Áitiúil chun an uirlis mheasúnaithe ar líne a chur ar fáil i gcaitheamh 2009.

Tionscadal na Mianach Tréigthe

I mí Feabhra 2006, chuir an EPA agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (Suirbhé Geolaíochta na hÉireann agus an Rannóg Taiscéalaíochta agus Mianadóireachta) tús le comhthionscadal chun iniúchtaí láithreáin mionsonraithe a dhéanamh ar láithreáin tosaíochta de mhianaigh stairiúla, chun measúnú a dhéanamh ar an riosca a d'fhéadfadh a bheith iontu do shláinte agus shábháilteacht an duine agus don chomhshaol níos leithne, agus chun moltaí a dhéanamh i ndáil le bainistíocht na láithreán sin amach anseo. Tá saineolaithe idirnáisiúnta i ngeochobhsaíocht agus measúnú riosca ag tabhairt comhairle faoin tionscadal. Tá iniúchadh déanta ar bhreis agus 100 láithreán mianach miotail agus guail go dtí seo agus rinneadh anailís mhionchruinn gheoicheimiceach agus gheochobhsaíochta orthu. Tá an tionscadal beagnach críochnaithe anois agus tá tuarascáil deiridh le foilsiú in 2009.

Talamh Éillithe

Rinneadh obair thábhachtach in 2008 a thug eolas agus tuiscint shuntasach dúinn ar shaincheisteanna maidir le talamh éillithe in Éirinn. Rinneadh é mar chuid d'fhorfheidhmiú na Creat-Treorach Uisce. De réir na Creat-Treorach, caithfear measúnú riosca a dhéanamh ar bhrúnna antrapaigineacha (saorga) ar screamhuisce ó phointí foinse agus idirleata, lena n-áirítear coiréil, tailte éillithe agus láithreáin líonta talún. Déantar screamhuisce a rangú trí stádas 'maith' nó 'dona' a thabhairt dó. Cabhróidh an obair seo chun tús áite a thabhairt do láithreáin éillithe maidir le hobair/leasúchán sa todhchaí.

Ceann de phríomhthionchar comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ag éilliú talún is ea an baol go ndéanfaí an screamhuisce a éilliú freisin. Beidh bearta ag teastáil i láithreáin talún éillithe nuair atá éilliú ón láithreán ag cruthú stádais dona don dobharlach screamhuisce. Beidh sé riachtanach bearta a dhéanamh maidir le dobharlaigh screamhuisce a bhfuil stádas dona acu le cinntiú go mbeidh stádas maith acu roimh spriocdháta na Creat-treorach Uisce in 2015. Má aithnítear go bhfuil láithreán éillithe aitheanta ina 'riosca' éillithe, ach nach bhfuil réim agus méid an éillithe suntasach go leor le stádas 'dona' a thabhairt don dobharlach screamhuisce, beidh leibhéil éagsúla bearta agus monatóireachta ag teastáil.

Ar 16 Nollaig, 2008 cuireadh na Rialacháin CE (Dliteanas Comhshaoil) 2008, I.R. Uimh. 547 de 2008 i bhfeidhm chun éifeacht iomlán a thabhairt don Treoir um Dhliteanas Comhshaoil ón AE. Tiocfaidh na Rialacháin i bhfeidhm an 1 Aibreán 2009. Is í an EPA a bheidh ina comhlacht inniúil chun críche na Rialachán seo.

OIFIG UM MEASÚNACHT COMHSHAOIL

Déanann an Oifig um Measúnacht Comhshaoil monatóireacht ar an aer timpeallach mar aon le monatóireacht ar lochanna, aibhneacha, inbhir agus ar screamhuisce ó thaobh gnéithe ceimiceacha, bitheolaíochta agus hidriméadracha de, de réir mar is cuí, agus déanann monatóireacht cháilíochtúil agus chainníochtúil ar screamhuisce, agus déanann comhordú ar an obair monatóireachta. Tacaíonn sí le feidhmeanna ceadúnúcháin agus forfheidhmiúcháin an EPA trí mhonatóireacht a dhéanamh ar astuithe agus trí sheirbhísí éagsúla saotharlainne a sholáthar. Tugann sí cabhair samplála agus saotharlainne d'údaráis áitiúla freisin. Tá an Oifig freagrach as raon feidhmeanna, lena n-áirítear: clár taighde comhshaoil náisiúnta a chomhordú; uirlisí measúnaithe, cosúil le Córais Faisnéise Tíreolaíochta (GIS), a fhorbairt agus a úsáid; tuarascálacha tráthrialta a sholáthar ar chaighdeán an chomhshaoil; agus tuarascálacha tréimhsiúla faoi Staid na Timpeallachta agus Tuarascálacha Táscaire a fhoilsiú. Lena chois sin, cuireann an Oifig na príomhghnéithe de Chreat-treoir Aeir an AE, agus dá Macthreoracha, Creat-treoir Uisce agus gnéithe comhshaoil REACH, i bhfeidhm. Feidhmíonn an Oifig seo an EPA mar Lárphointe Náisiúnta na hÉireann don Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA), déanann sí maoirseacht ar Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil agus comhordaíonn sí gníomhaíocht an EPA maidir le hithreacha agus bithéagsúlacht.

COMHSHAOL NA HÉIREANN 2008

I mí Dheireadh Fómhair 2008, d'fhoilsigh an EPA a ceathrú tuarascáil faoi 'staid an chomhshaoil', *Comhshaol na hÉireann 2008*. Is tuarascáil cheannródaíoch í seo ón EPA a thugann measúnú cuimsitheach fadréimseach, atá bunaithe ar fhianaise, ar chomhshaol nádúrtha na hÉireann. Rinne an tuarascáil seo scála na ndúshlán in Éirinn a aibhsiú agus léiríonn sí go bhfuil an comhshaol ina acmhainn atá faoi bhagairt. Rinne an tuarascáil ceithre phríomhdhúshlán a aithint a gcaithfear déileáil leo in Éirinn sna blianta amach romhainn. Ar na dúshláin seo tá:

- Athrú aeráide a shrianadh agus oiriúnú chuige;
- Díghrádú an chomhshaoil a chur droim ar ais – go háirithe maidir le truailliú uisce agus stádas caomhnaithe na ngnáthóg;
- Breithnithe comhshaoil a phríomhshruthú in earnálacha uile an gheilleagair; agus

- Cloí leis an reachtaíocht agus leis na comhaontuithe comhshaoil.

Tá a lán moltaí inti faoi na rudaí ar gá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a aithníodh.

TAIGHDE AGUS MEASÚNÚ

Taighde Comhshaoil

Dhámh an clár STRIVE suimeanna airgid in 2008 ar 30 tionscadal a bhí ar aon dul le buiséad de thart faoi €11 milliún a gealladh. Tugadh na dámhachtainí tionscadail dóibh siúd a leanas:

- 8 dtionscadal maidir le Bainistíocht Dramhaíola & Acmhainní;
- 9 dtionscadal maidir le Teicneolaíochtaí Comhshaoil;
- 9 dtionscadal maidir le Comhshaol & Sláinte; agus
- 4 thionscadal maidir le Forbairt Inbhuanaithe agus Socheacnamaíocht Chomhshaoil.

Bronnadh scoláireachtaí le haghaidh 16 PhD, 12 Máistreacht agus sé chomhaltacht Iardhochtúireachta arb ionann a luach agus ceangaltas an EPA thart faoi €4m a chur ar fáil go dtí 2010. Rinneadh Ceithre Mháistreacht a uasghrádú go stádas PhD. Cuireadh bailchríoch freisin ar an 33ú PhD faoin Scéim Scoláireachta dhíreach ó tosaíodh an clár in 2001. Foilsíodh 33 tuarascáil taighde san iomlán in 2008, lena n-áirítear dhá thuarascáil faoi mhargaí do theicneolaíochtaí comhshaoil a chuireann go díreach leis an *bPlean Gnímh Náisiúnta um Theicneolaíocht Comhshaoil*.

Treoir um Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (MSC)

Is é cuspóir na Treorach MSC ná ardleibhéal cosanta a thabhairt don chomhshaol agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. I measc príomhghníomhaíochtaí na bliana 2008 bhí dul chun cinn suntasach a rinneadh maidir le córais agus nósanna imeachta éifeachtacha a fhorbairt chun an próiseas MSC a fheabhsú agus chun dea-chleachtas maidir le MSC a chur chun cinn. San áireamh orthu seo bhí:

- Forbairt agus tástáil leanúnach a dhéanamh ar uirlis uathoibríoch cuardaigh agus Tuairiscithe don Chóras Faisnéise Geografaí (GIS) agus Seicliosta don Phróiseas MSC;
- Seicliosta comhairliúcháin SEA a chur ar fáil i rith 2008 mar threoir maidir leis an gcleachtas SEA is fearr, agus ullmhú pacáiste cineálach MSC le cabhrú le déantóirí Plean/Cláir déileáil leis an bpróiseas MSC;
- An uirlis cuardaigh GIS SEA a dhéanamh uathoibríoch agus ullmhú na *nDréacht-Treoirlínte Dea-Chleachtais faoi GIS a chur i bhfeidhm in MSC* atá beagnach críochnaithe anois agus a scaipfear go foirmiúil go luath in 2009;
- Measúnú Straitéiseach Comhshaoil a reáchtáil mar aon le ceardlann oiriúnach measúnaithe ag a raibh príomhdhéantóirí plean/cláir agus príomhchinnteoirí; agus
- Tuilleadh cur chun cinn dea-chleachtais MSC i measc na n-earnálacha seo a leanas iascaigh, fuinneamh, foraoiseacht, uisce, teileachumarsáid agus turasóireacht.

Fuarthas 116 fógra scagtha MSC i gcaitheamh 2008 agus cuireadh tús le 62 fógra scagtha MSC do MSCanna nua. Rinneadh 38 aighneacht faoi Dhréacht-phleananna/Dhréacht-chláir agus tuarascálacha Comhshaoil. I measc na bpríomh-SEAanna a chríochnaigh comhlachtaí poiblí in Éireann in 2008 bhí athbhreithniú an Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach, Clár Oibriúcháin Bhia Mara na hÉireann agus Plean Draenála Straitéisí Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Ina theannta sin, tá ceithre Staidéar um measúnú agus bainistiú rioscaí tuillte ar siúl faoi láthair.

Cáilíocht Uisce Snámha

Eisíodh The Bathing Water Quality Report 2007 i mí na Bealtaine 2008. De réir na tuarascála, tá cáilíocht iomlán na n-uiscí snámha in Éirinn ard fós, agus bhain 97% de na limistéir snámha ainmnithe caighdeáin éigeantacha an AE amach. Mar sin féin, níor chomhlíon ach 80 faoin gcéad de na limistéir snámha luachanna níos déine an AE, agus ba laghdú 10% é sin ar fhigiúr an tséasúir roimhe sin. Tharla sé seo, de ghnáth, toisc báisteach neamhghnách le linn séasúr snámha 2007 a chruthaigh, i measc rudaí eile, scaoileadh méadaithe leachta a raibh tionchar aige ar limistéir snámha. Lean an EPA uirthi i gcomhthéacs an Rialachán nua faoi Cháilíocht an Uisce Snámha 2008 ag gríosú na n-údarás áitiúil le limistéir snámha breise a aithint sna blianta amach romhainn. Tá sonraí faoi cháilíocht uisce snámha na hÉireann le fáil i Léarscáil 1.

Léarscáil 1:
Léarscáil uisce snámha na hÉireann 2007

Léarscáiliú ar Thorann sa Chomhshaol

D'ainmnigh na Rialacháin um Thorann Comhshaoil, a tháinig i bhfeidhm i mí Aibreáin 2006, an EPA mar Údarás Náisiúnta chun críche na Rialachán. Tá feidhmeanna maoirsithe, comhairliúcháin agus comhordaithe ag an EPA maidir le mapáil a dhéanamh agus bearta a phleanáil maidir le torann, mar aon le riachtanais tuairiscithe chun críche na Treorach um Thorann Comhshaoil. Baineann siad sin le measúnú agus bainistiú a dhéanamh ar thorann sa chomhshaol. Ag leanúint ar aghaidh ó tháirgeadh na léarscáileanna torainn in 2007, bhí sé de dhualgas ar na húdaráis áitiúla ábhartha pleananna gníomhaíochta torainn a ullmhú i rith 2008. Chabhraigh an EPA leis na húdaráis áitiúla a gcuid pleananna a ullmhú trí dhoiciméad treorach a chruthú, cheardlanna a chomhordú agus bharúlacha agus aiseolas a sholáthar faoi phleananna ar leith. Rinne Éire a dualgais tuairiscithe a chomhlíonadh in am freisin trí na haonáin sin ar ghá iad a mhapáil sa dara babhta den léarscáiliú torainn in 2012 a thuairisciú don Choimisiún Eorpach. Lena chois sin, bhí Éire ar an gcéad tír a thuairiscigh sonraí a sonraíodh maidir le pleananna gníomhaíochta don Choimisiún Eorpach faoin spriocdháta i lár mhí Eanáir 2009.

Cáilíocht Aeir

Foilsíodh *Air Quality in Ireland in 2007* – Key Indicators of Ambient Air Quality in 2008. Thug sé sin forléargas dúinn ar threochtaí cáilíochta aeir sa timpeallacht bunaithe ar shonraí monatóireachta ó 26 stáisiún. De réir na tuarascála:

- Bhí cáilíocht mhaith aeir ar fud na tíre, agus comhlíonadh caighdeáin uile an AE;
- D'fhéadfadh na leibhéil dé-ocsaíde nítrigine agus ábhair cháithnínigh (PM10) san aer i lárionaid uirbeacha de dheasca an tráchta a bheith ina gcúis imní dá dtiocfadh méadú breise orthu;
- Tá na leibhéil is airde d'ábhar cáithníneach (PM10) sna bailte níos lú toisc go mbaintear úsáid as gual biotúmanach ar bhonn leanúnach iontu, bíodh is go sásaíonn siad na caighdeáin fós. Léiríonn an graf i bhFigiúr 2 treochtaí i dtiúchain PM_{10} i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i nGaillimh idir 2000 agus 2007 agus an treocht chun donais atá le sonrú tríd is tríd.

Figiúr 2:
Meántiúchain Bhliantúla PM_{10} i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i nGaillimh idir 2000 agus 2007



Clúdach Talún Corine

Tá feabhas ag teacht ar an bhfaisnéis faoi chlúdach agus úsáid talún gach bliain trí fheidhmiú agus fhorbairt na n-íomhánna satailíte agus grianghraf a ligeann dúinn faisnéis chasta a chur i láthair ar léarscáil nó i bhfoirm ghrianghraif. Le linn 2008, rinne an EPA nuashonrú ar an léarscáil clúdaigh talún/úsáide talún in Éirinn mar chuid de thionscnamh Chlúdach Talún Corine na hEorpa, ina gcomhordaíonn an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil léarscáiliú clúdaigh talún fhormhór na hEorpa. Cuirfear an nuashonrú seo ar fáil in 2009 trí ENVision an EPA comhéadan léarscáil-bhunaithe na sonraí comhshaoil ar láithreán gréasáin an EPA. Ciallaíonn sé seo go mbeidh léarscáileanna clúdaigh talún ar fáil do na blianta 2000 agus 2006, a chuirfidh ar ár gcumas staidéar a dhéanamh ar úsáid agus chlúdach na talún sa tréimhse sin. Tá na cineálacha athruithe atá le feiceáil léirithe i bhFigiúr 3, a thaispeánann méadú suntasach ar thalamh atá úsáidte mar ionaid chónaithe, thionsclaíochta agus thráchtála (limistéir 'shaorga') i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus laghduithe comparáideacha ar thalamh curaíochta agus féarach.

An Bunachar Sonraí Náisiúnta Ithreacha

Cuireadh obair i gcrích ar Chartlann agus Bhunachar Sonraí Náisiúnta Ithreacha i rith 2008. Foilsíodh léarscáileanna pointe sonraí agus dáilte spásúla 45 dúil lena n-áirítear na cothaithigh mhóra mar fhosfar, photaisiam agus mhaignéisiam, agus riandúile riachtanacha mar chóbalt, chopar agus sheiléiniam, agus eilimintí eile ar díol suime iad (toisc go bhféadfadh siad a bheith tocsaineach) mar chaidmiam, arsanaic, luaidhe, nicil agus mhearcair. Cuireann sé seo bonnlíne struchtúraithe láidir ar fáil d'Éirinn faoi na airíonna geoiceimiceacha ithreach a bhaineann leis an gcomhshaol, cúrsaí talmhaíochta agus brúnna sláinte phoiblí. Is féidir an bonnlíne seo a úsáid chun treochtaí a mheasúnú i bparaiméadair thomhaiste thar tréimhse ama agus chun torthaí brúnna comhshaoil ar na hithreacha a chainníochtú. Is samplaí iad Léarscáil 2 agus 3 den dá chineál léarscáil a foilsíodh, agus tá an fhaisnéis ar fad le fáil anois ar láithreán gréasáin an EPA.

Figiúr 3:
Céatadán Athruithe ar Chlúdach Talún i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath idir 2000 agus 2006
(Foinse: Sonraí, JrC/UII; Anailís, EPA)



Léarscáil 2:
Léarscáil Pointe Sonraí do Thiúchan Caidmiam in Ithreacha na hÉireann
(Foinse: An Bunachar Sonraí Náisiúnta Ithreacha) Caidmiam san Ithir



Léarscáil 3:
Léarscáil de Leithdháileadh Spásúil Chaidmiam in Ithreacha na hÉireann
(Foinse: An Bunachar Sonraí Náisiúnta Ithreacha, 2007)



Bithéagsúlacht

Cuireadh an olltionscadal bithéagsúlachta AgBiota i gcrích in 2008 agus déanfar na torthaí a fhoilsiú in 2009. Tá bith-tháscairí oiriúnacha aitheanta ag an tionscadal maidir le tionchair chomhshaoil na talmhaíochta agus cabhróidh siad leis an sprioc náisiúnta chun stop agus aisiompú a dhéanamh ar mheath na bithéagsúlachta faoin tuath. Foilsíodh tionscadal gaolmhar leis faoi luach na bparaisít mar bhith-tháscairí i mí Márta 2008. Cuireadh tús le tionscadal mórscála taighde ceithre bliana, SIMBIOSIS, in 2008. Déanfaidh sé sin tionchair na bpríomhghníomhaíochtaí earnála a chainníochtú (go háirithe: saothrú na mbarraí bithfhuinnimh, tírdhreachú bóthair agus muirchultúr) ar bhithéagsúlacht ghéiniteach speiceas agus tírdhreacha agus ar na seirbhísí éiceachóras a sholáthraíonn siad, lena n-áirítear pailniú, srianadh lotnaidí bitheolaíochta, urlámhas carbóin agus frithsheasmhacht d'ionradh ó speicis choimhthíocha. Cuireadh an tionscadal taighde cúig bliana BIOFOREST, a bhí cómhaoinithe ag COFORD, i gcrích go déanach in 2007. Úsáideadh torthaí an tionscadail seo chun FEPS (scéim cosanta comhshaoil foraoise) a fhorbairt agus feictear go mbeidh siad riachtanach chun cabhrú le hÉirinn a gcuid dualgas faoin gCoinbhinsiún ar an mBithéagsúlacht a chomhlíonadh.

Lean an Ghníomhaireacht uirthi ag cabhrú leis an ionad Sonraí Bithéagsúlachta Náisiúnta agus d'oibrigh sí i gcomhpháirtíocht leis an an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra maidir le hathbhreithniú an Chláir Náisiúnta um Thaighde Bithéagsúlachta.

Samhail Forbartha Inbhuanaithe na hÉireann (ISus)

Tá an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) ag tabhairt faoi thionscadal taighde trí bliana arna mhaoiniú ag an EPA chun múnla a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann teacht chun cinn gníomhaíochta ar fud na heacnamaíochta agus na sochaí i bhfeidhm ar ghiniúint dramhaíola agus ar astuithe truailleán féideartha. Cuireadh tús leis an tionscadal in 2006 agus tugtar Samhail Forbartha Inbhuanaithe na hÉireann nó ISus mar ghiorrúchán ar an samhail a forbraíodh. Úsáideann an tsamhail ISus raon leathan de shonraí eacnamaíochta agus comhshaoil lena n-áirítear réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíochta féin an ESRI, agus féadann sé anailís a dhéanamh ar chásanna chun béim a leagan ar an tionchar a bheadh ag bearta éagsúla ar an gcomhshaol i slí go ndéanfar cinntí a rachaidh i bhfeidhm ar an gcomhshaol a threorú níos fearr. Cuireadh réamhthorthaí i láthair i gComhshaol na hÉireann 2008. Léiríonn Figiúr 4, mar shampla, an tsamhail ISus chun réamh-mheastacháin dramhaíola a léiriú.

Figiúr 4:
Réamh-mheastacháin Dramhaíola: Cás Gnáthghnó (Foinse: ISus)



Gníomhaireacht Comhshaoil na hEorpa

Is líonra comhpháirtíochta é EIONET (Líonra Faisnéise agus Breathnadóireachta na hEorpa) idir Ghníomhaireacht Comhshaoil na hEorpa (EEA) agus na tíortha atá ina mbaill di agus atá rannpháirteach inti. Cuimsíonn sé beagnach 900 saineolaí ó 37 tír i mbreis agus 300 gníomhaireacht comhshaoil náisiúnta agus comhlachtaí eile a dhéileálann le faisnéis faoin gcomhshaol.

Is iad na Pointí Fócasacha Náisiúnta (NFP) na príomhnaisc nó na príomhphointí teagmhála idir an EEA agus comhpháirtithe náisiúnta EIONET. Lean an EPA uirthi agus í ag feidhmiú ina ról mar NFP d'Éirinn ag déanamh comhordaithe ar mhalartú faisnéise comhshaoil leis an EEA agus ag forbairt agus ag cothabháil an líonra náisiúnta. Lena chois sin lean sí uirthi ag éascú agus ag comhordú teagmhálacha, iarratais agus seachadtaí idir an leibhéal náisiúnta agus leibhéal AE.

Córais Faisnéise Geografaí (GIS)

Lean an tAonad GIS air lena ghealltanas rochtain níos fearr ar shonraí a sholáthar, ar cuireadh tús leis nuair a forbraíodh ENVision in 2007, trí dhíriú ar láithreáin WebGIS a fhorbairt chun feidhmeanna sonracha a uathoibriú agus a éascú, laistigh den EPA nó mar sheirbhís le soláthar do pháirtithe leasmhara eile. Bhí na tionscadail seo dírithe ar mhodhanna uathoibrithe a úsáid chun laghdú a dhéanamh ar an am a thógtar chun rochtain a fháil ar na sonraí a bhíonn ag teastáil le haghaidh tascanna áirithe agus iad a phróiseáil. Is í chéad uirlis na sraithe ná an córas Múnla Asamhlaithe Acmhainne, chun cabhrú le leibhéil astuithe sábháilte a ríomh le haghaidh dramhuisce. Is í an dara huirlis ná an WebGIS um Measúnú Straitéiseach Comhshaoil a fheidhmíonn mar ionad ilfhreastail chun tuarascálacha MSC a chruthú. Is í an tríú ceann ná an WebGIS um Measúnú Riosca Líonta Talún, ar uirlis tacaíochta í le dul le *Cód Cleachtais an EPA um Láithreáin Líonta Talún Neamhrialáilte*. Tá na trí thionscadal á gcur i bhfeidhm agus beidh siad ar fáil ag foirne an EPA agus na hÚdarás Áitiúil.

Leanann an EPA ar aghaidh ag cur faisnéise ar fáil faoi cháilíocht an uisce in aibhneacha, lochanna, inbhir, screamhuisce agus limistéir snámha don phobal ar láithreán gréasáin nua an EPA trí mheán ENVision.

Chuir seoladh an EPA HydroNet i mí an Mheithimh feabhas ar sholáthar sonraí hidreolaíocha don phobal agus do pháirtithe leasmhara eile ar an idirlíon. Soláthraíonn an láithreán rochtain éasca ar shonraí coimrithe hidriméadracha (sonraí faoi shruthanna abhann, mar shampla) ag stáisiúin hidriméadracha na nÚdarás Áitiúil ar fud na hÉireann.

AN COMHSHAOL UISCEACH

An Chreat-treoir Uisce

Is í an Chreat-treoir Uisce an fhorbairt is mó i réimse bheartas uisce an AE go dtí seo. Cuireann an Treoir creatlach uileghabhálach agus clár ar fáil chun cosaint fhadtéarmach a dhéanamh ar uisce. Tá sé d'aidhm aici uisce a bhfuil stádas ard agus stádas maith aige a chaomhnú, cosc a chur ar dhochar breise do cháilíocht uisce agus an screamhuisce agus uisce dromchla ar fad a bhí díghrádaithe a athchóiriú le go mbainfidh siad stádas maith amach.

Thug an EPA moltaí don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil in 2008 maidir le caighdeáin fhisice-cheimiceacha agus cheimiceacha le haghaidh screamhuiscí, le go ndéanfaí iad a chur sna Rialacháin. Cuireadh tascanna Cláir Mhonatóireachta na Creat-treorach Uisce, a sannadh don EPA in 2008, i gcrích go rathúil. Go háirithe, d'eisigh an EPA measúnuithe stádais eatramhacha na screamhuiscí agus na n-uisce dromchla chuig Údaráis Dúiche na nAbhantrach ar mhaithe le cuspóirí a shocrú do phleananna bainistíochta na nDúichí Abhantraí.

Cáilíocht an Uisce

Foilsíodh an tuarascáil Cáilíocht Uisce in Éirinn 2004-2006 faoin gComhshaol Uisceach i mí na Samhna 2008 agus tá eolas mionsonraithe ar fáil inti maidir le cáilíocht uisce in Éirinn sa tréimhse sin.

Léirigh príomhthorthaí na tuarascála:

- go raibh cáilíocht uisce shásúil i 71.4% d'fhad na n-aibhneacha (féach Figiúr 5) agus i 92% d'achar dromchla locha a ndearnadh scrúdú orthu. Feabhas beag ab ea é sin ar fhigiúir na mblianta roimhe sin;

- go rangaíodh 78% de na hinbhir agus de na dobharlaigh limistéir chósta a scrúdaíodh mar neamhthruaillithe nó go raibh bail idirmheánach orthu;
- go raibh 25 faoin gcéad de na samplaí screamhuisce uile agus beagnach sé as gach deich n-ionad samplála screamhuisce éillithe ag bachaillíní drólannacha faecacha, agus gur sháraigh comhchruinnithe níotráite an mheántairseach bhliantúil chomhchruinnithe níotráite ag beagnach 10% de na hionaid samplála;
- go raibh cáilíocht fhoriomlán na n-uiscí snámha in Éirinn an-mhaith; agus
- gurbh é 122 an líon sladanna a taifeadadh a bheith déanta ar éisc don tréimhse trí bliana. Bhí an figiúr seo níos fearr ná figiúr na tréimhse trí bliana roimhe sin, ach is leibhéal an-ard é nach féidir glacadh leis.

An Clár Hidriméadrach

Is iad cuspóirí an Chláir Hidriméadraigh ná sonraí ábhartha ardchaighdeáin a chur ar fáil faoi shreabha agus leibhéil uisce chun tacú le dearadh bonneagair mhóir, astarraingtí ó sholáthar uisce, mar shampla, agus monatóireacht a dhéanamh chun tacú le spriocanna comhshaoil cosúil le spriocanna na Creat-treorach Uisce (CTU).

Leagann an CTU béim ar a riachtanaí is atá sé na hidirghníomhaíochtaí idir uisce dromchla agus screamhuisce a thuiscint. Chuir suiteáil os cionn 50 tobar nua monatóireachta agus os cionn 20 cora ar fhuaráin in 2008 go suntasach le líon agus cáilíocht na bpointí monatóireachta screamhuisce. Dearbhaíodh stádas na 757 dobharlach screamhuisce, a rianaíodh mar chuid

Figiúr 5:
Cáilíocht Aibhneacha 2004-2006: Céatadán d'fhad abhann i ngach aicme cáilíochta



d'fhorfheidhmiú na CTU. Leagadh béim ar chaighdeán na sonraí hidriméadracha agus ar shábháilteacht na stáisiún hidriméadrach a fheabhsú, le cúnamh na n-údarás áitiúil. Leanfar ar aghaidh ag cinntiú dul chun cinn sna réimsí sin in 2009.

Tugann na réamh-mheastacháin faoi thionchar an athraithe aeráide ar Éirinn le fios go n-athróidh na patrúin bháistí anseo, faoi mar a tharlóidh in áiteanna eile, agus go mbeidh impleachtaí i gceist aige sin d'acmhainní uisce agus d'infhaighteacht soláthairtí uisce; leagann sé sin béim ar an ngá atá ann i gcónaí monatóireacht hidriméadrach a dhéanamh ar aibhneacha, lochanna agus ar screamhuisce. Ba mhór an gar é do scaipeadh na sonraí hidreolaíocha seoladh na háise idirlín HydroNet faoi mar a luadh thuas.

SEIRBHÍSÍ SAOTHARLAINNE

Glacadh thart ar 24,600 sampla in 2008 agus ba mhéadú 5% é sin ar fhigiúr na bliana 2007. Rinneadh anailís orthu maidir le réimse paraiméadar ceimice agus, nuair ba chuí sin, maidir le réimse paraiméadar micribhitheolaíochta. Bhí thart ar 350,000 beart tomhais anailíse ar fad i gceist san obair sin. Tógadh na samplaí as aibhneacha, locha, screamhuisce, uisce taoide, síothlú ó líonadh talún, eisilteach agus astuithe aeir. Rinneadh obair mar chuid de chláir mhonatóireachta náisiúnta, lena n-áirítear cláir Oibriúcháin agus Faireachais na Creat-treorach Uisce (CTU) agus rinneadh í le tacú le forfheidhmiú comhshaoil agus mar chuid de na cláir réigiúnacha atá ar siúl thar ceann údarás áitiúil san oirdheisceart, san iarthar agus san oirthuaisceart.

Is féidir cuid den mhéadú i líon na samplaí a mhíniú trína rá gurbh é sin an chéad bhliain iomlán ina ndearnadh monatóireacht ó thaobh faireachais CTU ar aibhneacha agus ar locha agus monatóireacht Oibriúcháin ar uiscí trasdultacha. Ceannaíodh trealamh nua i gcaitheamh 2007 don obair seo agus úsáideadh é sna saotharlanna go léir. Rinneadh conarthaí le dream/anna seachtrach/a chun sampláil faireachais agus anailís orgánach a dhéanamh faoi mar a rinneadh in 2007.

Earcaíodh 5 ball foirne don tseirbhís agus cuireadh oiliúint orthu mar ullmhúchán do cheadúnú Dramhuiscí Uirbeacha. Chuir an Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil níos mó seirbhísí ar fáil maidir le tomhas gás líonta talún agus iniúchtaí saotharlainne.

An Clár Idirchalabrúcháin

Ghlac 2 shaotharlann bhreise páirt i gclár idirchalabrúcháin an EPA sa chaoi go raibh 126 acu san iomlán páirteach ann in 2008. Ina measc siúd bhí saotharlanna de chuid na n-údarás áitiúil agus saotharlanna ar conradh, saotharlanna eile a chuireann sonraí ar fáil don EPA agus cúig shaotharlann réigiúnacha de chuid an EPA féin. Rinneadh nuashonrú i mí na Bealtaine 2008 ar chlár na saotharlann, a bhfuil foráil faoi in Alt 66 d'Acht an EPA 1992. Is féidir é a iniúchadh i gCeanncheathrú an EPA agus ag www.epa.ie.

An Líonra Monatóireachta Aeir

Is féidir na torthaí go léir maidir le monatóireacht aeir ar fud na tíre a fháil, trí chomhéadan léarscáil-bhunaithe ar láithreán gréasáin an EPA a úsáid. Léiríonn léarscáil 4 na suíomhanna monatóireachta reatha (poncanna uaine) agus na bailte inar ullmhaíodh tuarascálacha measúnaithe (poncanna gorma). I measc suíomhanna monatóireachta nua na bliana 2008 tá Cluain Sceach agus Cnoc Lín i mBaile Átha Cliath, agus Leitir Ceanainn i g Co. Dhún na nGall.

Léarscáil 4:
Suíomhanna an Líonra Monatóireachta Aeir in Éirinn

CUID 2 EAGRAÍOCHT ARDFHEIDHMÍOCHTA A THÓGÁIL

Chomh maith le spriocanna comhshaoil a aithint, aithníonn *2020Vision* an sprioc eagraíochta atá againn san EPA ó thaobh Eagraíocht Ardfheidhmíochta a Fhorbairt Tá an EPA ag forbairt agus ag athrú i gcónaí ón uair a tionscnaíodh í chun go mbeidh sí in ann tosaíochtaí athraitheacha a chomhlíonadh. Tá sí á gríosú chuige sin go príomha ag riachtanais agus ionchais ár bpáirtithe leasmhara. Tríd an bhfís agus na spriocanna a léiríodh thuas a bhaint amach, leanfaimid orainn ag forbairt ár n-eagraíochta agus ag lorg slite le feabhas a chur uirthi. Is í an sprioc uileghabhálach atá againn ná eagraíocht de scoth an domhain a fhorbairt, a oibríonn go gasta agus go héifeachtach, a dhéanann comhpháirtíochtaí éifeachtacha agus, an rud is tábhachtaí ar fad, a chuireann torthaí fónta comhshaoil ar fáil. Is mian linn cur lenár gcáil agus a chinntiú go bhféachfar orainn mar eagraíocht a bhfuil láidreachtaí aici sna ceithre phríomhréimse seo a leanas:

Daoine Inniúla/Tiomanta – Sainghrúpa, tiomanta do chaomhnú comhshaoil, ag cur i bhfeidhm ár bpleananna gníomhaíochta gan staonadh.

Curadh an Chomhshaoil – Guth láidir, neamhspleách ag díriú ar na saincheisteanna láithreacha agus amach anseo.

Dírithe ar an gCustaiméir – Ag éisteacht agus ag freagairt go tapa, ag réamh-mheas riachtanas ár bpáirtithe leasmhara, agus seirbhís ardchaighdeáin a sheachadadh.

Éifeachtach ó thaobh Eagrúcháin de – Seirbhís a thugann luach ar airgead gan dúbailt ar bith, modhanna oibre cliste agus eagraíocht an-solúbtha.



AN OIFIG CUMARSÁIDE AGUS SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Cinntíonn an Oifig Seirbhísí Cumarsáide agus Corparáideacha, i measc rudaí eile, go ndéanann an EPA a cuid gníomhaíochtaí gnó ar bhealach éifeachtúil, a chloíonn leis an gcleachtas gnó is fearr agus a dhéanann cumarsáid éifeachtach lena cuid páirtithe leasmhara agus leis an bpobal i gcoitinne. Tá an Oifig freagrach as seirbhísí Airgeadais, Cumarsáide, Rialachais Chorparáidigh, Teicneolaíochta Faisnéise, Acmhainní Daonna, Oiliúna agus Eagrúcháin.

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tá an EPA tiomanta do chloí leis na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde agus cultúr an dea-rialachais a leabú i ngach Oifig agus aonad gnó dá cuid. Mar chuid den chur i bhfeidhm leanúnach an *Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Chomhlachtaí Stáit*, lean an EPA ar aghaidh ag déanamh iniúchtaí inmheánacha faoi mhaoirseacht an Choiste Iniúchta Inmheánaigh. Bhí ceithre chruinniú ag Coiste an Iniúchta Inmheánaigh in 2008. D'fhorbair an Coiste Iniúchta Inmheánaigh agus Bord an EPA Plean Iniúchta Inmheánaigh don tréimhse 2008 – 2009 agus glac siad leis. Bhunaigh an EPA ról i rith 2008 maidir le monatóireacht a dhéanamh ar a goilliúntas leis an reachtaíocht chorparáideach sa réimse Rialachais Chorparáidigh.

SEIRBHÍS ARDCHAIGHDEÁIN DON CHUSTAIMÉIR (SAC)

D'aithin an Plean Gníomhaíochta SAC 2008 spriocanna straitéiseacha an EPA maidir le seirbhís don chustaiméir. Ba iad seo a leanas príomhchuspóirí an phlean sin.

- Seachadadh Seirbhíse a Fheabhsú;
- Iontaoibh a Bhunú le Phobail agus le Páirtithe Leasmhara;
- Treoir a Fhorbairt;
- Feabhas a chur ar Sheirbhís Inmheánach do Chustaiméirí; agus
- Feidhmíocht na Seirbhíse don Chustaiméir a Thomhas.

D'aithin gach oifig gníomhartha faoi leith maidir le gach ceann de na spriocanna seo. Tugadh tuairisc do Bhord an EPA ar bhonn ráithiúil faoi chur i bhfeidhm an Phlean. I measc bearta suntasacha SAC

le linn 2008 bhí seoladh láithreáin ghréasáin HydroNet a thugann sonraí sreafa uisce de réir mar atá siad ag an am ag na stáisiúin ar fud na tíre. Feabhsaíodh an áis cuardaigh ceadúnas agus cuireadh le hinrochtaineacht láithreán gréasáin an EPA. Lena chois sin foilsíodh roinnt Nótaí Treoracha BAT i rith 2008. Tá Cairt Chustaiméirí an EPA le fáil ar láithreán gréasáin na gníomhaireachta.

CUMARSÁID

Rinne an oifig um chaidrimh leis na meáin san EPA plé le breis agus 700 fiosrúchán meán in 2008.

Ceapadh sraith alt agus scaipeadh iad gach mí i measc na meán réigiúnach. Bhain na hailt le saincheisteanna éagsúla a bhfuil baint ag an EPA leo agus bhí siad go léir curtha in oiriúint don chontae nó don réigiún a bhí i gceist. I measc na n-ábhar a pléadh bhí caighdeán uisce óil agus scagairí uisce óil, caighdeán uisce snámha, athrú aeráide, dó sa ghairdín cúil agus sa tinteán, Clár na dTithe Glasa de chuid an EPA/An Taisce, gnó glas agus leideanna séasúracha um Nollaig.

I bhFeabhra 2008 foilsíodh agus scaipeadh cáipéis *Buaicphointí na Bliana* an EPA, a thug eolas ar phríomhbhearta an EPA le bliain anuas, agus scaipeadh dá eagrán den nuachtlitir chorparáideach *EPANews* ar shíntiúsóirí le linn na bliana.

Rinne an EPA urraíocht ar cheathrú comhdháil bhliantúil *Environment Ireland* i Meán Fómhair. Bhí breis agus 300 ionadaí de chuid phobal ghnó na hÉireann agus na hearnála poiblí i láthair. Cuireann an chomhdháil fóram ar fáil chun forbairtí suntasacha i mbeartas comhshaoil na hÉireann a phlé. Ba é téama chomhdháil na bliana 2008 ná 'Achieving a Sustainable Ireland'. Bhí an chomhdháil ar siúl tráth a raibh dúshláin mhóra le sárú ag geilleagar na hÉireann, agus rinneadh plé ar roinnt ceisteanna lárnacha beartais lena n-áirítear forbairt inbhuanaithe; athrú aeráide; rialáil chomhshaoil; teicneolaíochtaí glana; bainistíocht dramhaíola; acmhainní uisce agus beartas i leith an chomhshaoil.

Bhí caidreamh idir foireann an EPA agus páirtithe leasmhara ag raon imeachtaí náisiúnta agus áitiúla le linn na bliana, ar a n-áirítear Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT; an Taispeántas Greener Ireland ag an RDS, Farmfest '08 i mBaile Átha an Rí agus ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta a tionóladh i gCill Chainnigh.

Chuir an EPA bailchríoch ar an tsraith sheacht léacht faoi athrú aeráide, agus tugadh an chéad léacht ócáideach i nDeireadh Fómhair 2008 ina dhiaidh sin. Sa tsraith sheacht léacht cíoradh príomhghnéithe athrú aeráide idir réamh-mheastacháin agus thionchair, agus na torthaí a bheadh aige ó thaobh na heacnamaíochta agus na polaitíochta de. Bhí lucht éisteachta mór ag gach léacht, rud a chruthaíonn go measann gach earnáil sa tsochaí gur ceist an-tábhachtach í. Tá na léachtaí sin ar fáil mar chraoltaí físe ar láithreán gréasáin an EPA. Spreagtar feasacht faoin ábhar tábhachtach sin trí na léachtaí a bheith ar fáil ar an idirlíon.

D'oibrigh An Taisce i gcomhar leis an gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl de chuid an EPA chun Clár na *dTithe Glasa* a sheoladh i mí na Bealtaine, 2008. Is í aidhm Chlár na *dTithe Glasa* ná feasacht a spreagadh faoin gcomhshaol agus tacú le gníomhartha dearfacha inbhuanaithe i leith an chomhshaoil i measc sealbhóirí tí agus grúpaí pobail. Déileálann an clár le hábhair mar cosc a chur ar dhramhaíl, caomhnú fuinnimh, úsáid uisce agus iompar. Is í seo tríú chéim an chláir anois. Tá sé á reáchtáil i measc caoga pobal, tá 41 scoil agus thart faoi 6,700 teaghlach rannpháirteach ann, agus táthar ag clárú ar líne ag www.greenhome.ie fós.

LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN EPA

Feabhsaíodh láithreán gréasáin an EPA chun go mbeadh sé níos fusa do dhaoine faoi mhíchumas é a rochtain. Cuireadh áis nua (ar a dtugtar fotha RSS) ar fáil chun daoine a bhfuil spéis acu sa scéal a chur ar an eolas faoi ábhar nua ar an láithreán. Is féidir le lucht úsáidte an láithreáin a n-ainmneacha a chur leis an áis seo más mian leo go dtabharfar le fios dóibh nuair a chuirtear preasráiteas nua ar an láithreán.

OIDEACHAS

Tá acmhainní oideachais forbartha ag an EPA do mhúinteoirí ag leibhéal na bunscoile agus na meánscoile. Rinneadh iad a scaipeadh ar gach scoil mórthimpeall na tíre agus leanfar á ndáileadh ar iarratas.

Lean an EPA uirthi ag cur urraíochta ar fáil don tsraith teilifíse *EcoEye* in 2008. Craoladh an séú sraith ar RTÉ 1 go luath san Earrach. Bhreathnaigh 400,000 duine ar an meán ar gach clár. Bhí an seachtú sraith de *EcoEye* á forbairt le linn na bliana le craoladh sa chéad ráithe de 2009.

Rinne an EPA urraíocht ar chlár faoi athrú aeráide sa dara sraith den tsraith eolaíochta, *The Investigators*. Tharraing an clár aird ar chuid den obair den scoth atá á déanamh ag taighdeoirí eolaíochta Éireannacha. Craoladh é go déanach istoíche ar RTÉ 1 agus bhí 176,000 duine ar an meán ag féachaint ar gach clár. Rinne an EPA urraíocht arís ar cheacht faoi athrú aeráide in *Eolaíocht agus Teicneolaíocht ag Gníomhú*. Is acmhainn ilmheán do scoileanna dara leibhéil é sin.

CUMARSÁID INMHEÁNACH AGUS COMHPHÁIRTÍOCHT

Ós rud é gurb eagraíocht í an EPA atá ag fás agus a bhfuil clúdach geografach leathan aici, tá cumarsáid inmheánach fíorthábhachtach ina hoibríochtaí. Eagraíodh sraith cheardlann don fhoireann i gcaitheamh 2008 mar chuid de chur i bhfeidhm na straitéise um chaidreamh inmheánach. Is í aidhm na straitéise ná leanúint ar aghaidh ag forbairt an EPA mar eagraíocht ardfheidhmíochta a bhfuil béim láidir ar earcú agus coinneáil na ndaoine is fearr, a bheith ina churadh comhshaoil, atá dírithe ar an gcustaiméir agus a bhfuil a cuid oibre dírithe ar thorthaí agus atá éifeachtach mar eagraíocht.

Tá ról tábhachtach ag coiste comhpháirtíochta an EPA, *Meitheal*, maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chumarsáid inmheánach laistigh den EPA agus í a fheabhsú.

Tá Coiste Comhpháirtíochta *(Meitheal)* ar bun ag an EPA ó 1999 i leith. Tá ionadaithe bainistíochta, ceardchumann agus foirne ar an gCoiste agus cinntíonn sé go nglactar le cur chuige rannpháirteach le déileáil le saincheisteanna agus le dúshláin de réir mar a thagann siad chun cinn.

Ullmhaíonn *Meitheal* plean gníomhaíochta gach bliain faoi na ceannteidil seo a leanas: cur chun cinn comhpháirtíochta, an EPA a dhéanamh níos glaise, sláinte agus sábháilteacht, bainistiú feidhmíochta, seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí, forbairt na heagraíochta agus na foirne, bainistiú acmhainní daonna agus malartú faisnéise.

Meitheal 2008.

Is trí fhoghrúpaí a dhéanann *Meitheal* formhór a chuid oibre. Lena chois sin scrúdaíonn *Meitheal* tuairiscí maidir le dul chun cinn faoi *I dTreo 2016* agus faomhann iad.

Bhí ról suntasach ag *Meitheal* i rith 2008 i bhforbairt leanúnach an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta don fhoireann, i gcomhordú tionscnamh Sláinte agus Sábháilteachta, i nGlasú an EPA agus in ullmhú tuarascála faoin dul chun cinn maidir le *Plean Gníomhaíochta I dTreo 2016*. Lean an foghrúpa um eagrúchán agus forbairt foirne orthu ag obair ar chláir fhorbartha foirne a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.

Ghlac an EPA le cuireadh ón Ionad Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta in 2008 chun páirt a ghlacadh i bhfeachtas náisiúnta chun comhpháirtíocht a chur chun cinn san ionad oibre.

ACMHAINNÍ DAONNA

Nuair a sannadh réimse nua freagrachtaí don EPA tugadh faomhadh di 50 ball foirne nua a cheapadh i ndisciplíní éagsúla, agus tá 340 duine ar an bhfoireann anois. Eagraíodh 35 comórtas earcaíochta san iomlán in 2008. Rinneadh na ceapacháin nua go léir agus na ceapacháin go léir dá thoradh sin i gcaitheamh 2008.

Tá 165 ball foirne lonnaithe sa Cheanncheathrú i Loch Garman agus tá an chuid eile den fhoireann ag obair sna Cigireachtaí Réigiúnacha agus in Oifigí eile ar fud na tíre.

OILIÚINT AGUS FORBAIRT FOIRNE

Tá an EPA tiomanta go mór don fhoireann a fhorbairt agus d'oiliúint a chur orthu. Léirítear an tiomantas seo sa chaoi a bhaintear amach go rialta, nó a sháraítear, sprioc na hEarnála Poiblí maidir le 4% den phárolla a chaitheamh ar Oiliúint agus ar Fhorbairt. Caitheadh breis agus €720,000 go díreach ar oiliúint i rith na bliana.

Ghlac baill foirne páirt i gclár ina raibh 246 imeacht, idir chúrsaí oiliúna, cheardlanna, chomhdhálacha agus sheimineáir, in Éirinn agus thar lear, i rith na bliana. B'ionann iad sin agus 1,959 lá oiliúna ar fad agus 6 lá oiliúna in aghaidh an duine. Lean an EPA ar aghaidh ag cur i bhfeidhm an Chláir Forbartha Foirne, arna chomhardú ag foghrúpa de Choiste Comhpháirtíochta an EPA, *Meitheal*. Is é cuspóir an chláir seo cur ar chumas na rannpháirtithe na príomh-mhodhanna oibre agus gníomhaíochta sin a aithint agus a fhorbairt atá riachtanach chun lánchumas a bhaint amach sna róil atá acu faoi láthair agus sna róil a bheidh acu amach anseo agus chun na scileanna agus na hinniúlachtaí sin a thabhairt d'fhoireann an EPA atá riachtanach le bheith ag obair i dtimpeallacht nua-aoiseach atá dírithe ar an gcustaiméir. Cuireadh tús le Clár Feasachta um Éagsúlacht agus Míchumas le haghaidh na mball foirne. Tionscnaíodh clár nua um Bainistiú Daoine ag deireadh na bliana agus lean an EPA lena tiomantas don bhreisoideachas trí chuidiú le baill foirne cúrsaí staidéir a bhaineann le hábhar a leanúint ina gcuid ama féin.

SEIRBHÍSÍ TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE

Bhí seirbhísí teicneolaíochta faisnéise an EPA dírithe i rith 2008 ar thacú le cur i bhfeidhm rialachán nua comhshaoil, agus ar thacú leis an sprioc fhadtéarmach d'fheabhsú leanúnach a dhéanamh ar bhailiú, mheasúnú agus sholáthar faisnéise, do na páirtithe leasmhara uile.

Forbraíodh córas TF nua chun bainistiú a dhéanamh ar bhailiú agus scaipeadh faisnéise maidir le hastuithe truailleán agus aistrithe dramhaíola na hÉireann agus cuireadh i bhfeidhm é. Tá an EPA ag bailiú na faisnéise seo óna saoráidí ceadúnaithe lena cur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí Mheithimh 2009 le haghaidh an Chlár um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán (PRTR) faoi mar a éilíonn rialacháin an AE. Táthar ag súil go gcruthóidh na fardail truaillithe seo ó láithreáin thionsclaíocha agus ó fhoinsí eile brú suntasach maidir le laghdú na leibhéal truaillithe.

Cuireadh roinnt córas i bhfeidhm le tacú le ról an EPA maidir le forfheidhmiú na rialachán nua. Ba iad seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí:

- Córas TF a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le cabhrú leis an EPA an Treoir agus na Rialacháin um Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE) a fhorfheidhmiú; agus
- Córas TF a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun rianú, bainistiú agus forfheidhmiú a dhéanamh ar fhógraí faoi uisce óil ó údaráis áitiúla.

Lena chois sin rinneadh feabhsuithe ar chórais inmheánacha an EPA chun éifeachtacht na bpróiseas inmheánach agus scaipeadh faisnéise i measc ball foirne an EPA a fheabhsú. Bhí breis éifeachtúlachta ann dá bharr sin ó thaobh tuairisciú athruithe forfheidhmithe agus maidir leis an bhfaisnéis atá ar fáil faoi uisce óil agus uisce abhann.

SÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS

Tá an EPA tiomanta do shábháilteacht, shláinte agus leas na foirne a chinntiú trí chloí go docht le Caighdeáin Sláinte agus Sábháilteachta agus trí oiliúint oiriúnach, cláir feasachta sábháilteachta agus trealamh cosanta pearsanta a chur ar fáil. Tá teist den scoth ar an EPA ó thaobh sábháilteachta de agus níor tharla timpiste thromchúiseach ar bith ag an obair le linn 2008. Leanadh ar aghaidh i gcaitheamh 2008 ag spreagadh feasachta faoi chúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa, trí chlár oiliúna sábháilteachta fairsing a sholáthar, lena n-áirítear, bailchríoch a chur ar chlár faireachais sláinte don fhoireann go léir.

Leanadh ar aghaidh ag iniúchadh agus ag déanamh measúnú riosca ar ghníomhaíochtaí an EPA nuair a chríochnaigh iniúchóir seachtrach iniúchóireacht ar an gclár oibre bitheolaíochta allamuigh. Fuarthas amach gur déileáladh go sásúil tríd is tríd leis na rioscaí go léir, go dtugann an EPA freagra sásúil ar aon iarratas a bhaineann le sábháilteacht agus gur thug an fhoireann go léir a cuireadh faoi agallamh tús áite don tsábháilteacht. Ós rud é gurb amuigh faoin aer a dhéantar formhór na hoibre ilchineálaí seo is iad oiliúint agus cúram caoi an dá rud is riachtanaí agus níl aon ghanntanas oiliúna ná cúraim ann.

Rinneadh mórchuid oibre i gcaitheamh na bliana 2008 chun go mbeadh daoine faoi mhíchumas in ann áitribh an EPA a rochtain.

BAINISTÍOCHT CHOMHSHAOIL INMHEÁNACH

Chuir an EPA tús in 2007 le measúnú foirmiúil a dhéanamh ar an tionchar comhshaoil a bhí aici agus í d'aidhm aici córais bhainistíochta chomhshaoil níos fearr a chur ar fáil. Rinneadh an Chéad Athbhreithniú Comhshaoil chun feidhmiú an EPA a mheas ó thaobh an chomhshaoil de bunaithe ar na nósanna imeachta agus na cleachtais bhainistíochta agus oibríochtúla a bhí aici ag an am.

Cuireadh Clár Bainistithe Comhshaoil (EMP) i bhfeidhm i rith 2008 chun aghaidh a thabhairt ar na gnéithe suntasacha a aithníodh i gClár na nGnéithe Comhshaoil. D'oibrigh Foireann Ghlas an EPA i gcaitheamh na bliana ag cur chun feidhme an EMP agus baineadh amach na spriocanna agus na cuspóirí faoi mar a bhíodar leagtha síos. I measc na dtionscadal a chuir an EPA chun feidhme i gcaitheamh na bliana bhí:

- Suiteáladh córas téite millíní adhmaid in Inis Cara, Contae Chorcaí;
- Tá gach láithreán EPA ag úsáid leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite;
- Tá córas lánscagtha um bainistiú dramhaíola in úsáid i ngach láithreán;
- Tá saoráidí físchomhdhála le fáil sna príomhláithreáin; agus
- Cuirtear cúrsaí comhshaoil san áireamh sa phróiseas soláthair.

Rinneadh iniúchtaí fuinnimh ar gach áitreabh de chuid an EPA mar chuid den Chlár Bainistithe Comhshaoil chun monatóireacht agus tomhas foirmiúil a chur i bhfeidhm agus le fáil amach na laghduithe a d'fhéadfaí a dhéanamh.

Roghnaíodh Ceanncheathrú an EPA agus Cill Chainnigh le páirt a ghlacadh i dTionscadal Caomhnaithe Fuinnimh de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí le haghaidh foirgneamh poiblí. D'éirigh go maith leis an dá fhoirgneamh ó thaobh úsáid fuinnimh de nuair a cuireadh iad i gcomparáid leis an méid a úsáidtear ar an meán i bhfoirgnimh den sórt sin.

CLÁR CAIPITIL

Tosaíodh ag cur le Ceanncheathrú an EPA i mí Feabhra 2008 agus ba chóir go gcríochnófar an obair laistigh de 15 mhí. Beidh a lán gnéithe inbhuanaithe ag baint leis an síneadh sin ar nós gléasra coire bithmhais, aisghabháil teasa ó ghléasra aerchóirithe, córas soilse atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de, painéil ghréine fhótavoltacha agus bailiú uisce báistí.

Tugadh an obair athchóirithe chun críche ar an gcéim dheireanach d'athchóiriú na Cigireachta Réigiúnaí in Inis Carra chun cóiríocht bhreise oifige a chur ar fáil.

COMHAONTUITHE NÁISIÚNTA

D'fhorbair an EPA Plean Gníomhaíochta faoin gComhaontú reatha Náisiúnta, *I dTreo 2016* agus d'fhormheas an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil é in 2006. Pléann an plean gníomhaíochta saincheisteanna mar úsáid éifeachtach acmhainní, seirbhís don chustaiméir, ríomhrialtas agus solúbthacht agus nuachóiriú eagrúcháin.

Cuireadh dhá thuairisc faoin dul chun cinn faoi bhráid na Roinne in 2007 agus glacadh leo agus soláthraíodh ceann eile i Meitheamh 2008. Dhearbhaigh an grúpa fíoraithe feidhmíochta gur bhain an EPA amach na spriocanna feidhmíochta a bhí leagtha síos ina plean gníomhaíochta agus go raibh dul chun cinn maith déanta aici maidir le réimse tionscnamh go mór mór cinn a bhain le soláthar seirbhísí agus obair thrasfheidhmithe foirne.

COISTE COMHAIRLEACH

Bhí ceithre chruinniú ag Coiste Comhairleach an EPA le linn 2008. Lean an Coiste air ag tabhairt comhairle úsáideach agus thráthúil don Ghníomhaireacht faoi réimse saincheisteanna.

BORD AN EPA

Bhí 50 cruinniú ag Bord an EPA in 2008, ar a raibh 38 cruinniú teicniúil inar pléadh iarratais ar cheadúnais, ionchúisimh agus saincheisteanna oibriúcháin eile agus 12 chruinniú ginearálta inar pléadh beartas corparáideach, airgeadas agus saincheisteanna pleanála.

ROCHTAIN AR FHAISNÉIS

Tá an EPA tiomanta do bheith ina heagraíocht oscailte inrochtana. Is féidir leis an bpobal na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (FOI) agus na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis (AIE) a úsáid chun an fhaisnéis atá uathu a fháil murar féidir leo í a fháil ar bhealaí eile.

Tháinig 2008 iarratas SF chuig an EPA i rith 20. Astu sin, deonaíodh 11 iarratas go hiomlán nó i bpáirt agus diúltaíodh do 4 iarratas. Maidir leis na cásanna sin inar diúltaíodh rochtain ar na taifid rinneadh é sin de bhun clásail éagsúla na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise lena n-áirítear diúltaithe teicniúla faoi Ailt 10 agus 46. Aistarraingíodh dhá iarratas ach bhí trí cinn ann fós ag deireadh na bliana.

Fuair an EPA 23 iarratas de bhun na Rialachán AIE. Ceadaíodh 17 acu sin go hiomlán nó i bpáirt agus diúltaíodh do 5 cinn (sna cásanna sin níorbh ann do na taifid nó bhí siad ar fáil cheana féin le go bhféadfadh an pobal iad a iniúchadh).

COMHAIRLEOIRÍ

Le linn 2008, bhain an EPA leas as seirbhísí comhairleoirí éagsúla. Tá liosta de na comhairleoirí agus Sainchomhairleoirí a fostaíodh le fáil i dTábla 6.

Tábla 6:
Sainchomhairleoirí agus Comhairleoirí Fostaithe in 2008

A & L GOODBODY	GWEN MALONE	SCIENTIFICS LTD
ACHILLES PROCUREMENT SERVICES	HEANET LIMITED	SIGMA SEVEN LTD
AINHOA GONZALEZ DEL CAMPO	HELM CORPORATION LTD	SOFTWARE PATHS
ASKHR LTD	HEWLETT PACKARD IRL LIMITED	SPEED-IT LTD
B2E LTD	INFRATEC	TARTAN TECHNOLOGIES LTD
BARRY DOYLE & COMPANY	INSTITUTE OF PUBLIC ADMINISTRATION	TERMINAL FOUR
CALYX IRELAND LTD	INTEGRITY SOLUTIONS	UNIT4AGRESSO
CAMP DRESSER & MCKEE (IRELAND)	IQ CONTENT LTD	UNIVERSITY COLLEGE CORK
CARLOW COUNTY COUNCIL	ISONIQ LIMITED	VISUAL ID
CARR COMMUNICATIONS LTD	IVW	WILLIAM E MURPHY
CASEY MCGRATH & ASSOCIATES	KISTERS AG	
CERAM BUILDING TECHNOLOGY	LAND QUALITY MANAGEMENT LTD	
CERIDIAN I.T.S.	LEVETT-THERIVEL	
COMPASS INFORMATICS LTD	M J O'CONNELL & CO CONSULTING ENGINEERS	
CORA SYSTEMS LTD	MINEREX ENVIRONMENTAL LTD	
COYLE HAMILTON WILLIS	MJ GRAY	
DAVID BALL	MOTT MCDONALD PETTIT LTD	
DELOITTE AND TOUCHE	MR BRUCE MISSTEAR	
DETECTAG SECURITIES LTD	MR TIMOTHY MULVEY	
DR DAVID DREW	NATIONAL PHYSICAL LABORATORY	
DR DECLAN MURRAY	NEWSTEAD CONSULTING LTD	
DR CATHERINE COXON	NIAMH HYLAND B.L.	
DR ROBBIE MEEHAN	NUALA BUTLER B.L.	
DUNCAN LAURENCE ENVIRONMENTAL LTD	OCTO	
EMILY EGAN	ODOUR MONITORING IRELAND	
ERNST & YOUNG	OPEN INTERFACE LTD	
ESP TECHNOLOGIES LTD	ORAN DOYLE	
ESRI IRELAND LTD	ORIGINA LTD	
EUROFINS	OWEN HYDES	
FUTURE PERFECT	PFH COMPUTER SYSTEMS (CORK)	
GEOGLOGICAL SURVEY OF IRELAND	PLANNET21 COMMUNICATIONS LTD	
GPS IRELAND	RITS INFORMATION SECURITY	
GRAPHITE HRM LTD	RPS GROUP - DUN LAOGHAIRE	

AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Tagann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) faoi théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a tháinig in éifeacht an 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 a tháinig i bhfeidhm an 7ú Lúnasa 2002.

Is é beartas an EPA féachaint chuige go n-íoctar gach sonrasc go pras. Cuireadh córais agus nósanna imeachta ar leith i bhfeidhm le go bhféadfaí gach sonrasc a rianú agus lena chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí roimh an dáta dlite. Déantar sonraisc cheannaigh a thaifeadadh go laethúil sa Rannóg Cuntas, agus leantar iad go córasach lena chinntiú go ndeimhnítear iad gan mhoill iad lena n-íocadh. Eisítear íocaíochtaí de réir mar is gá chun íocaíocht pras a chinntiú. Deartar na rialuithe seo chun neamh-chomhlíonadh ábhartha an Achta agus na Rialachán a chosc chomh fada agus is féidir, cé nach féidir dearbhú absalóideach a thabhairt.

Tharla íocaíochtaí malla 122 uaire le linn 2008, a raibh luach thar €317 ag baint leo, agus sháraigh siad seo an dáta dlite faoi 22 lá ar an meán. Ba é luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha seo ná €923,643. San iomlán, ba é 2.7 % de luach iomlán an n-íocaíochtaí clúdaithe ag an Acht na híocaíochtaí malla, agus ba é €3,076 an t-ús pionóis a bhain leo.

Mary Kelly

Mary Kelly
Ard-Stiúrthóir, EPA

AGUISÍN 1

TUARASCÁIL AR STAID AN CHOMHSHAOIL

- Comhshaol na hÉireann 2008.

AER

- Cáilíocht Aeir in Éirinn 2007.
- Leibhéil Dé-ocsaíde sa Chomhshaol in Éirinn An Cúigiú Measúnú.
- Fardal na hÉireann ar Astuithe Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa le haghaidh 2007.
- Réamh-mheastacháin faoi Astuithe Náisiúnta na hÉireann de Gháis Cheaptha Teasa go dtí 2020.
- Astuithe Gás Ceaptha Teas na hÉireann le haghaidh na tréimhse 1990-2006.

CORPARÁIDEACH

- Buaicphointí Bliantúla an EPA 2007.
- Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an EPA le haghaidh 2007.
- EpaNews Earrach 2008.
- EpaNews Fómhar 2008.

DRAMHAÍL

- An Plean Náisiúnta um Bainistíocht Dramhaíola Guaisí 2008-2012.
- Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola 2006.
- An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl – Tuarascáil Bhliantúil 2007-2008.

UISCE

- Soláthar agus Cáilíocht an Uisce Óil in Éirinn Tuarascáil maidir leis na blianta 2006-2007.
- Cáilíocht Uisce in Éirinn 2004-2006.
- Cáilíocht Uisce Snámha in ÉirinnTuarascáil na bliana 2007.

NÓTAÍ TREORACH

- Cód Cleachtais Measúnú Riosca Comhshaoil i gcás Láithreáin Diúscartha Dramhaíola Neamhrialaithe.
- Nóta Treorach maidir le Torann i ndáil le Gníomhaíochtaí Sceidealaithe Eagrán 2, 2006.
- Nóta Treorach maidir le Monatóireacht ar Astuithe Aeir # 2.

TUARASCÁLACHA TAIGHDE COMHSHAOIL

Athrú Aeráide

- Climate Change Implementation of the Global Climate Observing System in Ireland. (ERC 8) Ned Dwyer.
- Climate Change – An Analysis of Aerosol Properties at Mace Head. (STRIVE 4) S. Gerard Jennings.

Aer

- Long-term measurements of atmospheric mercury at Mace Head, Carna, Co. Galway. (ERC 9) Stephan Leinert.
- New Transboundary Air Pollution Monitoring Capacity for Ireland. (ERC10) Stephan Leinert.

- AQUIRE – Air Quality Forecast and Statistics over Ireland. (ERC 11) Hermann Jakobs.
- Data Analysis and Estimation of Greenhouse Gas Emissions and Removal for the IPCC Sector Land Use, Land-Use Change and Forestry Sectors in Ireland. (ERC 7) Phillip O'Brien.

Uisce

- Water Framework Directive: Recharge and Groundwater Vulnerability. (STRIVE 6) Bruce Misstear, Les Brown.
- Water Framework Directive: Marine Ecological Tools for Reference, Intercallibration and Classification. (STRIVE 7) Caroline Cusack.
- Eutrophication from Agricultural Sources The Impact of the Grazing Animal on Phosphorus, Nitrogen,
- Potassium and Suspended Solids Loss from Grazed Pastures-Phosphorus Dynamics in Grazed Grassland final report. (ERTDI 77) D.Burke
- Forestry Operations and Eutrophication -PEnrich. Synthesis Report. (ERTDI 78) Ján Machava.
- Eutrophication from Agricultural Sources. Tuarascáil Chomhtháite. (ERTDI 81) O.T.Carton.
- A Framework for the Assessment of Groundwater Dependent Terrestrial Eco Systems under the Water Framework Directive. (ERC 12) Garrett Kilroy.

Ithreacha agus Bithéagsúlacht

- The Value of Parasitic Hymenoptera as Indicators of Biological Diversity. (STRIVE 3) Annette Anderson, Gordon Purvis.
- Quantification of Erosion and Phosphorus release from a Peat Soil Forest Catchment. (STRIVE8) M. Rodgers.
- ATLAS Soils Geochemical Atlas of Ireland. (Tá an tuarascáil seo le fáil ag http:// erc.epa.ie/safer/iso19115/displayAllAttachments.jsp?isoID=7)

Bainistíocht dramhaíola agus acmhainní

- Organic Waste Management in Apartments. Tuarascáil deiridh. (ERTDI 71) Carmel Carey, Warren Phelan, Conall Boland.
- A Nationwide Review of Pay-By-Use (PBU) Domestic Waste Collection Charges in Ireland. (STRIVE 10) Abigail O' Callaghan, Anna Davies.
- A Nationwide Review of Pay-By-Use (PBU) Domestic Waste Collection Charges in Ireland. Achoimre Feidhmiúcháin.
- (STRIVE 9) Abigail O' Callaghan, Anna Davies.
- Examining the Use of Food Waste Disposers. (STRIVE 11) Carmel Carey.
- Critical Analysis of the Potential of Mechanical Biological Treatment for Irish Waste Management. (STRIVE 16) B. Guinan.

Socheacnamaíocht

- Quality of Life and the Environment. (ERTDI 74) Craig Bullock.
- Island Limits A Resource Flow Analysis and Ecological Footprint of Ireland. (STRIVE 1) Cathy Maguire, Robin Curry.
- Energy Crops in Ireland: An Assessment of their Potential Contribution to Sustainable Agriculture, Electricity and Heat Production. Tuarascáil deiridh. (ERTDI 70) David Styles, Michael Jones.
- Environmental Sustainability and Future Settlement Patterns in Ireland. (STRIVE 2) Richard Moles, Bernadette O'Regan.
- Strategic Environmental Assessment -SEA: Alternative Development for Household Waste Management. (STRIVE 18) Margaret Desmond.
- Teicneolaíochtaí Comhshaoil
- Air Pollution Trace Radical Absorption through Cavity-Enhanced Spectroscopy TRACES (STRIVE 15) U. Heitmann.
- eDiesel Barriers and Benefits. (STRIVE 5) Fergal Purcell.
- Energy Efficient Improvement of Waste water Treatment Processes Using Process Integration Techniques. (STRIVE 14) Toshko Zhelev.
- Results from the Cleaner Greener Production Programme-Summary Phase 2. EPA.

CUID 3
RÁITIS AIRGEADAIS

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31Ú NOLLAIG 2008

- Ráiteas um Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta
- Ráiteas faoi Chóras na Rialuithe Airgeadais Inmheánacha
- Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- Beartais Chuntasaíochta
- Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
- Ráiteas ar Ghnóthachain agus Chaillteanais Iomlána Aitheanta
- Clár Comhardaithe
- Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid
- Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Ráiteas um Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta De réir Alt 50 (1) den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, ní mór don EPA ráitis airgeadais a ullmhú ar cibé bealach agus a cheadódh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil i gcomhairle leis an Aire Airgeadais.

Agus an EPA ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin, ní foláir di:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura mbíonn sé mí-oiriúnach a ghlacadh leis go leanfar ar aghaidh le feidhmiú an EPA;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an EPA freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an EPA agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 50 d'Acht an EPA. Tá freagracht ar an EPA chomh maith a cuid sócmhainní a chosaint agus bearta réasúnacha a ghlacadh le cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile agus iad a aimsiú.

Mary Kelly

An tArd-Stiúrthóir

Micheál Ó Briúnaic

Stiúrthóir

23 Meán Fomhair 2009

RÁITEAS FAOI RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH 2008

1. Thar ceann Bhord Stiúrthóirí an EPA, admhaím ár bhfreagracht maidir le cinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialuithe airgeadais inmheánacha, maidir le cuntais an EPA a ullmhú agus gach dualgas reachtúil a bhaineann leis an nGníomhaireacht a chomhlíonadh.
2. Admhaíonn Stiúrthóirí an EPA chomh maith gur cinnteacht réasúnach amháin seachas cinnteacht iomlán is féidir a chur ar fáil maidir le córas na rialuithe airgeadais inmheánacha go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtacht ábhartha a chosc nó go dtugtar faoi deara go tráthúil iad.
3. Na Príomhbhearta Rialaithe

   i. Tá bearta déanta ag Stiúrthóirí an EPA chun an timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú taobh istigh den Ghníomhaireacht trí:

   - Ráiteas Straitéise an *EPA 2020Vision – Protecting and Improving Ireland's Environment* a fhoilsiú. Baineann an Straitéis leis an tréimhse go dtí 2010 agus tá cuspóirí comhshaoil agus eagrúcháin an EPA leagtha amach inti. Déanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm na Straitéise seo agus cuirfear tuairiscí chuig Bord an EPA ar bhonn tréimhsiúil.
   - Clár oibre mionsonraithe a chomhaontú le haghaidh gach bliain, agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh go rialta ar dhul chun cinn in aghaidh an chláir oibre.
   - Cruinnithe Boird a thionól go rialta chun bainistíocht agus maoirseacht a dhéanamh ar obair an EPA.
   - Coiste Inmheánach Iniúchta a bhunú mar chuid d'athbhreithniú córasach ar an timpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialaithe laistigh den EPA, maoirsiú a dhéanamh ar an Iniúchadh Inmheánach agus comhairle a thabhairt don Bhord maidir leis an gcaoi atá sé á chur i bhfeidhm agus á fhorbairt.
   - Beartas i leith Bainistiú Rioscaí a cheapadh agus a chur i bhfeidhm.
   - Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a chur i bhfeidhm do gach ball foirne.
   - Freagrachtaí bainistíochta a shonrú go soiléir.
   - Tacar nósanna imeachta airgeadais a ghlacadh chun gnéithe airgeadais suntasacha a bhaineann le gnó an EPA a rialú agus iad a fhoilsiú i Lámhleabhar Airgeadais Inmheánach.
   - Sceideal cuimsitheach de shocruithe árachais a choimeád chun leasanna an EPA a chosaint.
   - Rialacháin agus buanorduithe a chur ar bun agus a leanúint maidir le gnó an Bhoird a reáchtáil.
   - Cinntiú go sásaítear ceanglais na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí agus Ailt 37 & 38 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, maidir le Deimhniú agus Nochtadh ar Leasanna.
   - Feidhmeanna a tharmligean nuair is cuí sin.
   - Athbhreithniú agus faomhadh a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta uile an EPA.
   - Cód Iompair Ghnó maidir le Stiúrthóirí agus Baill Foirne a ghlacadh chucu féin de réir mar a éilítear sa Chód Cleachtais.

   ii. Rinneadh athbhreithniú ar Chláir Rioscaí an EPA de réir Beartas Bainistithe Rioscaí na Gníomhaireachta agus ullmhaíodh Clár Rioscaí Corparáide. Cuireann gach Stiúrthóir ráiteas dearbhaithe ráithiúil ar fáil don Ard-Stiúrthóir ag admháil na freagrachta maidir le nuashonrú, monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar chlár na rioscaí ina (h)oifig féin agus le cinntiú go gcuirtear an Beartas Bainistithe Rioscaí i bhfeidhm.

   iii. Tá córas na rialuithe airgeadais inmheánacha bunaithe ar eolas bainistíochta rialta, ar chóras tarmligin agus freagrachta, ar thacar nósanna imeachta airgeadais, ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus ar dhianseiceáil leanúnach ag an bhfeidhm airgeadais. Áirítear air go háirithe:

   - Córas buiséadaithe cuimsitheach lena mbaineann

buiséad bliantúil a ndéanann Stiúrthóirí an EPA athbhreithniú agus forcheadú air.

- Buiséid agus údarás buiséadach agus freagracht maidir le feidhmeanna sonracha a shannadh do bhainisteoirí áirithe. Cuireadh bailchríoch ar Lámhleabhar Airgeadais in 2007 inar leagadh amach na beartais agus na nósanna imeachta maidir le saincheisteanna airgeadais agus buiséid.
- Is ag Stiúrthóirí agus ag ceithre Bainisteoirí Cláir ainmnithe agus acusan amháin atá údarás anois maidir le gach eisíocaíocht airgid an EPA, íocaíocht na dtuarastal, na bpinsean, na gcreidiúnaithe, agus na gcostas srl. (bíodh sé sin déanta le seic nó le haistriú leictreonach cistí).
- Sula ndéantar na húdaruithe sin roinntear dualgais phróiseála na n-idirbhearta ina dhá chéim. 1: dearbhú go bhfuarthas na hearraí/seirbhísí agus na tuarastail, na pinsin agus na speansais dhlite, ag baill foirne atá freagrach as na hidirbhearta sin agus 2: go ndéanfadh an tAonad Airgeadais na méideanna airgid atá dlite a ríomh sula n-iarrtar údarú íocaíochta.
- Is trí chóras bainistithe airgeadais an EPA a dhéantar gach ceannach agus ní féidir aon cheannach a dhéanamh gan ordú ceannaigh a chruthú tríd an gcóras seo. Déantar gach íocaíocht a údarú trí earraí a mheaitseáil sa chóras seo agus ní féidir ordú ceannaigh a chruthú nó íocaíocht a údarú gan é a thaifead i gcóras bainistithe airgeadais an EPA.
- Athbhreithniú rialta leanúnach a dhéanamh ar gach íocaíocht a dhéanann an lucht bainistíochta sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag Bord na Stiúrthóirí ar fhaisnéis agus ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla (lena n-áirítear cuntais bhainistíochta), ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na mbuiséad.
- Spriocanna a shocrú chun an fheidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas.
- Disciplíní bainistithe tionscadail maidir le cláir thógála agus mórthionscadail chomhairleoireachta.
- Cuntasaíocht Airgeadais nua-aimseartha ar ríomhaire agus córais bhogearraí Phárolla a úsáid mar bhonn le rialuithe airgeadais inmheánacha an EPA.
- Córas rialaithe maidir le ceadú foriomlán conarthaí caipitil agus conarthaí comhairleoireachta.

iv. Rinneadh staidéar ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le rioscaí gnó tríd an bpróiseas measúnaithe rioscaí gnó agus trí ullmhú Pleananna Iniúchta Inmheánaigh an EPA. Déanfar iad seo a iniúchadh agus a mheasúnú a thuilleadh le cur i bhfeidhm céimnitheach phlean iniúchta inmheánaigh an EPA. Eisíodh nósanna imeachta chun tréithe airgeadais suntasacha ghnó an EPA a rialú, agus tá uasteorainneacha údaraithe leagtha síos ag an mBord maidir le ceannachán.

v. Cathaoirleach seachtrach atá ar Choiste Iniúchta an EPA chomh maith le lucht saineolais eile ón taobh amuigh (in ionad ionchur ó Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin) agus ionadaithe sinsearacha ón nGníomhaireacht féin. Rinneadh Plean Iniúchta Inmheánaigh an EPA 2008 – 2009 a chur i bhfeidhm de réir a chéile agus rinneadh ceithre iniúchadh inmheánacha i rith 2008. Bhain siad leis na réimsí seo a leanas:

- Córais Faisnéise
- Bainistiú Teagmhas san EPA
- Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe
- Sócmhainní Seasta, Caiteachas Caipitiúil agus Mionairgead.

D'aontaigh an Coiste Iniúchta agus Bord an EPA le pleananna feidhme chun díriú ar mholtaí a tháinig ón iniúchadh. Déantar athbhreithniú rialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir leis na Pleananna Forfheidhmithe agus tugtar tuairisc don Choiste Iniúchta agus don Bhord fúthu.

Rinneadh athbhreithniú ar Phlean an Iniúchta Inmheánaigh 2009-2010 in 2008 i bhfianaise rioscaí a sonraíodh i gClár Rioscaí an EPA, ceanglais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Cistí chomh maith le hathruithe agus ceisteanna maidir leis

an Rialachas Corparáide a tháinig chun cinn san Earnáil Phoiblí i gcoitinne. Thug an Coiste Iniúchta Inmheánaigh agus Bord an EPA faomhadh don Phlean Iniúchta Inmheánaigh.

vi. Mar aon leis na príomhrialacháin a bhfuil cuntas fúthu thuas cuireadh na rialacháin nua seo i bhfeidhm i rith 2008:

- Ceapadh Beartas monatóireachta agus measúnaithe maidir le géilliúntas leis an reachtaíocht corparáideach agus cuireadh i bhfeidhm é agus chuige sin ceapadh ról um oifigeach géilliúntais san EPA chun maoirsiú a dhéanamh ar an mBeartas.
- Ceapadh ról le haghaidh oifigeach soláthair chun comhairle agus treoir a thabhairt faoi ghníomhaíochtaí soláthair an EPA.
- Cuireadh oiliúint ar fáil don fhoireann bhainteach go léir maidir leis an Lámhleabhar Airgeadais.
- Tiomsaíodh fardal de na sócmhainní seasta ag ionaid uile an EPA. Ceanglaíodh clib uathúil barrachóid a thabharfaidh le fios má bhaintear leis ar gach sócmhainn ábhartha agus cláraíodh é i gclár na Sócmhainní Seasta.
- Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar na nósanna reatha maidir le sócmhainní seasta.

4. Athbhreithniú Bliantúil ar na Rialuithe

Deimhním go ndearna an EPA, chomh maith leis na bearta iniúchta inmheánaigh a cuireadh i gcrích agus a dtagraítear dóibh in alt 3 (v) thuas, athbhreithniú in Eanáir 2009 ar chórais rialaithe inmheánacha na bliana 2008.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird

Mary Kelly

An tArd-Stiúrthóir

23 Meán Fomhair 2009

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR I LÁTHAIR THITHE AN OIREACHTAIS

Tá ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 iniúchta agam faoin Acht um Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

FREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA AGUS AN ARD-RE ACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE FAOI SEACH

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí na Gníomhaireachta leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na níomhaireachta.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais. Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Ghníomhaireacht an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíráiteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airdeadais.

AN BUNÚS ATÁ LE MO THUAIRIM AR NA RÁITIS

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na Gníomhaireachta, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

TUAIRIM

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na Gníomhaireachta ag 31 Nollaig 2008 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

John Buckley
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
25 Meán Fomhair 2009

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1 BUNÚS NA CUNTASAÍOCHTA

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi chomhghnás an chostais stairiúil agus ar shlí atá ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le comhthoiliú an Aire Airgeadais de réir Alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe, ach amháin mar a luaitear thíos, agus de réir gnáthchleachtais chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta. Glactar le caighdeáin tuairiscithe airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar is infheidhme iad.

2 DEONTAIS OIREACHTAIS

Is iad na deontais iarbhír a fuarthas sa tréimhse cuntasaíochta na figiúirí a thaispeántar.

3 TÁILLÍ CEADÚNAIS

Éilítear ar iarratasóirí ceadúnais táille iomlán an iarratais cheadúnais a íoc ag an tráth ina ndéantar an t-iarratas. Cionroinntear na suimeanna a fhaightear don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais nuair a thugtar na céimeanna seo a leanas den phróiseas ceadúnaithe chun críche:

Ceadúnais um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú agus Ceadúnais Bainistithe Dramhaíola:

- Iarratas 30%
- Cinneadh Beartaithe 50%
- Eisiúint Ceadúnais 20%

Ceadúnais um Scaoileadh Dramhuisce:

- Iarratas 10%
- Admháil an iarratais iomláin 40%
- Cinneadh a Eisiúint faoi Cheadúnas 50%

4 MAOINIÚ AN AONAID TRÁDÁLA ASTUITHE

Bunaíodh an tAonad Trádála Astuithe (ATA) laistigh den Ghníomhaireacht in 2003. Rinneadh costais an ATA seo a aisghabháil le linn 2008 ó fháltais a fuair an Ghníomhaireacht de thoradh cheantáil liúntas a bhí ar siúl in 2006 chun costais riaracháin na scéime um thrádáil astuithe a chlúdach. Déanfar fuílleach na gcostas in 2008 a aisghabháil ó dhíolachán na liúntas atá le tarlú in 2009. Tá foráil sa treoir a thug an Rialtas don Ghníomhaireacht maidir le scéim an AE um thrádáil astuithe chun ceantáil a dhéanamh ar chuid de na liúntais iomlána (ach gan 1% díobh a shárú).

Áirítear fáltais na ceantála a choinníonn an EPA chun an tAonad a mhaoiniú mar ioncam na Gníomhaireachta agus é sin de réir na gcostas bainteach. Is don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a thugtar fáltais na ceantála nach bhfuil ag teastáil chun maoiniú a dhéanamh ar chostais an ATA agus ní ghlactar leo mar chuid d'ioncam na Gníomhaireachta.

5 ÍOCAÍOCHTAÍ UM DHEONTAS TAIGHDE

Déanann an EPA ceangaltais i ndáil le tionscadail taighde atá dáfa do mhaoiniú. Gearrtar caiteachas ar na tionscadail taighde seo sna ráitis airgeadais ar bhunús na n-íocaíochtaí tosaigh atá déanta ar shíniú na dámhachtana deontais, íocaíochtaí eatramhacha gur féidir a dhéanamh faoi réir feidhmíochta atá sásúil agus íocaíochtaí breise atá eisithe le haimsiú agus fíorú na n-éileamh i ndáil le hobair atá curtha i gcrích. Gearrtar costais atá tabhaithe ag an EPA i bhforfheidhmiú na gclár taighde chuig ráitis airgeadais mar a thabhaítear iad.

6 SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS

Sloinntear sócmhainní seasta ag costas lúide dímheas carntha. Soláthraítear dímheas faoin modh dronlíneach ag na rátaí atá luaite thíos a mheastar chun na sócmhainní a laghdú chuig a luachanna inréadaithe ag deireadh a saoil ionchais oibre :

- Foirgnimh 2%
- Troscán agus Feistis 10%
- Trealamh Saotharlainne agus Allamuigh 15%

- Trealamh TF agus Ríomhairí 25%
- Mótarfheithiclí 20%

7 MAOINIÚ CAIPITIL

Sásaítear sócmhainní seasta na Gníomhaireachta agus airleacain chun obair atá ar siúl a mhaoiniú agus ceannach sócmhainní ó chumasc de dheontais chaipitiúla, iasachtaí ceadaithe agus leithdháiltí ón ioncam reatha. Aistrítear maoiniú a thagann ó dheontais (lena n-áirítear iad sin a úsáidtear le hiasachtaí a aisíoc) chuig cuntas caipitil a amúchtar de réir dímheasa na sócmhainní comhghaolmhara.

8 STOIC

Díscríobhtar gach stoc, lena n-áirítear stoic inchaite, sa bhliain ina gceannaítear iad.

9 FÉICHIÚNAITHE

Déantar foráil d'fhiacha amhrasacha, nuair atá sé sin ag teastáil, sna cuntais. Díscríobhtar drochfhiacha, de réir mar a thagann siad aníos, os coinne na forála sin.

10 AOISLIÚNTAS

Feidhmíonn An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil scéimeanna pinsean a bhfuil sochar sainithe acu agus a mhaoinítear go bliantúil de réir mar a théitear ar aghaidh ó airgead atá ar fáil di, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, agus ó ranníocaíochta pinsin bainte de thuarastail foirne.

Déantar dliteanais na Scéime Pinsean a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint leasa as modh an aonaid tuartha.

Braitheann costais phinsean ar na sochair phinsin tuillte ag fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a choinníonn an Ghníomhaireacht. Glactar le méid a chomhfhreagraíonn don táille pinsin mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil, agus go ndéantar é a fhritháireamh le deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsean a dhéanamh. Gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ag eascairt ó athruithe sna toimhdí Achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh atá aitheanta sa Ráiteas ar Iomlán Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta don bhliain ina dtarlaíonn siad agus coigeartú comhfhreagrach aitheanta samhéid atá in-aisghafa ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Luach reatha íocaíochtaí pinsean sa todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo is ea dliteanais phinsean. Is éard atá i maoiniú pinsean iarchurtha ná an tsócmhainn chomhfhreagrach a dhéanfar a aisghabháil sa todhchaí ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

		2008	2007
IONCAM	**Nóta**	€	€
Deontais Oireachtais	1	51,142,902	39,659,257
Costais Aisghafa maidir le Trádáil Astuithe	2	1,121,758	1,062,339
Seirbhísí Eile		29,377	28,387
Ioncam ó Shaotharlanna Réigiúnacha		1,869,631	2,147,968
Gníomhaíochtaí Ceadúnúcháin	3	1,669,716	1,285,060
Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin	4	7,418,901	7,689,253
Fáltais Ilghnéitheacha	5	237,510	117,418
Maoiniú iarchurtha glan i gcomhair pinsean	22 (c)	7,250,099	7,270,864
		70,739,894	**59,260,546**
CAITEACHAS			
Tuarastail agus ÁSPC	6	19,740,526	17,760,966
Costais Phinsean	22 (a)	8,259,847	8,188,664
Speansais Taistil	7	1,918,964	1,827,051
Costais Saotharlainne agus Allamuigh	8	1,304,297	1,269,266
Costais Chóiríochta	9	1,293,342	1,276,577
Costais Riaracháin Eile	10	6,175,456	5,594,860
Sainchomhairleoirí	11	462,630	242,890
Conraitheoirí, Deontais agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha	12	9,927,558	6,812,414
Taighde Comhshaoil	13	11,670,939	11,269,137
Dímheas	18	1,998,748	1,802,802
		62,752,307	56,044,627
Aistriú chuig Cuntas Caipitil	14	7,513,365	3,609,373
		70,265,672	**59,654,000**
Barrachas Oibríochta / (Easnamh)		**474,222**	**(393,454)**
(Easnamh) / Barrachas ar Dhiúscairt Sócmhainní		(208,287)	493,283
Barrachas roimh Ús		**265,935**	**99,829**
Ús Faighte	15	19,329	10,820
Ús Iníoctha agus Muirir Chomhchosúla	16	(138,622)	(114,221)
Barrachas / (Easnamh) don Bhliain		**146,642**	**(3,572)**
Barrachas ag 1 Eanáir		34,274	37,846
Barrachas ag 31 Nollaig		**180,916**	**34,274**

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha. Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta agus an ráiteas um shreabhadh airgid chomh maith leis na nótaí ó 1 go 25.

Mary Kelly

An tArd-Stiúrthóir

Michael O Briúnaic

Stiúrthóir

23 Meán Fomhair 2009

RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS CHAILLTEANAIS IOMLÁNA AITHEANTA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

	Nóta	2008 €	2007 €
Barrachas / (Easnamh) don Bhliain		**146,642**	**(3,572)**
Caillteanas taithí ar dhliteanais scéimeanna pinsean		(5,002,000)	(583,000)
Athruithe ar an mbonn tuisceana maidir le luach reatha dliteanas na scéime pinsean		15,280,000	8,505,000
Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Pinsean	22(b)	**10,278,000**	**7,922,000**
Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsean Iarchurtha		**(10,278,000)**	**(7,922,000)**
Iomlán Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta don Bhliain		**146,642**	**(3,572)**

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta agus an ráiteas um shreabhadh airgid, chomh maith leis na nótaí ó 1 go 25.

Mary Kelly

An tArd-Stiúrthóir

Micheál Ó Bríoncáin

Stiúrthóir

23 Meán Fomhair 2009

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 31 NOLLAIG

	Nóta	2008 €	2007 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA	18	25,624,668	24,363,802
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	19	13,913,523	7,252,217
Airgead ar Láimh agus sa Bhanc	20	6,232,610	6,044,078
		20,146,133	13,296,295
LÚIDE DLITEANAIS REATHA			
Creidiúnaithe (Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)	21(a)	10,129,660	9,444,572
Glansócmhainní / (Dliteanais) Reatha		10,016,473	3,851,723
Creidiúnaithe (Méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	21(b)	(2,260,192)	(2,494,583)
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE FIACHAIS REATHA ROIMH PHINSIN		33,380,949	25,720,942
Dliteanais Phinsean	22(b)	95,301,000	98,329,000
Maoiniú Pinsean Iarchurtha	22(c)	(95,301,000)	(98,329,000)
		0	0
Glan-Sócmhainní Iomlána		33,380,949	25,720,942
ARNA N-IONANNÚ LE:			
Cuntas Caipitil	14	33,200,033	25,686,668
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		180,916	34,274
		33,380,949	25,720,942

Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta agus an ráiteas um shreabhadh airgid chomh maith leis na nótaí ó 1 go 25.

Mary Kelly

An tArd-Stiúrthóir

Micheál Ó Briúnaic

Stiúrthóir

23 Meán Fomhair 2009

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

	Nóta	2008 €	2007 €
RÉITEACH BARRACHAIS CHUIG GLAN-INSREABHADH AIRGID INSREABHADH Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN			
Barrachas / (Easnamh) don bhliain		146,642	(3,572)
Ús Faighte	15	(19,329)	(10,820)
Easnamh / (Barrachas) ar Dhiúscairt Sócmhainní		208,287	(493,283)
Aistriú chuig Cuntas Caipitil	14	7,513,365	3,609,373
Muirear dímheasa don bhliain	18	1,998,748	1,802,802
(Méadú) / Laghdú sna Féichiúnaithe		(7,996,986)	(2,675,644)
Méadú / (Laghdú) i gCreidiúnaithe (ach amháin Creidiúnaithe Iasachta)		680,306	(2,703,913)
Glan-insreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		**2,531,033**	**(475,057)**
RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID			
Glan-insreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		**2,531,033**	**(475,057)**
TORTHAÍ AR INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS SEIRBHÍSIÚ AIRGEADAIS			
Ús Bainc		19,329	10,820
GNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTITHE			
Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní seasta		33,280	705,908
Íocaíochtaí le sócmhainní seasta a shealbhú		(2,165,501)	(2,639,990)
Glan-insreabhadh / (Eis-sreabhadh) Airgid Roimh Airgeadú		**418,141**	**(2,398,319)**
AIRGEADÚ			
Aisíocaíochtaí ar Iasachtaí um Shócmhainní Seasta		(229,609)	(233,508)
Méadú / (Laghdú) ar Airgead		**188,532**	**(2,631,827)**
RÉITEACH AR GHLANSREABHADH AIRGID CHUIG GLUAISEACHT IN IARMHÉIDEANNA AIRGID			
Méadú / (Laghdú) ar airgead sa bhliain		188,532	(2,631,827)
Cistí ag 1 Eanáir		6,044,078	8,675,905
Cistí ag 31 Nollaig		**6,232,610**	**6,044,078**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an ráiteas um beartais chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 25.

Mary Kelly

An tArd-Stiúrthóir

Micheál Ó Bríoncáin

Stiúrthóir

23 Meán Fomhair 2009

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1 DEONTAIS OIREACHTAIS		2008 €	2007 €
Vóta na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil:			
Deontais ón Vóta:	Reatha	26,476,902	21,939,769
	Caipiteal	7,466,000	3,051,000
	Cistiú Taighde	11,500,000	11,165,000
	Cláir Eile	5,700,000	3,503,488
		51,142,902	**39,659,257**

Is leithroinnt shonrach é Cistiú Taighde chun costas an Taighde Comhshaoil a shásamh.

Caitheadh €11,670,939 ar ghníomhaíochtaí taighde sa bhliain 2008 (2007 €11,269,137).

2 GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN AONAID TRÁDÁLA ASTUITHE (ATA)	€	€
(a) Costas an Aonaid Trádála Astuithe	1,121,758	1,062,339
Táillí Cláraithe Oibritheora Trádála Astuithe, srl.	8,649	5,300
Costais le haisghabháil ó Chistí Ceantála, srl.	1,113,109	1,057,039
Maoiniú Iomlán Chostais an ATA	**1,121,758**	**1,062,339**

(b) Coimriú ar Chistí an Aonaid Trádála Astuithe:	€	€
Cistí Tugtha ar Aghaidh	517,149	6,948,380
Iomlán na gCistí a Gineadh	35,338	79,488
Costais Iomlána ATA na Bliana Reatha	(1,121,758)	(1,062,339)
Costais le hAisghabháil ó fháltais a bhaineann le díolachán na Liúntas sa todhchaí (Féach Nóta 19)	569,271	0
Cistí ATA iníoctha leis an Roinn CO&RA	**0**	**5,965,529**
Íoctha leis an Roinn CO&RA	0	(5,448,380)
Iarmhéid Fáltas ATA iníoctha leis an Roinn CO&RA (féach Nóta 21 (a))	**0**	**517,149**

3 GNÍOMHAÍOCHTAÍ CEADÚNÚCHÁIN - CRCT, DRAMHAÍL AGUS SCAOILEADH DRAMHUISCE	€	€
Táillí Ceadúnais réamhíoctha ag 1 Eanáir	2,311,183	865,454
Táillí Faighte	4,483,383	2,811,421
Lúide Aisíocaíochtaí Íoctha	(43,833)	(80,632)
Táillí Ceadúnas réamhíoctha ag 31 Nollaig (Féach Nóta 21(a))	(5,081,017)	(2,311,183)
Méid curtha chun sochair don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais	**1,669,716**	**1,285,060**

CEADÚNÚ: RIALÚ TRUAILLITHE COMHTHÁITE (CRCT) AGUS DRAMHAÍL

Faoi Alt 83 den Acht um Ghníomhaireacht Caomhnú Comhshaoil, 1992, tá an EPA freagrach as ceadúnú próiseas tionsclaíocha móra/casta nó eile a d'fhéadfadh truailliú mór eascairt astu. Faoi Alt 40 den Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996, tá an EPA freagrach as ceadúnú gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha atá á bhfeidhmiú ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha.

CEADÚNÚ: SCAOILEADH DRAMHUISCE (WWD)

Tá foráil sna Rialacháin um Scaoileadh Dramhuisce (Údarú) 2007 go ndéanfaí ceadúnú ar scaoileadh dramhuisce na nÚdarás Áitiúil. Ní mór ceadúnas a fháil ón EPA chun uisce a scaoileadh ó limistéir ina bhfuil breis agus 500 duine. Ní mór do limistéir ina bhfuil níos lú ná 500 duine teastas a fháil ón EPA. Is as táillí a ghearrtar maidir le próiseáil cheadúnais den sórt sin a fhaigheann an EPA a cuid ioncaim ceadúnúcháin.

4 GNÍOMHAÍOCHTAÍ FORFHEIDHMIÚCHÁIN - CRCT AGUS DRAMHAÍL	2008 €	2007 €
Táillí faighte agus Muirir ar Gearradh Sonrasc Orthu	7,418,901	7,689,253

Faoi Alt 96 den Acht um Ghníomhaireacht Caomhnú Comhshaoil, 1992 tá An Ghníomhaireacht freagrach as rialú próiseas tionsclaíocha móra/casta nó eile a d'fhéadfaí truailliú mór eascairt astu. Faoi Alt 15 den Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996, tá an EPA freagrach as rialú gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha atá á bhfeidhmiú ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha. Is as táillí a ghearrtar maidir leis an obair mhonatóireachta seo a fhaigheann an Ghníomhaireacht a cuid ioncaim fhorfheidhmiúcháin..

5 FÁLTAIS ILGHNÉITHEACHA	€	€
Éilimh Árachais	3,558	714
Díolacháin Foilseachán	9,034	17,317
Ilghnéitheach	224,918	99,387
	237,510	117,418

6 TUARASTAIL AGUS ÁSPC NA FOIRNE		€	€
Tuarastail		18,298,657	16,489,866
ÁSPC Fostóirí		1,441,869	1,271,100
Costas Iomlán Tuarastal		19,740,526	17,760,966
Seo a leanas líon na bhfostaithe ar an 31 Nollaig:			
	Ceanncheathrú	160	140
Cigireachtaí Réigiúnacha	Caisleán an Bharraigh	29	25
	Corcaigh	41	33
	Dublin	84	71
	Cill Chainnigh	20	16
	Muineachán	17	14
	Oifigí Réigiúnacha	8	8
		359	307

7 SPEANSAIS TAISTIL	€	€
Taisteal agus Cothabháil	1,791,544	1,717,902
Speansais Mhótarfheithiclí	148,171	126,332
Aisíocaíochtaí Taistil	(20,751)	(17,183)
	1,918,964	1,827,051

8 COSTAIS SAOTHARLAINNE AGUS ALLAMUIGH	€	€
Speansais Saotharlainne agus Allamuigh	963,178	922,554
Deisiúcháin ar Threalamh agus Cothabháil	323,704	329,372
Éadaí Cosanta	17,415	17,340
	1,304,297	1,269,266

	2008	2007
9 COSTAIS CHÓIRÍOCHTA	€	€
Cíos agus Rátaí	405,324	389,598
Cumhacht, Solas agus Téamh, Glantóireacht	546,884	499,264
Deisiúcháin, Cothabháil, Slándáil	341,134	387,715
	1,293,342	**1,276,577**

10 COSTAIS RIARACHÁIN EILE	€	€
Teileafón agus Postas	281,860	263,692
Priontáil Foilseachán agus Soláthairtí Stáiseanóireachta	633,080	534,746
Árachas	100,756	95,664
Muirir Ríomhairí agus Próiseáil Sonraí	2,556,632	2,258,100
Táillí Iniúchta	14,400	14,400
Rialachas Corparáideach agus Táillí Iniúchta Inmheánaigh	118,913	69,278
Táillí Dlí	395,161	491,082
Costais Cheapacháin Foirne	290,081	82,675
Ús agus Muirir Bhainc	3,513	4,848
Leabhair, Tréimhseacháin agus Leabharlann	49,863	93,417
Costais Forbartha agus Oiliúna Foirne	707,741	692,780
Fógraíocht	319,909	374,595
Cumarsáid	509,403	519,329
Ilghnéithigh	194,144	100,254
	6,175,456	**5,594,860**

11 COSTAIS SAINCHOMHAIRLIÚCHÁIN	€	€
Sainchomhairleoirí	462,630	242,890
	462,630	**242,890**
Is gníomhaíochtaí an chláir oibre a leanas a rinne na comhairleoirí sin a úsáid:		
Clár na Creat-Treorach Uisce	421,579	242,890
Measúnú Comhshaoil	41,051	0
	462,630	**242,890**

12 CONRAITHEOIRÍ, DEONTAIS AGUS SOLÁTHRAITHE NA SEIRBHÍSE SEACHTRAÍ	€	€
Conraitheoirí	2,785,705	1,053,460
Deontais	638,536	246,862
Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha	6,503,317	5,512,092
	9,927,558	**6,812,414**

12 Conraitheoirí, Deontais agus Soláthraithe na Seirbhíse Seachtraí	2008 €	2007 €
Is iad na príomhréimsí oibre a thabhaigh costais faoin gceannteideal ná:		
Cumarsáid agus Seirbhísí Corparáideacha	185,748	133,175
Clár na Creat-Treorach Uisce	3,835,658	2,775,394
Forfheidhmiuchán Comhshaoil	2,401,299	2,136,681
An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl	3,198,124	1,488,275
Measúnú Comhshaoil	298,692	200,304
Aeráid, Ceadúnú agus Úsáid Acmhainní	8,037	78,585
	9,927,558	**6,812,414**

13 TAIGHDE COMHSHAOIL

	€	€
Clár Taighde STRIVE	10,217,155	8,578,814
Clár Taighde um Athrú Aeráide	1,635,495	2,698,723
Íocaíochtaí an Chláir Thaighde	11,852,650	11,277,537
Ioncam Taighde Cómhaoinithe	(181,711)	(8,400)
	11,670,939	**11,269,137**

Seoladh clár taighde comhshaoil reatha an EPA ar a dtugtar STRIVE (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Taighde agus Nuálaíocht don Chomhshaol) in 2007. Tá maoiniú curtha ar fáil tríd an gClár Forbartha Náisiúnta 2007 - 2013. Tá sé d'aidhm ag an gclár STRIVE taighde a mhaoiniú a dhíreoidh ar na príomhcheisteanna bainistíochta comhshaoil, a chosnóidh agus a fheabhsóidh an comhshaol nádúrtha faoi dheoidh. I rith 2007, cuireadh tús le Clár Taighde nua um Athrú Aeráide, le maoiniú ón Straitéis Rialtais um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (SSTI).
Bhí luach **€42.655M** (2007 €38.293M) ag baint leis na ceangaltais amhail an 31 Nollaig 2008, ach nár gearradh ar na ráitis airgeadais fós i ndáil le tionscadail Taighde agus leis an miondealú a leanas:

	2008 € '000	2007 € '000
Ceangaltais Deontas Gan Réiteach amhail an 1 Eanáir	38,293	19,276
Deontais Ceadaithe i rith na bliana Íocaíochtaí	15,610	29,323
Deontas déanta i rith na bliana	(11,248)	(10,306)
Ceangaltais Gan Réiteach amhail an 31 Nollaig	**42,655**	**38,293**

Déanann na figiúirí seo costais fhorfheidhmiúcháin an EPA a eisiamh i ndáil le cláir Taighde.

14 CUNTAS CAIPITIL

Ag 1 Eanáir 2008			25,686,668
Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:			
Ioncam Leithroinnte chun críche Caipitil	Sócmhainní Seasta Breise	2,165,501	
	Chun Breiseanna Amach Anseo a Mhaoiniú	7,358,570	
	Aisíocaíocht Iasachtaí	229,609	
		9,753,680	
Lúide			
Diúscairtí		6,132,440	
Lúide dímheas roimhe sin ar dhiúscairtí		(5,890,873)	
		241,567	
Muirear dímheasa don bhliain		1,998,748	
Aistriú glan ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais			7,513,365
Ag 31 Nollaig 2008			**33,200,033**

Amhail 31 Nollaig 2007, áiríodh €10,208,570 (2007 €4,185,680) i gComhardú an Chuntais Chaipitil i leith réamhíocaíochtaí as sócmhainní seasta (féach Nóta 19 - Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí).

		2008	2007
15 ÚS FAIGHTE	€	€	€
Ús ar thaisce bainc		19,329	10,820
		19,329	10,820

16 ÚS INÍOCTHA AGUS MUIRIR CHOMHCHOSÚLA	€	€	€
Iasachtaí Bainc iníoctha le Tráthchodanna - Morgáiste ar fhoirgneamh na Ceanncheathrún		138,622	114,221
		138,622	114,221

17 CÁNACHAS

Tá an Ghníomhaireacht díolmhaithe go sonrach faoi fhorálacha Alt 32, agus Sceideal 2, den Acht Airgeadais, 1994. Dá réir sin níl aon mhuirir chánachais curtha san áireamh sna cuntais.

18 SÓCMHAINNÍ SEASTA

	Iomlán	Foirgnimh	Troscán & Feistis	TF & CF Trealamh	Lab & Field Trealamh	Mótar Fheithiclí
Costas	€	€	€	€	€	€
Ag 1 Eanáir 2008	41,775,823	23,566,871	2,312,794	4,418,388	10,485,871	991,899
Aistrithe	1,335,680	1,174,377	0	0	161,303	0
Ceannacháin	2,165,501	372,106	158,642	662,958	807,960	163,835
Coigeartuithe Stocáirimh	(6,030,019)	850	(156,695)	(2,094,169)	(3,786,377)	6,372
Diúscairtí	(102,421)	0	0	0	0	(102,421)
Ag 31 Nollaig 2008	39,144,564	25,114,204	2,314,741	2,987,177	7,668,757	1,059,685
Dímheas						
Ag 1 Eanáir 2008	17,412,021	3,323,033	1,293,104	3,903,258	8,252,576	640,050
Muirear don Bhliain	1,998,748	502,284	198,919	437,247	683,714	176,584
Coigeartuithe Stocáirimh	(5,789,650)	6,591	73,964	(2,098,916)	(3,768,473)	(2,816)
Ar Dhiúscairtí	(101,223)	0	0	0	0	(101,223)
Ag 31 Nollaig 2008	13,519,896	3,831,908	1,565,987	2,241,589	5,167,817	712,595
Glan-Luach de Réir na Leabhar						
Ag 31 Nollaig 2008	25,624,668	21,282,296	748,754	745,588	2,500,940	347,090
Ag 31 Nollaig 2007	24,363,802	20,243,838	1,019,690	515,130	2,233,295	351,849

Tógadh ceanncheathrú don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil san áit a bhfuil Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Contae Loch Garman, ar shuíomh a bhfuil a theideal dílsithe i dTeagasc. Tá an EPA i mbun cainteanna faoi láthair le léas fadtéarmach a fháil don suíomh seo ó Theagasc. Is í Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) a mhaoinigh an obair thógála ar fhoirgneamh na ceanncheathrún trí iasacht tráchtála. Maoiníonn an EPA na haisíocaíochtaí bliantúla a dhéanann an OPW. Cuirtear an ghné úis de na haisíocaíochtaí a chlúdaíonn an EPA san áireamh don bhliain ina dtagann siad chun cinn. Tá an tsócmhainn agus na socruithe maoinithe bainteacha taifeadta i leabhair an EPA chun substaint na n-idirbhearta bunúsacha a léiriú.

De réir socrú le Comhairle Contae Chorcaí, roinn an EPA foirgneamh ag Inis Cara, Contae Chorcaí ar feadh roinnt blianta, agus ghlac an EPA seilbh ar an bhfoirgneamh iomlán in 2008 trí chomhaontú. Tá aistriú dlíthiúil an áitribh ó Chomhairle Contae Chorcaí chuig an EPA á láimhseáil ag na comhairleoirí dlí faoi seach.

Thóg Oifig na nOibreacha Poiblí foirgneamh cigireachta réigiúnaí an EPA ag Lóiste Seville, Cill Chainnigh, ar shuíomh a fuarthas don EPA. Tá aistriú dlíthiúil an tsuímh chuig an EPA á phróiseáil ag Oifig na nOibreacha Poiblí trí Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

19 FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ	€	2008 €	2007 €
Féichiúnaithe		3,081,732	2,968,526
Réamhíocaíochtaí		53,948	98,011
Costais ATA le haisghabháil ó dhíolachán liúntas sa todhchaí (Féach Nóta 2(b))		569,273	0
Réamhíocaíochtaí ar Shócmhainní Seasta		10,208,570	4,185,680
		13,913,523	7,252,217

RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ AR SHÓCMHAINNÍ SEASTA:
Ar 31 Nollaig 2008 bhí réamhíocaíochtaí arb fhiú €10,208,570 (2007 €4,185,680) iad déanta faoi mar atá leagtha amach thíos. Tá na réamhíocaíochtaí seo curtha san áireamh sna suimeanna a haistríodh ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais chuig an gCuntas Caipitil.

RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ LE HOIFIG NA NOIBREACHA POIBLÍ
Bhí réamhíocaíochtaí de €10,052,000 (2007 €2,850,000) déanta le hOifig na nOibreacha Poiblí ag 31 Nollaig 2008. Bhain €9,967,000 le hathchóiriú agus forleathnú ar cheanncheathrú na Gníomhaireachta ag Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co Loch Garman agus €85,000 le hoibreacha athchóirithe ar Chigireachtaí Réigiúnacha i Muineachán agus Cill Chainnigh. Aistreofar na suimeanna sin chuig na Sócmhainní Seasta ar chríochnú na dtionscadal.

RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ AR SHÓCMHAINNÍ SEASTA EILE
Íocadh suim €143,000 le Comhairle Contae Mhaigh Eo i ndáil le spás áiléir agus obair athchóirithe eile sa Chigireacht Réigiúnach i gCaisleán an Bharraigh. Íocadh suim €13,570 i ndáil le staidéar féidearthachta innealtóireachta agus dearaí imlíneacha a ullmhú don leathnú atá beartaithe do Chigireacht Réigiúnach Richview.

Tá airgead féichiúnaithe dlite laistigh de bhliain amháin.

20 AIRGEAD AR LÁIMH AGUS SA BHANC	2008 €	2007 €
Airgead Tirim agus Iarmhéideanna Bainc	6,232,610	6,044,078

Baineann ioncam Ceadúnúcháin réamhíoctha (féach Nóta 3) le €5,081,017 na n-Iarmhéideanna Bainc ag dáta an Chláir Chomhardaithe

21 CREIDIÚNAITHE AGUS FABHRUITHE	€		
(a) Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin:		€	€
Táillí Ceadúnais (féach Nóta 3)		5,081,017	2,311,183
Fáltais cheant ATA iníoctha leis an Roinn CO&RA (féach Nóta 2 (b))		0	517,149
Speansais Trádála agus eile		4,675,630	6,248,009
Tráthchodanna dlite ar cheannach Sócmhainní Seasta		373,013	368,231
		10,129,660	9,444,572
(b) Méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin:			
Tráthchodanna dlite ar cheannach Sócmhainní Seasta		2,260,192	2,494,583

22 COSTAIS PHINSEAN

		2008	2007
	€		
(a) Anailís ar chostais phinsean iomlána gearrtha ar Chaiteachas	€	€ €	€
Costas Seirbhíse Reatha		3,527,000	4,034,000
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsean		5,552,000	4,847,000
Ranníocaíochtaí Fostaithe Faighte		(819,153)	(692,336)
		8,259,847	**8,188,664**

(b) Gluaiseacht i nDliteanas Pinsean Glan sa bhliain airgeadais	€	€ €	€
Dliteanas Pinsean Glan ag 1 Eanáir		98,328,864	98,980,000
Costas Seirbhíse Reatha		3,527,000	4,034,000
Costais Úis		5,552,000	4,847,000
(Gnóthachan) / Caillteanas Achtúireach		(10,278,000)	(7,922,000)
Pinsin íoctha i rith na bliana		(1,828,901)	(1,610,136)
Dliteanas Pinsean Glan ag 31 Nollaig		**(95,300,963)**	**(98,328,864)**

(c) Maoiniú Iarchurtha i gcomhair Pinsean €

Aithníonn an EPA gur sócmhainní a fhreagraíonn do dhliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean atá sna suimeanna sin ar bhunús na dtuairimí a dhéantar cur síos orthu thuas agus roinnt imeachtaí san am atá thart. Ar na himeachtaí seo tá an bunús reachtúil i gcomhair bhunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i leith mhaoiniú phinsin seirbhíse poiblí, ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus próiseas na meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an EPA nach leanfaidh leis an mbeartas maoinithe sin faoi chomhair suimeanna den chineál sin de réir an chleachtais reatha.

Seo a leanas an Glanmhaoiniú Iarchurtha i gcomhair Pinsean aitheanta sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	€ €	€
Maoiniú in-aisghafa maidir le costais phinsean na bliana reatha	9,079,000	8,881,000
Deontais Stáit feidhmithe chun pinsinéirí a íoc	(1,828,901)	(1,610,136)
	7,250,099	**7,270,864**

Ba é luach na sócmhainne maoinithe iarchurtha i gcomhair pinsean an 31 Nollaig 2008 ná €95.301 milliún (2007: €98.329 milliún).

(d) Stair na n-oibleagáidí leasa sainithe

	2008	2007	2006	2005	2004
	€€'000	€€'000	€€'000	€€€'000	€€€'000
Oibleagáidí leasa sainithe	95,301	98,329	98,980	80,800	65,000
Gnóthachain / (Caillteanais) Taithí ar Dhliteanais Scéime:					
Méid (€ '000)	(5,002)	(583)	(9,891)	(4,076)	0
Céatadán na nDliteanas Scéime	5%	1%	10%	5%	0

Is é an caillteanas achtúireach carnach sa Ráiteas ar Iomlán Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta €14,681,000.

22 Costais Phinsean

(e) Cur Síos Ginearálta ar na Scéimeanna

Baineann na scéimeanna le sochar sainithe de shocruithe pinsean an tuarastail deiridh agus ranníocaíochtaí atá sainithe ag tagairt do rialacháin "mhúnla" scéime na hearnála poiblí. Soláthraíonn na scéimeanna pinsean do bhaill foirne (1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce chnapshuime (3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéilí agus leanaí. Is é an Gnáthaois Scortha nuair a shroicheann an ball seasca cúig bliana d'aois, agus tá teidlíocht ag baill roimh 2004 dul ar scor ó aois 60 gan laghdú achtúireach ar bith. Soláthraíonn na scéimeanna pinsean do chomhaltaí an Bhoird (1/48 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce chnapshuime (1/32 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéilí agus leanaí. Tá comhaltaí an Bhoird i dteideal imeacht ar scor nuair a thagann deireadh lena gconradh. Glactar leis go mbeidh méadú ar phinsin iníoctha (agus iarchur) ag teacht le boilsciú an tuarastail go ginearálta.

Bhí an luacháil a úsáideadh do nochtaithe FRS 17 (Leasaithe) bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach an 7 Aibreán 2009 ó achtúire cáilithe neamhspleách agus riachtanais an FRS á gcur san áireamh d'fhonn dliteanais na scéime a mheasúnú amhail an 31 Nollaig 2008.

Seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:	2008	2007
Ráta méadaithe tuarastal	3.50%	4.25%
Ráta méadaithe maidir le híocaíocht pinsean	3.50%	4.25%
Ráta lascaine	5.75%	5.50%
Ráta boilscithe	2.00%	2.50%

Ceadaíonn an bonn básmhaireachta a úsáidtear go follasach do fheabhsúcháin in ionchas saoil sa todhchaí, ar bhealach ina mbeidh ionchas saoil ag aois scortha ag brath ar an mbliain ina mbaintear amach aois scortha (aois 65). Léiríonn an tábla thíos an t-ionchas saoil do bhaill a bhaineann aois 65 amach in 2008, 2028 agus 2048.

An bhliain ina mbaintear aois 65 amach	2008	2028	2048
Ionchas saoil - fireann	86.5	89.4	91.4
Ionchas saoil - baineann	88.2	90.5	92.3

(f) Nochtaithe FRS 17 Leasaithe

Cuireadh faisnéis faoi phinsin i láthair ag teacht leis na ceanglais nochtaithe nua atá riachtanach ón 2008 faoin leasú ar FRS 17.

23 FIGIÚIRÍ COMPARÁIDEACHA

Tá roinnt athruithe déanta ar an gcaoi a gcuirtear rudaí i láthair sna ráitis airgeadais agus rinneadh na figiúirí comparáideacha a athlua nuair ba ghá sin ar bhealach atá comhsheasmhach le cur i láthair na bliana reatha. Ach go háirithe, tharla breis anailíse ar Shainchomhairleoirí, agus Chonraitheoirí, Dheontais agus Soláthraithe na Seirbhíse Seachtraí agus athdháileadh ar fhigiúirí comparáideacha 2007 dá réir.

24 LEASANNA BHAILL AN BHOIRD

Tá modhanna oibre maidir le teacht ar chinnidh glactha ag an nGníomhaireacht de réir an Achta um Ghníomhaireacht Caomhnú Comhshaoil, 1992, agus de réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus na rialacháin a ritheadh faoi. Lean an EPA na nósanna imeachta sin i gcaitheamh na bliana.

25 GLACADH LE RÁITIS AIRGEADAIS

Ghlac an Bord Stiúrthóirí leis na Ráitis Airgeadais an 23 Meán Fomhair 2009.

Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Ceanncheathrú

Bosca Poist 3000
Eastát Chaisléan Bhaile Sheáin
Contae Loch Garman, Éire

T +353 53 916 0600
F +353 53 916 0699
E info@epa.ie
LoCall 1890 33 55 99

www.epa.ie

Cigireacht Réigiúnach
Teach Mhic Chumascaigh
Dea-Radharc, Bóthar Cluain Sceach
Baile Átha Cliath 14, Éire

T +353 1 268 0100
F +353 1 268 0199

Cigireacht Réigiúnach
Inis Cara, Contae Chorcaí, Éire

T +353 21 487 5540
F +353 21 487 5545

Cigireacht Réigiúnach
Lóiste Sevilla,
Bóthar Challainn,
Cill Chainnigh, Éire

T +353 56 779 6700
F +353 56 779 6798

Cigireacht Réigiúnach
Bóthar Shéan de Mórdha,
Caisléan an Bharraigh,
Contae Mhaigh Eo, Éire

T +353 94 904 8400
F +353 94 902 1934

Cigireacht Réigiúnach
An Gleann, Muineachán, Éire

T +353 47 77600
F +353 47 84987

Oifigí Reígiúnacha

Annabella, Mala
Co. Chorcaí, Éire
Teil: +353 22 43865

An Lárionad Cathrach
Sráid na hEaglaise, Áth Luan
Co. na hIarmhí, Éire
Teil: +353 906 475722

Coláiste Mhungairit
Muangairit, Co. Luimnigh
Éire
Teil: +353 61 227900

11 Lána Rosemount
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall, Éire
Teil: +353 74 22274

ISBN 978-1-84095-304-6

Clóbhuailte ar Fedrigoni Symbol Satin, páipéar cúntach don chomhshaol.